Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10566/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0284(COD)**

**CODEC 1187**
**ENV 734**
**ENT 146**
**MI 637**
**PE 89**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE<br>– An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 15 go dtí an 18 Meitheamh 2026) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla le haghaidh nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin togra seo ar an gcéad léamh.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

Sa chomhthéacs sin, chuir Cathaoirleach an Choiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (ENVI), Pierfrancesco MARAN (S&D, IT), agus Cathaoirleach an Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO), Anna CAVAZZINI (Na Glasaigh/SCE, DE), thar ceann ENVI agus IMCO faoi seach, leasú comhréitigh (leasú uimhir 428) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin i láthair, a raibh dréacht-tuarascáil ullmhaithe ina leith ag Jens GIESEKE (EPP, DE) agus Paulius SAUDARGAS (EPP, LT).

Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Ina theannta sin, chuir an grúpa polaitiúil ‘Eoraip na Náisiún Ceannasach’ (ESN) ceithre leasú síos (leasuithe uimhir 422 go 427).

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáladh ag an suí iomlánach an 18 Meitheamh 2026, glacadh an leasú comhréitigh (leasú uimhir 428) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Níor glacadh aon leasuithe eile. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D’fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘▌’ a léirítear téacs a scriosadh.

**IARSCRÍBHINN**

**(18/06/2026)**

## P10_TA(2026)0227

## Ceanglais chiorclaíochta maidir le dearadh feithiclí agus bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/858 agus 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE (COM(2023)0451 – C9-0308/2023 – 2023/0284(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0451),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0308/2023),

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an mbunús dlí atá beartaithe,

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) agus d'Airteagal 114 agus d'Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Nollaig 2023[1],

– tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach arna fhormheas de bhun Riail 75(4) dá Rialacha Nós Imeachta ag na coistí freagracha, agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 25 Feabhra 2026 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

---

[1] IO C, C/2024/1593, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1593/oj.

– ag féachaint do Rialacha 60 agus 41 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do chomhphléití ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra faoi Riail 59 de na Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A10-0158/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é[2];

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[2] Tá an seasamh seo ag gabháil in ionad na leasuithe a glacadh an 9 Meán Fómhair 2025 (Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0168).

**P10_TC1-COD(2023)0284**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 18 Meitheamh 2026 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2026/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena leasaítear Rialacháin *(AE) Uimh. 168/2013*, (AE) 2018/858, (AE) 2019/1020 agus (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 ***agus Airteagal 192(1) de i ndáil le hAirteagail 14 go 36 den Rialachán seo***,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún~~[2]~~,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

[1] IO C, …, ELI: ….

~~[2] IO C, …, ELI: ….~~

[3] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an 18 Meitheamh 2026.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teidealthe European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip] straitéis nua fáis na hEorpa arb é is aidhm di sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de, áit nach mbeidh aon ghlanastaíocht gás ceaptha teasa ann faoi 2050 ***ar a dhéanaí*** agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní. Chun gur féidir le beartais táirge an Aontais cur le hastaíochtaí carbóin a ísliú ar an leibhéal domhanda, ní mór a áirithiú go ndéantar táirgí a mhargaítear agus a dhíoltar san Aontas a fhoinsiú, a mhonarú agus a chóireáil nuair a bheidh siad a bhfuil a ré caite ar shlí inbhuanaithe.

(2) Is rannchuiditheoir tábhachtach í an earnáil mótarfheithiclí le húsáid na n-acmhainní fuinnimh agus ábhair ag an Aontas, agus le giniúint gás ceaptha teasa dá réir. Cuireann táirgeadh na bhfeithiclí i dtríú tíortha a chuirtear ar mhargadh an Aontais, le gáis ceaptha teasa dhomhanda a ghiniúint, rud ag a mbíonn tionchar comhshaoil diúltach ar an Aontas. Tá aistriú ó úsáid na mbreoslaí iontaise i bhfeithiclí go dtí an tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, dá bhforáiltear sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' ar cheann de na réamhriachtanais chun an sprioc aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050. Laghdóidh an t-aistriú sin na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mótarfheithiclí atá nasctha le céim úsáide na bhfeithiclí. Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí alúmanaim, cruach agus plaisteach príomhúil is mó dá bhfuil ann, atá nasctha le monarú na bhfeithiclí nua a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Is féidir tionchar comhshaoil suntasach a bheith i gceist leis sin, atá nasctha leis an bhfuinneamh is gá chun na hábhair sin a eastóscadh agus a phróiseáil. D'fhéadfadh an lorg comhshaoil atá nasctha le monarú na bhfeithiclí nua dul i méid le leictriú leanúnach an fhlít, ***leis an bhfás leanúnach ar mhéid agus ar mheáchan na bhfeithiclí,*** agus i ngeall ar úsáid níos forleithne as leictreonaic i gcineálacha feithicle amach anseo ***agus ar chastacht*** na leictreonaice sin, ar gá le haghaidh an dá cheann sin méid nach beag d'amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha agus de mhiotail lómhara, amhail copar agus dúile tearc-chré. Is é toradh na n-athruithe sin go bhféadfadh lorg comhshaoil níos mó a bheith ag an gcéim táirgthe ná céim úsáide feithiclí***, agus go bhféadfadh tionscal na Eorpa a bheith ag brath níos mó agus níos mó ar allmhairí amhábhar criticiúil agus a bheith soghonta do shuaitheadh soláthair, chun dochar dá iomaíochas***.

Ina theannta sin, as na ceanglais atá i bhfeidhm faoi láthair i ndlí an Aontais maidir leis an mbainistiú dramhaíola, eascraíonn aisghabháil fho-optamach acmhainní as feithiclí a bhfuil a ré caite, agus tá an-acmhainneacht ann méadú a dhéanamh ar chainníocht agus ar cháilíocht na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá le ***deisiú,*** le hathúsáid, le hathmhonarú, le hathchóiriú, le hiarfheistiú nó le hathchúrsáil ó fheithiclí le linn na céime úsáide ***agus ó fheithiclí*** a bhfuil a ré caite. Chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin ar an gcomhshaol agus chun rannchuidiú le dícharbónú na hearnála***, agus chun tacú leis an iomaíochas trí athléimneacht thionscal na ngluaisteán a mhéadú***, is gá feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus aistriú na hearnála mótarfheithiclí chuig geilleagar ciorclach a fheabhsú. Tá sé sin i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 maidir le Plean Gníomhaíochta Nua don Gheilleagar Ciorclach – Chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach lenar iarradh athbhreithniú ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair chun samhlacha gnó níos ciorclaí a chur chun cinn trí shaincheisteanna dearaidh a nascadh leis an gcóireáil a bhfuil a ré caite, rialacha maidir le cion athchúrsáilte sainordaitheach a mheas le haghaidh ábhair áirithe, agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht athchúrsála. ***Tá sé sin i gcomhréir freisin le Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].*** Chuir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i dtábhacht an gá le rialacha nua chomh maith ón Aontas maidir leis na hábhair sin, le hathsholáthar na rialacha reatha maidir le feithiclí a chineálcheadú ó thaobh a n-in-athúsáidteachta, a n-in-athchúrsáilteachta agus a n-in-aisghabháltachta de agus maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite.

---

[4] ***Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj).***

(3) Le Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], cuirtear ar bun ceanglais chóireála chomhchuibhithe i gcás feithiclí a bhfuil a ré caite agus spriocanna i gcás athúsáid agus athchúrsáil feithiclí chomh maith le hathúsáid agus aisghabháil feithiclí. Bunaítear oibleagáidí léi maidir le bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite, mar aon le hoibleagáidí le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, agus úsáid na miotal trom i bhfeithiclí á srianadh go háirithe. Cruthaítear léi bunrialacha freisin maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, lena gceanglaítear ar tháirgeoirí feithiclí cuid de na costais a chumhdach i dtaca le bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite.

(4) Cuireadh i dtábhacht sa mheastóireacht ón gCoimisiún ar Threoir 2000/53/CE go raibh an Treoir éifeachtach ó thaobh roinnt mhaith dá cuspóirí tosaigh a bhaint amach, go háirithe deireadh a chur le caidmiam, luaidhe, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach i bhfeithiclí, méadú ar phointí bailiúcháin le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite agus na spriocanna aisghabhála agus athchúrsála a ghnóthú. Fuarthas sa mheastóireacht, áfach, nár tugadh aghaidh go leordhóthanach leis an Treoir sin ar shaincheisteanna tábhachtacha atá nasctha le bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite agus nach raibh an Treoir sin oiriúnaithe a thuilleadh chun ardcháilíocht chóireála na bhfeithiclí sin a áirithiú.

---

5 Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 269, 21.10.2000, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/53/oj).

(5) Le Treoir 2005/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,[6] rialáiltear cineálcheadú na bhfeithiclí i dtaca lena n-ath-inúsáidteacht, lena n-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabh____________háltacht, chun go bhféadfadh na feithiclí sin na spriocanna a bhunaítear i dTreoir 2000/53/CE a chomhlíonadh nuair a bheidh siad a bhfuil a ré caite. Mar sin féin, ní raibh Treoir 2005/64/CE éifeachtach maidir le feabhas a chur ar in-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht ná in-aisghabháltacht na bhfeithiclí nua agus níl sí oiriúnaithe do thréithe feithiclí nua, a bhfuil athrú nach beag tagtha orthu ó tháinig Treoir 2005/64/CE i bhfeidhm.

[6] Treoir 2005/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí maidir lena n-in-athúsáidteacht, lena n-in-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabhálacht agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 310, 25.11.2005, lch. 10 ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/64/oj).

(6) Le Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], tugadh isteach córas cuimsitheach cineálcheadaithe agus faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí, leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh na bhfeithiclí sin, d'fhonn feidhmiú ceart an mhargaidh aonair a áirithiú agus chun ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a thairiscint. Tá gá le gníomh rialála ar leithligh chun críocha nós imeachta cineálcheadaithe an Aontais a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Is gá, mar sin, forálacha agus ceanglais a leagan síos maidir le ciorclaíocht na bhfeithiclí atá i mbun cineálcheadú an Aontais a fháil. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh feithiclí na ceanglais sin, is gá a bhfíorú i bpróiseas cineálcheadaithe an Aontais a áirithiú. Forálacha riaracháin Rialachán (AE) 2018/858, lena n-áirítear na forálacha maidir leis an bhfaireachas margaidh, bearta ceartaitheacha, ***clásail choimirce,*** agus pionóis, tá feidhm acu maidir le cineálcheaduithe a eisítear i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo.

---

7 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

(7) ***Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir cineálcheaduithe reatha agus cineálcheaduithe nua. Mar sin, is gá a shoiléiriú cé na forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le cineálacha nua feithiclí faoi Rialachán (AE) 2018/858. Mar sin, ba cheart a shoiléiriú nach n-éilíonn leasuithe ar an gcineálcheadú síneadh ar chineálcheadú faoin Rialachán sin go córasach.***

(8) Chun feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á áirithiú an tráth céanna, tá sé fíor-riachtanach na coinníollacha maidir le cineálcheadú na bhfeithiclí a chomhchuibhiú a mhéid a bhaineann lena n-in-athúsáidteacht, lena n-in-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabháltacht, ▌ céim táirgthe ▌ feithiclí, ***measúnú stádais na feithicle agus onnmhairiú feithiclí athláimhe. Chun cur leis na cuspóirí chun cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, agus úsáid stuama agus réasúnach acmhainní nádúrtha, tá sé fíor-riachtanach rialacha a leagan síos maidir le bainistiú feithiclí*** a bhfuil a ré caite***, agus dearadh na feithicle á chur i gcuntas, chomh maith le bearta arb é is aidhm dóibh díchóimeáil neamhdhleathach a chosc amhail inrianaitheacht níos fearr i gcás aistriú úinéireachta*** feithiclí ***athláimhe*** ▌**.** Is é an bealach is éifeachtúla chun aistriú na hearnála mótarfheithiclí chuig geilleagar ciorclach a éascú dá bhrí sin creat rialála aonfhoirmeach a bhunú ar leibhéal an Aontais, lena gcumhdófar ar bhealach comhsheasmhach agus comhtháite dearadh, monarú, cur ar an margadh san Aontas agus cóireáil na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite. Tá sé sin fíor-riachtanach freisin chun margadh an Aontais a fhorbairt le haghaidh amhábhair thánaisteacha a áirítear i bhfeithiclí nua a chuirtear ar an margadh, mar aon le bacainní roimh an trádáil agus saofaí iomaíochta a sheachaint, an tsoiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus feabhas a chur ar fheidhmíochtaí comhshaoil na n-oibreoirí eacnamaíocha uile atá rannpháirteach i ndearadh, táirgeadh agus cóireáil na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach ▌, ba cheart Rialachán a chur in ionad Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE, bunaithe ar Airteagal 114 ***agus Airteagal 192(1) den Chonradh*** ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

***(9) Sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann oibleagáidí táirgeoirí a oiriúnú chun seirbhís a ráthú agus na costais a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil a ré caite a chumhdach ag féachaint do shaintréithe na réigiún sin.***

(10) Ní bheidh feidhm ag Treoracha 2000/53/CE ná 2005/64/CE ach amháin maidir le feithiclí paisinéirí ($M_1$) agus feithiclí tráchtála éadroma ($N_1$), arb iad sin thart faoi ***85*** % de na feithiclí uile dá bhfuil cláraithe san Aontas. Ní bheidh na feithiclí eile, is é sin feithiclí dhá agus trí rotha, ***cuadrothair,*** leoraithe, busanna agus leantóirí, faoi réir aon reachtaíocht ón Aontas maidir lena n-éicidhearthóireacht ná maidir lena mbainistiú ina gcéim deireadh ré. Mar sin, chun creat ***ciorclach cuimsitheach*** a áirithiú le haghaidh na bhfeithiclí uile atá cláraithe san Aontas, lena n-áirítear iad a chóireáil ar shlí atá fónta ó thaobh an chomhshaoil, mar aon le hilroinnt an mhargaidh aonair a chosc, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ní hamháin maidir le feithiclí de chatagóirí $M_1$ and $N_1$, ach, go páirteach, maidir le feithiclí áirithe de chatagóir L ▌, feithiclí tromshaothair agus a leantóirí ($M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O). Tá easpa faisnéis chuimsitheach ann maidir le cóireáil na bhfeithiclí sin i ndeireadh a ré san Aontas, rud a chuireann cosc ar an gcóras céanna a chur i bhfeidhm orthu agus atá i bhfeidhm ar fheithiclí de chatagóir $M_1$ agus $N_1$ ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite, seachadadh éigeantach na bhfeithiclí sin chun saoráidí cóireála údaraithe lena gcóireáil mar aon lena ndíthruailliú, ***baint shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna áirithe lena n-athúsáid agus lena n-athchúrsáil roimh an mionghearradh agus na coinníollacha chun dramhaíl neamhthámh ó mhionghearradh a chur i líonadh talún***, maidir le feithiclí de chatagóir L ▌ agus feithiclí tromshaothair agus a leantóirí ($M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O). Chun cóireáil na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite sin a éascú, ba cheart a cheangal ar a monaróirí faisnéis a sholáthar faoi bhaint agus faoi athsholáthar na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar ó na feithiclí sin. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha lena rialaítear an fhreagracht leathnaithe táirgeora maidir leis na catagóirí feithiclí sin, lena gcumhdaítear costais a mbailithe agus a ndíthruaillithe i ndeireadh a ré.

***(11) Ós rud é nach n-éilíonn gach Ballstát go gclárófaí feithiclí de chatagóir L1e, L2e nó L6e, is gá an deis a thabhairt do na Ballstáit na catagóirí feithiclí sin a dhíolmhú ó cheanglais atá nasctha le clárú.***

(12) Ní le feithiclí paisinéirí ($M_1$) ná le feithiclí tráchtála éadroma ($N_1$) amháin a bhaineann fadhbanna le feithiclí athláimhe a onnmhairiú, ach mar a léiríonn staidéir, le feithiclí atá níos mó freisin. Mar sin, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le feithiclí tromshaothair agus lena leantóirí freisin ($M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O).

***(13) Ba cheart feithiclí a dheartar agus a dhéantar nó a oiriúnaítear lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha amháin chomh maith le feithiclí a dheartar agus a dhéantar lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun agus ag seirbhísí éigeandála leighis a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Freastalaíonn na feithiclí sin ar shainfheidhmeanna oibríochtúla agus tá siad faoi réir ceanglais theicniúla shonracha, agus tá difríocht shuntasach idir dearadh, déanamh agus úsáid na bhfeithiclí sin agus dearadh, déanamh agus úsáid feithiclí atá ceaptha le haghaidh iompar ginearálta de bhóthar. Níorbh iomchuí, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm na gceanglas ciorclaíochta ginearálta maidir le dearadh feithiclí agus bainistiú na bhfeithiclí sin a bhfuil a ré caite agus tá a n-eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo comhsheasmhach le cineál sonrach a bhfeidhmeanna.***

*(14)* *Chun oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú, ba cheart feithiclí ar díol spéise staire iad a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo agus níor cheart iad a bheith faoi réir na n-oibleagáidí a bhaineann le haistriú nó onnmhairiú úinéireachta, ná faoi réir ceanglais deireadh ré. Sa tslí chéanna, ba cheart feithiclí a n-aithníonn Ballstát go bhfuil mórspéis chultúrtha ag baint leo a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Is féidir leis seo feithiclí a chlúdach, mar shampla atá i seilbh bailitheoirí nó músaeim, feithiclí saincheaptha nó feithiclí rásaíochta, ar choinníoll go n-aithníonn na húdaráis inniúla go bhfuil mórspéis chultúrtha ag baint leo. Ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais an Rialacháin seo, áfach, amhail ceanglais deartha ciorclaíochta, maidir leis na feithiclí sin sula meastar gur feithiclí ar díol spéise staire nó feithiclí mórspéise cultúrtha iad. Thairis sin, nuair nach measann na Ballstáit a thuilleadh gur feithiclí ar díol spéise staire nó feithiclí mórspéise cultúrtha iad na feithiclí sin, tagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo agus ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais amhail oibleagáidí a bhaineann le haistriú úinéireachta, onnmhairiú nó deireadh ré.*

*(15)* *Chun ualach riaracháin iomarcach a sheachaint agus chun a áirithiú go gclúdaíonn raon feidhme an Rialacháin seo riachtanais an mhargaidh inmheánaigh, ba cheart go bhfanfadh cineálacha eile feithiclí, amhail feithiclí de chatagóir L a tháirgtear i sraitheanna beaga nó timthriallta áirithe atá deartha chun troitheán a oibriú ar chatagóir L1e-A agus L1e-B, lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo.*

(16) ***Ceaptar feithiclí sainchuspóireacha chun feidhm shonrach a chomhlíonadh agus tá socruithe cabhalra speisialta ag teastáil uathu nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an mhonaróra. Bíonn ríomh na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta níos casta mar gheall air sin. I gcás feithiclí sainchuspóireacha i gcatagóirí $M_1$ agus $N_1$, ba cheart do tháirgeoirí costais bailithe, díthruaillithe agus bhaint shainordaitheach na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna agus a gcóireáil a chumhdach faoin scéim freagrachta leathnaithe táirgeora. I gcás feithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O, níor cheart ach sraith theoranta rialacha a bheith i bhfeidhm. Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha maidir le substaintí ar ábhar imní iad i bhfeithiclí maidir le feithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_1$ agus N, mar atá faoi Threoir 2000/53/CE. Ba cheart páirteanna eile d'fheithicil shainchuspóireach*** a cineálcheadaíodh i gcineálcheadú ilchéimneach***, a chumhdach sa mhéid chéanna agus catagóir na feithicle lena mbaineann***. Níor cheart ***feithiclí sainchuspóireacha de gach catagóir seachas catagóir $M_1$ agus $N_1$ a tháirgeann monaróir ísealtáirgeachta a chumhdach faoin*** Rialachán seo.

*(17)* ***Tá carbháin mhótair agus carbháin leantóra éagsúil ó ghnáthfheithiclí nó gnáthleantóirí, ós é an phríomhfheidhm atá acu cóiríocht seachas iompar. Tógtar na carbháin sin le comhpháirteanna neamhghluaisteán amhail adhmad, troscán, córais uisce agus córais leictreacha tí, atá lasmuigh de raon feidhme saoráidí athchúrsála feithiclí. Socraítear go leor carbháin leantóra go buan mar thithe saoire, úsáidtear iad i gcomhair cóiríocht shéasúrach, agus fanann siad feidhmiúil ar feadh na mblianta. I bhfianaise a gcineáil shainchuspóirigh, a gcomhdhéanaimh ábhair shainiúil, agus a n-úsáide leanúnaí, ba cheart carbháin leantóra a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart carbháin mhótair, a bhíonn neamhchláraithe go minic, a aicmiú mar fheithiclí a bhfuil a ré caite fad a leanann siad de bheith ag fónamh mar thithíocht. Tá páirteanna agus comhpháirteanna ina mbonnfheithiclí ag carbháin mhótair a úsáidtear freisin i bhfeithiclí eile agus, dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith faoi réir na n-oibleagáidí céanna a luaithe nach n-úsáidtear chun críoch tithíochta iad a thuilleadh.***

(18) Baineann ceann de na dúshláin phraiticiúla is mó i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir 2000/53/CE lena chinneadh cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil feithicil ina feithicil a bhfuil a ré caite, go háirithe i gcásanna loingsithe feithiclí trasteorann. D'ainneoin treoir a bheith eisithe maidir leis an tsaincheist sin, baineann fadhbanna leis an measúnú sin fós. Is gá dá bhrí sin foráil a dhéanamh do chritéir bheachta atá ceangailteach ó thaobh an dlí de lena bhféadfar feithicil a bhfuil a ré caite a chinneadh. Ba cheart do na ***húdaráis inniúla ábhartha*** uile, na hoibreoirí eacnamaíocha uile agus na húinéirí feithiclí uile, a dhéileálann le feithiclí a bhfuil a ré caite, na critéir sin a úsáid. ***Ina theannta sin, áfach, ní mór foráil a dhéanamh do dhíolúintí chun go mbeidh na Ballstáit fós in ann cásanna a chinneadh nár cheart a mheas go dtiocfadh feithiclí aonair faoi raon feidhme an Rialacháin seo mar gheall ar a stádas mar fheithicil mórspéise cultúrtha speisialta fad a choinníonn siad an stádas sin. Ina theannta sin, féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit feithicil a dhíolmhú ó stádas na feithicle a bhfuil a ré caite nuair atá an fheithicil lena mbaineann faoi réir deisiú, ar iarraidh a fháil óna húinéir.***

(19) Leis an meastóireacht ar Threoir 2000/53/CE, cinneadh go raibh tionchar an-teoranta ag na forálacha sa Treoir sin maidir le dearadh feithiclí a bhí dírithe ar dhíchóimeáil na bhfeithiclí a éascú agus ar ghlacadh na n-ábhar athchúrsáilte, ar dhearadh agus ar mhonarú na bhfeithiclí nua, toisc nach raibh na forálacha sin sách mionsonrach, sonrach agus intomhaiste.

(20) Chun aghaidh a thabhairt ar dhearadh na bhfeithiclí uile a chuirtear ar mhargadh an Aontais chomh maith lena gcéim deireadh ré, is gá ceanglais chiorclaíochta chomhchuibhithe a bhunú arna bhfíorú ag céim an chineálcheadaithe. Tá sé fíor-riachtanach feithiclí a dhearadh agus a mhonarú chun a áirithiú go bhfuil a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna in-athúsáidte, agus go bhfuil na hábhair atá iontu in-athchúrsáilte, chun a sheachaint nach féidir luach ceart a chur ar na páirteanna, na comhpháirteanna ná na hábhair sin nuair a bheidh ré feithicle caite. Mar sin, ba cheart do mhonaróirí agus dá soláthróirí straitéisí deartha a chomhtháthú a chuirfidh feabhas ar an in-athúsáidteacht agus ar an in-athchúrsáilteacht ag céim luath i bhforbairt feithiclí nua. Dá réir sin, ba cheart leanúint de chineálacha nua feithicle a dhéanamh ionas go mbeidh íosmhéid 85 % de réir maise díobh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte agus suas le híosmhéid 95 % de réir maise díobh in-athúsáidte nó in-aisghabhála, dá bhforáiltear cheana féin i dTreoir 2005/64/CE. Chun a áirithiú go ríomhfar na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta ar shlí aonfhoirmeach agus gur féidir faireachán a dhéanamh air sin, ba cheart modheolaíocht nua a bhunú chun rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta feithicle a ríomh agus a fhíorú. Ba cheart léiriú níos fearr a dhéanamh leis an modheolaíocht sin ar acmhainneacht iarbhír feithicle nua a bheidh le hathchúrsáil, le hathúsáid agus le haisghabháil tráth a bheidh a ré caite, agus an dul chun cinn teicneolaíoch leanúnach á chur i gcuntas. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun an Rialacháin seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an mhodheolaíocht sin a bhunú, ***agus caighdeán idirnáisiúnta ISO 22628:2002 á chur i gcuntas***. Go dtí go mbunófar an mhodheolaíocht sin, ba cheart leanúint de na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabháltachta a ríomh i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta ISO 22628:2002, mar a dhéantar i dTreoir 2005/64/CE. ***Ba cheart don Choimisiún féachaint lena chinntiú go ndéanfar modheolaíocht ábhartha Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) a uasdátú dá réir sin, chun neamhréireachtaí le modheolaíocht an Aontais a sheachaint agus chun an t-ualach ar mhonaróirí a laghdú.***

*(21) Tá líon mór soláthróirí i gceist le slabhra soláthair na mótarfheithiclí, lena n-áirítear go leor fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a oibríonn i réigiúin éagsúla agus a bhfuil struchtúir eagraíochtúla éagsúla acu. Cé gur cheart do mhonaróirí faisnéis a bhailiú ar fud an tslabhra soláthair faoi na hábhair a úsáidtear i bhfeithiclí agus nósanna imeachta a bhunú agus a chur chun feidhme chun cruinneas na faisnéise sin a fhíorú, ba cheart dóibh acmhainneachtaí FBManna a chur i gcuntas. Is minic nach mbíonn ach acmhainní riaracháin teoranta ag FBManna, is minic a bhíonn níos lú uirlisí teicniúla acu agus, i gcásanna áirithe, is minic nach mbíonn aon chóras bunaithe acu chun sonraí mionsonraithe maidir leis an gcomhshaol nó maidir le comhdhéanamh ábhair a ghiniúint nó a fhíorú. Féadfaidh na srianta sin difear a dhéanamh d'infhaighteacht agus d'iomláine na faisnéise is féidir le FBManna a sholáthar. Dá réir sin, agus measúnú á dhéanamh ar nósanna imeachta na monaróirí chun faisnéis faoi sholáthróirí a bhailiú agus a fhíorú, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chás sonrach FBManna sa slabhra soláthair.***

*(22) Is colún bunúsach de gheilleagar mótarfheithiclí atá fíor-inbhuanaithe agus ciorclach é indeisitheacht feithiclí a áirithiú ar feadh a saolré. Níor cheart feithiclí a aicmiú roimh am mar fheithiclí a bhfuil a ré caite nuair a bheidh siad fós indeisithe, ó bheadh dramhaíl neamhriachtanach, neamhéifeachtúlachtaí eacnamaíocha, agus ualach míchuí ar úinéirí feithiclí mar thoradh air sin.***

(23) Ba cheart feithiclí a dhearadh agus a mhonarú ar shlí a gcuirfeadh teorainn le láithreacht substaintí ar ábhar imní iad. I dteachtaireacht an 14 Deireadh Fómhair 2020 uaidh dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí], shonraigh an Coimisiún go raibh substaintí ar ábhar imní iad le híoslaghdú agus le hionadú a mhéid is féidir, agus go bhfuil deireadh le cur de réir a chéile leis na cinn is díobhálaí le haghaidh úsáid shochaíoch neamhriachtanach, go háirithe i dtáirgí tomhaltais. Dá réir sin, ba cheart substaintí ar ábhar imní iad mar chomhábhair d’ábhair a úsáidtear i bhfeithiclí nó d’aon cheann de na páirteanna nó de na comhpháirteanna feithiclí a íoslaghdú a mhéid is féidir chun a áirithiú nach mbíonn drochthionchar ag feithiclí, chomh maith le hábhair a athchúrsáiltear ó fheithiclí, ar an gcomhshaol ná ar shláinte an duine, ar feadh a saolré.

(24) Le Treoir 2000/53/CE, cuirtear srian cheana féin ar úsáid luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí agus soláthraítear díolúintí, i gcás ina gceadaítear na substaintí sin a úsáid i bhfeidhmeanna áirithe. Ba cheart an Rialachán seo na rialacha reatha sin a ghlacadh chuige féin. Mar sin féin, chun comhleanúnachas na reachtaíochta maidir le ceimiceáin a áirithiú, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shrianta maidir le cur ar an margadh agus úsáid substaintí eile i bhfeithiclí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Sa tslí chéanna, ba cheart srianta ar úsáid na substaintí a rialáiltear le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] a ***urramú*** ar bhonn fhorálacha an Rialacháin sin. ▌

---

[8] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

[9] Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha (IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj).

(25) ***Chun comhlíonadh an Rialacháin seo a éascú agus treoir a thabhairt ar shubstaintí ar ábhar imní iad a bheith i bhfeithiclí agus ina bpáirteanna agus ina gcomhpháirteanna, lena n-áirítear iad siúd a bhacann athúsáid agus athchúrsáil ábhar, nó a bhfuil éifeachtaí díobhálacha acu ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol, is iomchuí don Choimisiún measúnú agus mapáil a dhéanamh ar na substaintí sin. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ('an Ghníomhaireacht'), tuarascáil a ullmhú ar shubstaintí ar ábhar imní iad a bheith i bhfeithiclí. Ba cheart a shainaithint sa tuarascáil sin a mhéid a bhacann na substaintí sin athúsáid agus athchúrsáil nó a mhéid a dhéanann siad dochar don tsláinte nó don chomhshaol, gan measúnuithe a cheanglaítear cheana féin faoi reachtaíocht eile an Aontais a dhúbláil. Ar bhonn a torthaí, ba cheart don Choimisiún bearta leantacha iomchuí a mheas agus a dhéanamh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun ceanglais faisnéise agus srianta a bhunú i gcás substaintí ar ábhar imní iad a mbíonn tionchar diúltach acu ar athúsáid agus athchúrsáil ábhar ar chúiseanna nach mbaineann go príomha le sábháilteacht cheimiceach.***

(26) Soláthraítear i dTreoir 2000/53/CE díolúintí ó na srianta ar úsáid luaidhe agus caidmiam i gceallraí a úsáidtear i bhfeithiclí, a nglacann an Rialachán seo chuige. Mar sin féin, déantar úsáid na substaintí i gceallraí a rialáil go cuimsitheach i Rialachán (AE) ***2023/1542*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10]. Dá bhrí sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na substaintí sin sa Rialachán sin, agus ba cheart na srianta agus na díolúintí a bhaineann leo a aistriú le himeacht ama, de réir mar is iomchuí, chuig an Rialachán sin ***trí fhoráil leasaitheach a leagtar amach*** sa Rialachán seo. ▌

---

[10] Rialachán ***(AE) 2023/1542*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ***12 Iúil*** 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L ***191, 28.7.2023, lch. 1***, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

(27) Chun an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil a chur i gcuntas, ba cheart leanúint den chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasú a dhéanamh ar dhíolúintí ó shrianta ar úsáid luaidhe, mearcair, caidmiam agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí faoin Rialachán seo. Roimh na díolúintí sin a mhodhnú nó a scriosadh, ba cheart tionchair shocheacnamaíocha an athraithe sin a mheasúnú, atá ar iarraidh i dTreoir 2000/53/CE, lena n-áirítear infhaighteacht na substaintí malartacha a mheas mar aon leis na tionchair ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine ar feadh shaolré na bhfeithiclí. ***Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe den sórt sin, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le saineolaithe agus geallsealbhóirí ábhartha chun a áirithiú go gcuirfear tionchair shocheacnamaíocha níos leithne i gcuntas, mar aon leis na héifeachtaí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine.*** Chun cinnteoireacht, comhordú agus bainistíocht éifeachtach a áirithiú i leith na ngnéithe teicniúla, eolaíocha agus riaracháin a bheidh i gceist leis an Rialachán seo a leasú maidir le srianta ar úsáid substaintí i bhfeithiclí, ba cheart don Ghníomhaireacht cúnamh a thabhairt don Choimisiún sa mheasúnú sin.

(28) Chun an chiorclaíocht san earnáil mótarfheithiclí a mhéadú, ba cheart feithiclí a dhearadh agus a mhonarú de réir a chéile ar shlí a chuirfidh ábhair athchúrsáilte seachas amhábhair phríomhúla ina gcodanna díobh, ***agus feidhmíocht sábháilteachta feithiclí á coinneáil***. Le húsáid ábhar athchúrsáilte, lamháiltear úsáid ábhar atá níos tíosaí ar acmhainní, déantar an táirgeadh a dhícharbónú agus tionchair chomhshaoil dhiúltacha a bhaineann le húsáid na n-amhábhar príomhúil a laghdú. Cuirfidh ciorclaíocht mhéadaithe i gcás na bhfeithiclí a mhonaraítear i dtríú tíortha a chuirtear ar mhargadh an Aontais le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar an leibhéal domhanda chomh maith, lena n-áirítear san Aontas. ***Neartaíonn sí uathriail straitéiseach agus iomaíochas an Aontais chomh maith*** trí spleáchais amhábhar agus fuinnimh atá nasctha le soláthar amhábhar príomhúil a laghdú, ***go háirithe trí chur le hamhábhair chriticiúla luachmhara a choinneáil*** laistigh den Aontas agus an margadh le haghaidh amhábhair thánaisteacha ***á threisiú*** ag an am céanna. Cé nach bhfuil aon cheanglas ann a bhaineann le húsáid an chion athchúrsáilte ar an leibhéal domhanda, tá ábhair athchúrsáilte ionchorpraithe ina bhfeithiclí ag roinnt mhaith monaróirí cheana féin. Ach spriocanna agus forálacha aonfhoirmeacha a leagan síos maidir leis an mbealach chun an cion athchúrsáilte a ríomh, soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil agus rannchuideofar le hiomaíocht chothrom a chruthú idir monaróirí. ***Ba cheart go mbeidh*** feidhm ag na ceanglais maidir leis na monaróirí uile a bheartaíonn feithiclí a chur ar mhargadh an Aontais***, lena n-áirítear trí mhargaí ar líne***, gan beann ar an áit a bhfuil siad bunaithe. Agus tábhacht na slabhraí luacha domhanda san earnáil mótarfheithiclí á haithint, ba cheart a lamháil leis an Rialachán seo foinsiú amhábhair thánaisteacha ó lasmuigh den Aontas.

(29) I bhfianaise ráta íseal na hathchúrsála le haghaidh plaisteach, go háirithe ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, agus thionchair dhiúltacha fhoriomlána na bhfoirmeacha eile chun dramhaíl phlaisteach a chóireáil, is iomchuí glacadh na bplaisteach athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú. Chuige sin, ba cheart sprioc shainordaitheach i gcás plaistigh a athchúrsáiltear ó dhramhaíl iarthomhaltais a áireamh i bhfeithiclí nua. Dá réir sin, ba cheart ▌ plaisteach a athchúrsáiltear ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais a bheith i ngach cineál feithicle, ***agus na céatadáin ag ardú de réir a chéile***. Ba cheart ***20%*** den sprioc sin den chion athchúrsáilte i gcás na bplaisteach sna cineálacha feithicle a bhaint amach trí phlaistigh a athchúrsáiltear ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a chur san áireamh. ***Tá roghnú na bplaisteach a chlúdaítear faoi raon feidhme na spriocanna bunaithe ar na cineálacha in-athchúrsáilte plaisteach a shonraítear sa staidéar tiomnaithe ón Airmheán Comhpháirteach Taighde dar teideal 'Towards recycled plastic content targets in new passenger cars and light commercial vehicles – Technical proposals and analysis of impacts in the context of the review of the ELV Directive' [I dtreo spriocanna cion plaisteach athchúrsáilte i ngluaisteáin nua paisinéirí agus i bhfeithiclí tráchtála éadroma – Tograí teicniúla agus anailís ar thionchair i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Threoir FRC] agus an measúnú tionchair ar an Rialachán seo***. ***Sna doiciméid sin, ní chuirtear teirmithéachtaí seachas cúir pholúireatáin i suíocháin agus leaistiméirí san áireamh agus na spriocanna á ríomh, ó tá sé thar a bheith dúshlánach teirmithéachtaí a athchúrsáil. Comhlíonann go leor leaistiméirí, teirmithéachtaí agus ábhar trasnasctha coitianta an sainmhíniú ar pholaiméir dá dtagraítear sa sainmhíniú ar phlaistigh a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Áirítear leaistiméirí, lena n-áirítear leaistiméirí teirmeaplaisteacha, is féidir a athphróiseáil ina dteirmeaplaistigh, faoi raon feidhme na spriocanna cion athchúrsáilte le haghaidh plaisteach dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Mar sin féin, tá spriocanna cion athchúrsáilte le haghaidh leaistiméirí i mbonn á mbreithniú, ós táirge tosaíochta iad sin faoi Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus, mar sin, nach gclúdaítear iad faoi raon feidhme an Rialacháin seo.***

11 Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le

Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú chun ***an*** oibleagáid sin a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun modheolaíocht a bhunú chun sciar de na plaistigh a athchúrsáiltear ó dhramhaíl iarthomhaltais, agus de ***dhramhaíol iarthomhaltais*** ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, a ríomh agus a fhíorú. ***Chun modhanna athchúrsála seachas athchúrsáil mheicniúil a lamháil, lena n-áirítear athchúrsáil cheimiceach, agus chun cur leis na spriocanna cion athchúrsáilte a bhaint amach, is gá rialacha breise a bhunú chun ábhar plaisteach athchúrsáilte a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú. Sna cásanna sin, is gá cuntasaíocht mhaischothromaíochta, mar a thugtar uirthi, a thabhairt isteach i gcomhréir le modheolaíochtaí cuntasaíochta maischothromaíochta is infheidhme maidir le hathchúrsáil plaisteach, agus saintréithe teicneolaíochtaí tiomnaithe athchúrsála le haghaidh plaisteach á gcur i gcuntas, amhail dramhaíl mótarfheithiclí mhionstiallta ilchineálach. I gcás ina bhfuil sé ródheacair na híoschéatadáin a chomhlíonadh mar gheall ar easpa infhaighteachta nó praghsanna iomarcacha plaisteach athchúrsáilte sonrach, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhaoluithe sealadacha ar na spriocanna cion plaisteach athchúrsáilte a leagan síos.***

haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

*(30)* ***Cuirtear úsáid plaisteach athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach i bhfeithiclí chun cinn ar an mbonn go dtáirgtear an cion athchúrsáilte féin ar shlí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ionas go laghdaítear an lorg carbóin agus go spreagtar an geilleagar ciorclach. Chuige sin, is gá coimircí áirithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach gcealaítear, sa tslí ina bhfaightear cion athchúrsáilte, na tairbhí comhshaoil a bhaineann leis an ábhar athchúrsáilte sin a úsáid i bhfeithiclí. Is gá, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a bhaineann leis an gcomhshaol ar shlí neamh-idirdhealaitheach ag féachaint do phlaisteach athchúrsáilte a tháirgtear sa bhaile agus do phlaisteach athchúrsáilte a allmhairítear araon. Chuige sin, chun go n-áireofar iad sna spriocanna cion athchúrsáilte a leagtar amach sa Rialachán, ba cheart do phlaistigh athchúrsáilte a bheith faoi réir coinníollacha coibhéiseacha maidir le ceanglais chun sláinte an duine, an aeráid agus an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear ar astaíochtaí agus ar bhainistiú dramhaíola, gan beann ar cibé acu a dhéantar an próiseas athchúrsála laistigh den Aontas nó lasmuigh de.***

*(31)* ***Níor cheart feidhm a bheith ag na coinníollacha is infheidhme maidir le hábhar a athchúrsáiltear i dtríú tíortha, lena n-áirítear na ceanglais iniúchóireachta, ach ón ... [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ba cheart don Choimisiún measúnú níos cuimsithí a dhéanamh ar an tionchar a mheastar a bheidh ag na coinníollacha sin i bhfianaise éabhlóid staid an mhargaidh agus an chaidrimh trádála agus ba cheart dó a mheasúnú a thuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

(32) ***Chun na spriocanna do chomhtháthú cion athchúrsáilte faoin Rialachán seo a bhaint amach, ba cheart don Choimisiún, faoin … [72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], athbhreithniú ar staid na forbartha teicneolaíche agus ar fheidhmíocht chomhshaoil plaisteach bithbhunaithe agus leaistiméirí ó athphróiseáil bonn i bhfeithiclí a fhoilsiú, agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur i láthair ina bhfuil ceanglais agus spriocanna inbhuanaitheachta.***

(33) Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí cruach is mó dá bhfuil ann agus tá glacadh reatha na cruach athchúrsáilte i bhfeithiclí nua fós íseal. Chun cur le hísliú an loirg carbóin a bhaineann le táirgeadh feithiclí nua agus tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí i dtreo na haeráidneodrachta, ***ba cheart sciar íosta cruach a athchúrsáiltear ó dhramhaíl cruach iar-thomhaltais agus, i gcás inarb ábhartha, dramhaíl fheiriúil i bhfeithiclí nua a shocrú***. Ba cheart, dá bhrí sin, an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith sciar íosta cruach a athchúrsáiltear ó dhramhaíl chruach iarthomhaltais a bhunú ***agus, i gcás inarb ábhartha, dramh feiriúil lena n-áirítear cruach charbóin chomhréidh agus fhada agus b'fhéidir aicmí táirgí cruach dosmálta***, atá le bheith i láthair i gcineálacha feithiclí agus le hionchorprú iontu. Sula mbunófar sprioc amach anseo, ba cheart don Choimisiún staidéar tiomnaithe a dhéanamh lena gcumhdófar na tosca teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha ábhartha uile a bhaineann le hindéantacht na sprice sin, ***lena n-áirítear tionchair ar earnálacha eile ina n-úsáidtear cruach agus astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda***. ***Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir aicmí éagsúla táirgí cruach laistigh den fheithicil, ó tháirgtear iad trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla a bhfuil srianta éagsúla orthu chun dramh feiriúil a úsáid maidir lena gcumas ábhar copair agus eilimintí fáin miotail eile a fhulaingt***. ***Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE*** a tharmligean chuig an gCoimisiún i ***leith modheolaíocht a bhunú*** chun sciar na cruach a aisghabhtar ó dhramhaíl cruach iar-thomhaltais ***agus, i gcás inarb iomchuí, dramh feiriúil*** atá sa chineál feithicle agus atá ionchorpraithe ann a ríomh agus a fhíorú.

*(34) Tá an earnáil mótarfheithiclí ar cheann de na húsáideoirí alúmanaim is mó freisin, arb ionann í agus níos mó ná 40 % d'éileamh iomlán an Aontais, agus tá an úsáid ag dul i méid. Tá glacadh reatha an alúmanaim athchúrsáilte i bhfeithiclí nua íseal. Chun cur leis an lorg carbóin a bhaineann le táirgeadh feithiclí nua a laghdú agus chun tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí i dtreo na haeráidneodrachta, tomhaltas fuinnimh agus costais a laghdú, agus athléimneacht a fheabhsú trí spleáchais ar sholáthairtí amhábhar príomhúil a laghdú, is iomchuí glacadh alúmanaim athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú. Chuige sin, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith sciar íosta alúmanaim agus a chóimhiotail a athchúrsáiltear ó dhramhaíl iarthomhaltais i gcineálacha feithiclí agus, más infheidhme, ó dhramhaíl réamhthomhaltais, atá i láthair i gcineálacha feithiclí agus a ionchorpraítear iontu, a bhunú. Sula mbunófar sprioc amach anseo, ba cheart don Choimisiún staidéar tiomnaithe a dhéanamh lena gcumhdófar na tosca teicniúla, comhshaoil agus eacnamaíocha uile a bhaineann le hindéantacht na sprice sin. Chun gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith modheolaíocht a bhunú chun sciar na cruach a aisghabhtar ó dhramhaíl iarthomhaltais agus, más infheidhme, ó dhramhaíl réamhthomhaltais atá sa chineál feithicle agus atá ionchorpraithe ann a ríomh agus a fhíorú.*

(35) Tá an deis ann úsáid an chion athchúrsáilte i bhfeithiclí a mhéadú i gcás ábhair eile a úsáideann an earnáil mótarfheithiclí go coiteann dá bhfuil margaí le haghaidh amhábhair thánaisteacha thearcfhorbartha, dá bhfuil an lorg comhshaoil atá nasctha le táirgeadh na n-amhábhar príomhúil ard nó dá bhfuil leibhéil athchúrsála teoranta, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar theicneolaíochtaí sórtála agus athchúrsála. Mar sin, is iomchuí don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a inmhianaithe agus a indéanta atá sé spriocanna a leagan amach maidir leis an gcion athchúrsáilte neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam, ***nicile, cóbailt*** agus bóróin a úsáidtear i mbuanmhaighnéid agus le haghaidh maignéisiam agus a chóimhiotal, agus ar na tionchair a bheadh aige sin.

(36) Chun borradh a chur faoi na margaí tearcfhorbartha le haghaidh amhábhair thánaisteacha, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith sciar íosta maignéisiam agus a chóimhiotal, neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam samairiam, ***nicile, cóbailt*** nó bóróin a athchúrsáiltear ó dhramhaíl iarthomhaltais a bheidh i láthair agus a ionchorprófar sna cineálacha feithiclí a bhunú. Chun ***gnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig*** an gCoimisiún chun modheolaíocht a bhunú chun sciar na n-ábhar sin a aisghabhtar ó dhramhaíl iarthomhaltais***, agus i gcás inarb ábhartha, ó dhramhaíl réamhthomhaltais*** i gcineálacha feithiclí. Tá gá leis an modheolaíocht chun na sainmhínithe ar dhramh iarthomhaltais agus ar dhramh réamhthomhaltais a shoiléiriú. Tá sé sin ábhartha chun feabhsú na cáilíochta agus coimeád luacha a dhreasú ▌ le haghaidh codáin ***dramhaíola*** iarthomhaltais. Chun an dícharbónú a chur chun cinn trí chion athchúrsáilte níos mó a úsáid, is gá sainmhínithe soiléire chun athchúrsáil draimh iarthomhaltais a dhreasú, agus an tráth céanna, úsáid draimh réamhthomhaltais á íoslaghdú, ina mbíonn an lorg carbóin céanna agus a bhíonn ag an amhábhar príomhúil go hiondúil.

(37) I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) ***2024/1252*** ▌, agus i bhfianaise gur gá forálacha a bhunú sa Rialachán seo maidir leis an gcion athchúrsáilte i bhfeithiclí agus ***faisnéis faoi pháirteanna agus comhpháirteanna ina bhfuil ábhair buanmhaighnéad a bhaint i bhfeithiclí***, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin mar chur chun feidhme earnáilsonrach na bhforálacha atá i Rialachán (AE) ***2024/1252***. Áiritheofar leis sin go ndéanfar ***oibleagáidí éagsúla a bhaineann le*** faisnéis faoi bhaint ***na gcodanna agus na gcomhpháirteanna sin*** faoin Rialachán seo a shruthlíniú agus a chomhtháthú leis na cinn sin i gcás páirteanna ***agus*** comhpháirteanna eile. ***Tá feidhm ag na hoibleagáidí a bhaineann le lipéadú in Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2024/1252***.

(38) Chun a áirithiú go ndéanfar ceallraí a athchúrsáil i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) ***2023/1542***, agus gur féidir mótair ríomhthiomána, ina bhfuil cainníochtaí suntasacha de dhúile tearc-chré, a athsholáthar agus a athchúrsáil freisin, is gá ceanglais nua deartha a thabhairt isteach le haghaidh cineálacha ***feithicle*** nua, lena n-áiritheofar gur féidir le saoráidí cóireála nó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála údaraithe na ceallraí agus ***a bpacaí ceallraí*** agus na mótair ríomhthiomána sin a bhaint ar bhealach réidh le linn aon chéim de shaolré feithicle. ***Ba cheart don Choimisiún freisin forbairt caighdeán a spreagadh i gcás teicnící deartha agus cóimeála lena n-éascaítear cothabháil, deisiú agus athrú cuspóra ceallraí agus pacaí ceallraí. Ar bhonn níos leithne, chun an póitéinseal a uasmhéadú chun páirteanna agus comhpháirteanna feithiclí a athsholáthar, a athúsáid, a athchúrsáil, a athmhonarú nó a athfheistiú, agus chun dramhaíl a íoslaghdú, ba cheart feithiclí a dhearadh ar shlí a fhágann gur féidir an oiread páirteanna agus comhpháirteanna agus is féidir a bhaint. Ba cheart coincheap na hindéantachta teicniúla a léirmhíniú ar shlí a thacaíonn leis na cuspóirí sin agus a éascaíonn iad, agus é á aithint, i gcásanna áirithe, gur féidir le ceanglais sábháilteachta nó fheidhmiúla de pháirt údar a thabhairt le réitigh mhalartacha a theorannaíonn inbhainteacht páirte nó comhpháirte. Sna cásanna sin, ba cheart do mhonaróirí a léiriú go bhfuil gá le rogha den sórt sin***. Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur i gcuntas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an Rialachán seo a leasú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta páirteanna agus comhpháirteanna atá le dearadh lena mbaint ó fheithiclí agus lena n-athsholáthar. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an cheanglais deartha sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún.

(39) Leis an gcóras cineálcheadaithe a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/858, ceanglaítear ar mhonaróirí a gcuid feithiclí, córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil faoi leith a dhéanamh i gcomhréir le cineál feithicle ceadaithe. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh monaróirí na ceanglais chiorclaíochta is infheidhme maidir leo ag an gcéim chineálcheadaithe agus a leagtar síos sa Rialachán seo, agus gur féidir le húdaráis chineálcheadaithe an comhlíonadh a fhíorú, is gá do mhonaróirí an fhaisnéis, a cheanglaítear le haghaidh an nós imeachta cineálcheadaithe, a áireamh san fhillteán faisnéise. Chun an trédhearcacht a mhéadú agus chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis is gá faoi chineálcheadú i láthair ar shlí atá comhleanúnach leis na ceanglais i reachtaíocht eile lena rialaítear ceanglais cineálcheadaithe le haghaidh feithiclí, ba cheart don Choimisiún na rialacha a bhunaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683[12] ón gCoimisiún lena gcaighdeánaítear na doiciméid agus an fhaisnéis atá le háireamh san fhillteán faisnéise a leasú, agus sa tslí sin, na ceanglais riaracháin cineálcheadaithe a shonrú.

---

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/683 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena gcuirtear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun feidhme a mhéid a bhaineann leis na ceanglais riaracháin chun mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh na bhfeithiclí sin, a cheadú agus faireachas margaidh a dhéanamh orthu (IO L 163, 26.5.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/683/oj).

(40) Chun a áirithiú go gcuirfidh monaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma gníomhaíochtaí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais chiorclaíochta faoin Rialachán seo, agus chun iad a dhreasú chun ciorclaíocht na ***bhfeithiclí*** a fheabhsú, ba cheart dóibh straitéis chiorclaíochta chuimsitheach a tharraingt suas. ***Ba cheart an straitéis chiorclaíochta a ullmhú ar leibhéal an mhonaróra agus a uasdátú gach 5 bliana. Ba cheart cóip di a sholáthar do na húdaráis chineálcheadaithe agus don Choimisiún. Cé go soláthraítear*** í do na ***húdaráis*** chineálcheadaithe, níor cheart an straitéis ***chiorclaíochta a nascadh leis an bpróiseas cineálcheadaithe***. ***Chun maoirseacht agus grinnscrúdú níos leithne a áirithiú, ba cheart don Choimisiún straitéisí ciorclaíochta na monaróirí, chomh maith lena leaganacha nuashonraithe,*** a chur ar fáil ***go poiblí, agus aird chuí á tabhairt ar aon fhaisnéis rúnda a chosaint***. Ba cheart don Choimisiún ***tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, gach sé bliana ar a laghad, maidir le*** ciorclaíocht na hearnála mótarfheithiclí ar bhonn na straitéisí ciorclaíochta arna soláthar ag na monaróirí***, i measc faisnéis eile***. ▌

(41) Chun an trédhearcacht ar úsáid na n-ábhar athchúrsáilte ag an earnáil mótarfheithiclí a mhéadú agus chun dreasachtaí a sholáthar chun leibhéil an chion athchúrsáilte a mhéadú, ba cheart a cheangal ar mhonaróirí doiciméadacht theicniúil a sholáthar lena dtaispeánfaí céatadán na n-ábhar athchúrsáilte atá i gcineálacha nua feithicle a chuirtear isteach lena gcineálcheadú. Ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir le rogha ábhar a mbeadh tairbhí comhshaoil a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo mar thoradh ar mhéadú ar leibhéal an chion athchúrsáilte i bhfeithiclí. Ba cheart an dearbhú sainordaitheach a chur faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe in éineacht le doiciméid eile mar chuid den iarratas ar chineálcheadú.

(42) Tá rochtain ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus cumarsáid thráthúil idir monaróirí agus oibreoirí bainistithe dramhaíola ar fud an tslabhra luacha mótarfheithiclí fíor-riachtanach chun athúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna feithicle a uasmhéadú agus chun athchúrsáil ardcháilíochta feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú. Mar sin, ba cheart do mhonaróirí rochtain neamhshrianta, caighdeánaithe agus neamh-idirdhealaitheach a sholáthar d'oibreoirí bainistithe dramhaíola agus d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ar fhaisnéis***, lena n-áirítear trí uirlisí reatha a úsáideann an tionscal gluaisteán,*** lena gcumasófar baint shábháilte páirteanna, comhpháirteanna agus ábhar áirithe atá i bhfeithicil. ***Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar mhonaróirí an fhaisnéis sin a sholáthar d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála i gcás inar cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil cheana féin de bhun reachtaíocht eile an Aontais.*** Ba cheart don fhaisnéis treoir a thabhairt d'oibreoirí bainistithe dramhaíola, ***d'fhoilsitheoirí faisnéise teicniúla*** agus d'oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ar na céimeanna is gá chun rochtain a fháil ar cheallra feithiclí leictreacha ***agus a bpacaí ceallraí*** agus iad a bhaint, lena n-áirítear ar na huirlisí nó na teicneolaíochtaí a chumasaíonn a n-urscaoileadh go sábháilte, agus mótair tiomána leictreacha. Ba cheart don fhaisnéis treoracha soiléire a sholáthar freisin faoi úsáid uirlisí nó teicneolaíochtaí le haghaidh na rochtana agus na bainte sin. Ba cheart don fhaisnéis cuidiú leis na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a shainaithint, a lonnú agus a bhaint, ar páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair iad ar cheart a dhíthruailliú agus a bhaint den fheithicil roimh an mionghearradh, mar aon le páirteanna agus comhpháirteanna, ina bhfuil na hamhábhair chriticiúla i mbuanmhaighnéid dá dtagraítear i Rialachán (AE) **2024/1252**. ***Ba cheart go gcuirfeadh monaróirí faisnéis treorach faoi tharrtháil agus práinnfhreagairt ar fáil do sheirbhísí éigeandála chomh maith. Tá sé tábhachtach go n-urramófar cearta maoine intleachtúla go cuí, lena n-áiritheofar nach gcuirfidh rochtain ar fhaisnéis theicniúil isteach ar theicneolaíochtaí dílseánaigh ná ar rúin trádála***. Ba cheart é sin a dhéanamh trí ardáin cumarsáide arna mbunú ag monaróirí agus ba cheart an fhaisnéis a sholáthar saor in aisce, gan costais riaracháin nach bhfuil ***ródhaor*** a chur san áireamh. Ba cheart do na húdaráis chineálcheadaithe a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis is gá curtha isteach ag na monaróirí. ***Agus chun go gcuirfear i gcuntas gur gá tacú le hiarfheistiú feithiclí mar bhealach chun astaíochtaí a laghdú, saolréanna feithiclí a leathnú, agus inbhuanaitheacht a***

***chur chun cinn, ba cheart do mhonaróirí comhar cuí le*** hoibreoirí ***iarfheistithe a áirithiú freisin*** ▌.

(43) ***Ba cheart rochtain oibreoirí iarmhargaidh ar fhaisnéis maidir le baint páirteanna agus comhpháirteanna ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, lena n-áirítear d'fhonn athsholáthar na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna sin amach anseo, a ráthú chun rogha an tomhaltóra a choimirciú agus chun úsáid éifeachtúil acmhainní a áirithiú. Mar sin, is gá a áirithiú go soláthrófar d'oibreoirí bainistithe dramhaíola agus d'fhoilsitheoirí faisnéise teicniúla an fhaisnéis is gá chun na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a bhaint go sábháilte agus go héifeachtach ó na feithiclí a bhfuil a ré caite. Thairis sin, ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar d'oibreoirí a shaothraíonn gníomhaíocht ina bhfuil deisiú agus cothabháil feithiclí, i gcás nach gcáilíonn siad mar oibreoirí bainistithe dramhaíola agus i gcásanna nach gclúdaítear an soláthar faisnéise sin cheana féin le reachtaíocht eile an Aontais agus sna cásanna sin amháin.***

(44) Cé go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as códú digiteach chun páirteanna agus comhpháirteanna difriúla i bhfeithiclí a rialú, leis an meastóireacht ar Threoir 2000/53/CE, sainaithníodh go bhféadfadh an chódáil sin bac a chur ar acmhainneacht athúsáide, athmhonaraithe agus athriochtaithe páirteanna agus comhpháirteanna áirithe. Tá sé fíor-riachtanach mar sin go n-iarrtar ar mhonaróirí faisnéis a sholáthar lena bhfágfar gur féidir le hoibreoirí bainistithe dramhaíola gairmiúla ***agus oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála*** na fadhbanna a bhaineann leis na páirteanna agus na comhpháirteanna atá códaithe go digiteach i bhfeithicil a shárú, i gcás ina gcuirfidh an chódáil sin cosc ar oibríochtaí deisiúcháin, cothabhála nó athsholáthair i bhfeithicil eile.

(45) Ba cheart do mhonaróirí agus dá soláthróirí úsáid a bhaint as caighdeáin chun comhpháirteanna agus ábhair a chódú, a bunaíodh i gCinneadh 2003/138/CE[13], ón gCoimisiún i dtosach báire, chun páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair

---

13 Cinneadh 2003/138/CE ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2003 lena mbunaítear caighdeáin um chódáil chomhpháirteanna agus ábhair le haghaidh feithiclí de bhun Threoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 53, 28.2.2003, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/138(1)/oj).

phlaisteacha agus leaistiméire feithiclí a lipéadú agus a shainaithint. Ba cheart dóibh a áirithiú go ndéanfar páirteanna agus comhpháirteanna uile na bhfeithiclí a mharcáil i gcomhréir le reachtaíocht eile is infheidhme an Aontais, go háirithe reachtaíocht a bhaineann lipéadú na gceallraí agus na mbuanmhaighnéad a áirítear i bhfeithiclí a chuireann siad ar an margadh. Chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an Iarscríbhinn a leasú lena sonraítear an bealach ba cheart páirteanna agus comhpháirteanna feithiclí a lipéadú.

(46) Chun cóireáil na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a éascú, ba cheart go ndéanfadh monaróirí faisnéis a sholáthar, trí uirlisí digiteacha, atá cruinn, iomlán agus cothrom le dáta faoi pháirteanna agus comhpháirteanna feithiclí a bhaint agus a athsholáthar go sábháilte. Ba cheart pas ***digiteach*** ciorclaíochta feithicle a cheapadh mar sin agus a chur ar fáil mar iompróir sonraí le haghaidh na faisnéise sin, ar shlí a bheadh i gcomhréir le huirlisí agus le hardáin faisnéise dhigiteacha eile atá ann cheana nó a bhfuil tuilleadh forbartha á déanamh orthu san earnáil mótarfheithiclí ar fheidhmíocht chomhshaoil na bhfeithiclí agus é a ailíniú le forálacha comhfhreagracha i Rialacháin (AE) ***2023/1542***, ***(AE) 2024/1781*** agus ***(AE) 2024/1257***[14] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha chun cur chun feidhme an Rialacháin seo a áirithiú, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais deartha agus oibrithe theicniúil i gcás an phas a leagan síos mar aon le rialacha maidir le suíomh an iompróra sonraí nó aitheantóra eile lenar féidir rochtain a fháil ar an bpas ar an bhfeithicil. ***Agus na rialacha i gcás an phas dhigitigh ciorclaíochta feithicle á leagan síos aige, ba cheart don Choimisiún an gá atá leis an ardleibhéal slándála agus príobháideachais a chur i gcuntas, lena n-áirítear maidir le sonraí oibriúcháin feithiclí chun bagairtí cibearshlándála a chosc.***

---

**14** Rialachán ***(AE) 2024/1257*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***an 24 Aibreán 2024*** maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh na bhfeithiclí sin maidir lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), ***lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*** agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún (IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI***: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj***).***

(47) Is gá rialacha comhchuibhithe a leagan síos le haghaidh bainistiú dramhaíola feithiclí a bhfuil a ré caite chun a áirithiú go bhfuil táirgeoirí agus oibreoirí eacnamaíocha eile faoi réir na rialacha céanna ar fud na mBallstát. Ba cheart ardleibhéal cosanta le haghaidh an chomhshaoil agus shláinte an duine ar fud an Aontais a bheith ann dá thoradh sin. D'fhágfadh sé freisin go mbeadh tuilleadh comhchuibhithe ann ar cháilíocht na seirbhísí bainistithe dramhaíola a sholáthraíonn oibreoirí eacnamaíocha agus go n-éascófaí feidhmiú an mhargaidh le haghaidh amhábhair thánaisteacha.

(48) Chun cóireáil shábháilte a bheidh neamhdhíobhálach don chomhshaol a ráthú i leith feithiclí a bhfuil a ré caite, ba cheart d'aon bhunaíocht nó gnóthas a bheartaíonn oibríochtaí cóireála dramhaíola a dhéanamh le haghaidh na bhfeithiclí sin údarú a fháil ón údarás inniúil. Níor cheart an t-údarú a dheonú ach amháin má bhíonn an inniúlacht ▌ is gá ag an mbunaíocht nó ag an ngnóthas chun na hoibríochtaí cóireála a bhfuil a ré caite a dhéanamh ar fheithiclí ar shlí a chomhlíonfaidh dlí an Aontais is infheidhme agus an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear na ceanglais chóireála shonracha a leagtar síos sa Rialachán seo. Ina theannta sin, is iad na saoráidí cóireála údaraithe agus iad sin ***amháin*** ar cheart inniúlacht a bheith acu chun deimhnithe scriosta a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo.

▌

***(49) I gcás ina dtabharfaidh táirgeoirí nó eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí conarthaí i gcrích le saoráidí cóireála údaraithe chun a n-oibleagáidí freagrachta táirgeoirí a chomhlíonadh, ba cheart na conarthaí sin a bheith i gcomhréir le prionsabail dhlí na hiomaíochta agus níor cheart forálacha a áireamh iontu a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht acu iomaíocht a shrianadh nó a shaobhadh, go háirithe de réir bhrí Airteagail 101 agus 102 CFAE. Ba cheart go mbeadh na conarthaí sin cothrom, trédhearcach agus níor cheart go mbeadh téarmaí ná coinníollacha idirdhealaitheacha iontu. Chun comhlíonadh na gceanglas sin a éascú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann conradh samplach a sholáthar.***

(50) Bunaítear bunoibleagáid le Treoir 2000/53/CE le haghaidh táirgeoirí feithiclí chun cuid de na costais i dtaca le bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a chumhdach. Ag cur leis an oibleagáid sin, i gcomhréir leis an bprionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus i gcomhréir leis na híoscheanglais ghinearálta i gcás scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a leagtar amach i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15],is iomchuí ceanglais a leagan síos ar leibhéal an Aontais maidir le freagrachtaí na monaróirí a bhaineann le bainistiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite. Ba cheart freagracht leathnaithe táirgeora a bheith ar tháirgeoirí as na feithiclí a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit nuair a bheidh siad ina gcéim deireadh ré. Ba cheart a chumhdach leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora na hoibleagáidí chun a áirithiú go ndéanfar na feithiclí a chuireann na táirgeoirí ar an margadh i mBallstát a bhailiú agus a chóireáil i gcomhréir leis an Rialachán seo agus go gcomhlíonfaidh oibreoirí bainistithe dramhaíola a bhíonn ag cóireáil na bhfeithiclí sin na spriocanna athchúrsála a bhunaítear leis an Rialachán seo.

---

15 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj).

(51) Chun éascaíocht a dhéanamh ar fhaireachán ar chomhlíontacht na dtáirgeoirí lena n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, ba cheart do na Ballstáit clár táirgeoirí a bhunú ***nó clár atá ann cheana a úsáid***. Ba cheart na ceanglais chlárúcháin a chomhchuibhiú ar fud an Aontais chun clárú a éascú, go háirithe i gcás ina gcuireann táirgeoirí feithiclí ar fáil i mBallstáit éagsúla. Ba cheart an clár a úsáid freisin chun feidhmíocht na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a thuairisciú d'údaráis inniúla. Ba cheart na tréithe agus na gnéithe nós imeachta atá nasctha leis an gclár sin a bheith i gcomhréir le clár na dtáirgeoirí arna bhunú le Rialachán (AE) ***2023/1542,*** chun go mbeidh táirgeoirí feithiclí agus táirgeoirí ceallraí in ann an clár ceannann céanna a úsáid. ***Chun gur féidir na táirgeoirí a chlárú i ngach Ballstát, ba cheart don Choimisiún suíomh gréasáin a bhunú ina mbeidh na naisc chuig na cláir náisiúnta uile.***

***(52) Faoi Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16], tá soláthraithe ardán ar líne a lamhálann do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe lena áirithiú nach féidir le trádálaithe na hardáin ar líne sin iad a úsáid ach chun teachtaireachtaí a chur chun cinn, nó chun táirgí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas más rud é, sula n-úsáidfear na hardáin sin chun na gcríoch sin, go bhfuil faisnéis áirithe faighte ag soláthraithe na n-ardán sin, i gcás inarb infheidhme maidir leis an trádálaí. Sa chomhthéacs sin, is táirgí feithiclí. Is féidir gur clár poiblí é clár na dtáirgeoirí a bhunaítear faoin Rialachán seo chun Airteagal 30(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2022/2065 a chomhlíonadh. Le féindeimhniúchán ón trádálaí chun gealltanas a thabhairt nach dtairgfear ach táirgí nó seirbhísí a chomhlíonann na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais de bhun Airteagal 30(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2022/2065, is féidir na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a leagtar síos faoin Rialachán seo a chumhdach freisin. Ar deireadh, chun críocha Airteagal 30(2) de Rialachán (AE) 2022/2065, i gcás nach bhfuil rochtain ag an bpobal ar an bhfaisnéis atá i gclár na dtáirgeoirí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar rochtain, saor in aisce, ar an bhfaisnéis sin do sholáthraithe ardán ar líne, chun a ndícheall a dhéanamh lena mheasúnú an bhfuil an fhaisnéis iontaofa agus iomlán.***

---

16 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj).

(53) I gcás ina gcuirfidh an táirgeoir feithiclí ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit nach bhfuil an táirgeoir bunaithe ann, ba cheart don táirgeoir sin ionadaí ***údaraithe*** a ainmniú le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora. ***Má dhéanann ionadaí údaraithe amháin ionadaíocht do níos mó ná táirgeoir amháin i mBallstát, ba cheart don ionadaí údaraithe sin ainm agus sonraí teagmhála gach ceann de na táirgeoirí dá ndéantar ionadaíocht a chur ar fáil ar leithligh.***

(54) Ba cheart táirgeoirí a bheith in ann a roghnú cé acu a fheidhmeoidh siad a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora ar bhonn aonair nó ar bhonn comhchoiteann, trí bhíthin eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a ghlacfadh an fhreagracht thar a gceann. ***Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a cheangal go ndéanfadh eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ionadaíocht do tháirgeoir. Sna cásanna sin, níor cheart don Bhallstát a cheangal ar tháirgeoirí go ndéanfadh eagraíocht shonrach um fhreagracht táirgeoirí ionadaíocht dóibh, ós rud é gur cheart solúbthacht a bheith ann maidir leis an líon eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí is féidir a bheith i mBallstát. Ba cheart gurbh amhlaidh an cás freisin i mBallstáit ina bhfuil eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí atá á reáchtáil ag an stát a fhéadfaidh a bheith faoi réir socruithe níos sonraí faoin dlí náisiúnta. Cé go lamháiltear struchtúir rialachais éagsúla le creataí dlíthiúla na mBallstát, ba cheart d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí oibriú, i bprionsabal, chun a áirithiú go n-úsáidtear táillí a bhailítear ó tháirgeoirí go heisiach chun na hoibleagáidí a bhaineann le bailiú agus cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite a chomhlíonadh chun oibleagáidí bainistithe dramhaíola a eagrú agus a mhaoiniú.*** Ba cheart do na heagraíochtaí ***uile*** um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí a sholáthraíonn táirgeoirí dóibh a áirithiú. Chun a áirithiú go gcuirfear leasanna na n-oibreoirí eacnamaíocha uile san áireamh i gceart agus chun cás a sheachaint ina gcuirtear oibreoirí bainistithe dramhaíola faoi mhíbhuntáiste agus cinntí á ndéanamh i scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, mar shampla ***d'fhéadfadh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí comhairliúchán struchtúrtha a dhéanamh uair sa bhliain ar a laghad le geallsealbhóirí leasmhara agus tuarascáil achomair ar an gcomhairliúchán sin a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, ina leagfar amach na príomhbharúlacha a gheofar mar aon le míniú ar an gcaoi ar tugadh aghaidh ar na barúlacha sin.*** Ba cheart ***stádas breathnóra a dheonú*** d'oibreoirí bainistithe dramhaíola i gcomhlachtaí rialaithe na n-eagraíochtaí ***um fhreagracht táirgeoirí, eadhon ar a mboird feidhmiúcháin, chun rialachas agus éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais a fheabhsú, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don ghá atá le coinbhleacht leasa a sheachaint. Ina theannta sin, ba cheart d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí oibreoirí bainistithe dramhaíola a roghnú trí nós imeachta neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir dhámhachtana thrédhearcacha.***

(55) Ba cheart do tháirgeoirí cuid de na costais a bhaineann le bailiú agus cóireáil na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a mhaoiniú, ar costais iad is gá chun na ceanglais a bhunaítear sa Rialachán seo a chomhlíonadh, go háirithe oibleagáidí a bhfuil sé d'aidhm acu cáilíocht níos airde amhábhar tánaisteach arna n-aisghabháil ó fheithiclí a áirithiú. Ba cheart leibhéal beacht chostais na n-oibríochtaí sin ar cheart go gcumhdódh táirgeoirí iad a chinneadh trí ioncaim na saoráidí cóireála údaraithe agus na n-oibreoirí bainistithe dramhaíola eile a chur i gcuntas, arb ioncaim é a fhaightear ó dhíol páirteanna nó comhpháirteanna spártha athláimhe agus amhábhar tánaisteach a aisghabhtar ó fheithiclí a bhfuil a ré caite. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis inniúla, i gcomhar le táirgeoirí agus le hoibreoirí bainistithe dramhaíola, faireachán a dhéanamh ar mheánchostais na n-oibríochtaí bailiúcháin, athchúrsála agus cóireála, mar aon le leibhéal na ranníocaíochtaí airgeadais a íocann na táirgeoirí chun a áirithiú go mbeidh leithdháileadh costas cothrom i bhfeidhm idir na hoibreoirí leasmhara uile.

(56) Ba cheart do ranníocaíocht airgeadais na dtáirgeoirí costas na bhfeachtas oideachais a chumhdach freisin arb é is aidhm dóibh ***an pobal a chur ar an eolas agus*** bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite a mhéadú, chomh maith le costas bhunú an chórais fógartha chun deimhnithe scriosta a eisiúint agus a aistriú agus sonraí a bhailiú agus a thuairisciú do na húdaráis inniúla. ***Ina theannta sin, ós rud é go dtugtar isteach leis an Rialachán seo athruithe maidir le freagracht airgeadais na dtáirgeoirí chun*** feithiclí a bhfuil a ré caite ***a bhailiú, a chumhdaítear le Treoir 2000/53/CE, ba cheart forálacha iomchuí a dhéanamh chun an t-aistriú ó Threoir 2000/53/CE go dtí*** an Rialachán seo ***a chur i gcuntas***.

(57) Táirgeoirí a roghnaíonn a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh ar bhonn aonair, ba cheart dóibh ráthaíocht a sholáthar freisin a bheidh le húsáid chun costais an bhainistithe feithiclí a bhfuil a ré caite a chumhdach. Ba cheart na ráthaíochtaí sin a úsáid go háirithe i gcásanna ina mbeidh na táirgeoirí lena mbaineann dócmhainneach nó ina scoirfidh siad dá n-oibríochtaí go buan.

(58) I gcás ina bhfeidhmeoidh táirgeoir a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora ar bhonn comhchoiteann laistigh d’eagraíocht um fhreagracht táirgeora, ba cheart na ranníocaíochtaí airgeadais a íocann an táirgeoir a mhodhnú ar bhonn critéir chomhchuibhithe. Ba cheart dreasachtaí eacnamaíocha a chruthú leis na critéir sin chun go méadóidh na monaróirí an chiorclaíocht i ndearadh agus i dtáirgeadh na bhfeithiclí nua, agus an méid ábhar príomhúil agus athchúrsáilte i bhfeithicil á chur san áireamh, a mhéid atá páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair inti a bhíonn deacair le baint, díchóimeáil, athúsáid nó athchúrsáil, mar aon leis an méid substaintí guaiseacha atá inti. Chun saobhadh an mhargaidh aonair a sheachaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha mionsonracha a leagan síos chun an bealach ba cheart na critéir i dtaca le modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a íoctar le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a chur i bhfeidhm.

***(59) Tá Ballstáit áirithe tar éis struchtúir um fhreagracht leathnaithe táirgeora agus córais bainistithe dramhaíola a bhunú cheana, arb iad is bonn le húdaruithe náisiúnta agus socruithe conarthacha ábhartha, agus Treoir 2000/53/CE á cur chun feidhme acu. Ba cheart do na Ballstáit sin a bheith in ann leanúint de na struchtúir agus na córais sin a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonann siad an Rialachán seo.***

(60) ▌Is minic a thagann feithiclí chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát seachas an Ballstát inar ***cuireadh ar an margadh*** iad. ***Fad is féidir táirgeoir de réir bhrí an Rialacháin seo a shainaithint sa Bhallstát ina dtagann an fheithicil chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, ba cheart don táirgeoir sin na costais ghaolmhara a bhaineann le bailiú agus cóireáil a chumhdach. Mar sin féin, ós rud é nach féidir i gcónaí táirgeoir a shainaithint sa Bhallstát ina dtagann an fheithicil chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite tar éis di teorainn a thrasnú,*** is gá ***freisin*** rialacha a thabhairt isteach maidir le ***sásra um leithdháileadh costas trasteorann nár cheart feidhm a bheith aige ach amháin maidir leis an gcás sonrach sin agus i gcás feithiclí de chatagóir $M_1$ agus $N_1$ amháin***. Ba cheart a áirithiú leis na rialacha sin ***go gcumhdófar*** na costais bhailiúcháin agus chóireála ▌ a thabhaíonn na hoibreoirí bainistithe dramhaíola sa Bhallstát ina dtagann an fheithicil chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite. ***Níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí a eascraíonn as an sásra um leithdháileadh costas trasteorann, lena n-áirítear ionadaithe údaraithe a cheapadh i ngach Ballstát, maidir le hallmhaireoirí ná dáileoirí, chun ualach riaracháin ar na hoibreoirí sin a sheachaint. Ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar gach monaróir feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$*** ionadaí ***údaraithe*** a cheapadh ***don sásra trasteorann*** i ngach Ballstát***, fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi na hainmniúcháin*** agus sásraí a chur ar bun le haghaidh comhar trasteorann le hoibreoirí bainistithe dramhaíola ábhartha. ***Ba cheart do mhonaróirí a bheith in ann sainordú a thabhairt d'eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí gníomhú mar ionadaí údaraithe orthu le haghaidh an tsásra trasteorann. I gcás monaróirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas, ba cheart é a bheith indéanta ionadaí aonair an mhonaróra san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2018/858 a cheapadh chun na hoibleagáidí maidir leis an sásra trasteorann a chomhlíonadh agus chun sásra comhair trasteorann a bhunú.*** Ach sásra ***trasteorann*** den sórt sin a thabhairt isteach, rannchuidítear le cothroime iomaíochta a chruthú idir na saoráidí cóireála údaraithe ar fud an Aontais ▌.

(61) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí sin agus chun saobhadh an mhargaidh aonair a sheachaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith tuilleadh rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na hoibleagáidí ar na táirgeoirí, na Ballstáit agus na hoibreoirí bainistithe dramhaíola agus tréithe na sásraí trasteorann.

(62) Réamhriachtanas lárnach le haghaidh chóireáil fhónta na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite is ea go ndéanfar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a bhailiú. Dá bhrí sin, ba cheart oibleagáidí áirithe a bhaineann leis an mbailiú a fhorchur leis an Rialachán seo go príomha ar na táirgeoirí agus, go tánaisteach, ar na Ballstáit. Ba cheart do tháirgeoirí ***a áirithiú go mbaileofar na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a chuir siad ar fáil ar an margadh den chéad uair i gcríoch Ballstáit. Chuige sin, ba cheart do tháirgeoirí nó d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí na córais bhailiúcháin*** a chur ar bun nó páirt a ghlacadh ina gcur ar bun ▌ agus ba cheart do na Ballstáit na bearta uile is gá a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh na córais bhailiúcháin i bhfeidhm agus go gcumasaíonn na córais sin cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Leis na córais bhailiúcháin, ba cheart go mbeadh úinéirí feithiclí agus sealbhóirí feithiclí eile in ann an fheithicil a sheachadadh ar shaoráid ***chóireála údaraithe nó pointe bailiúcháin*** gan iarrachtaí ná costais gan ghá. Is éard a chiallaíonn sé sin go hiarbhír gur cheart críoch iomlán gach Ballstáit a chumhdach go hiomchuí leis na córais sin ***agus a áirithiú go mbeidh fáil leormhaith ar shaoráidí cóireála údaraithe nó ar phointí bailiúcháin***. Leis na córais sin, ba cheart gur féidir gach branda feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú, mar aon le dramhpháirteanna ó dheisiú feithiclí.

(63) Níor cheart feithiclí a bhfuil a ré caite a chóireáil ach amháin i saoráidí cóireála údaraithe, agus dá réir sin, bíonn ról ríthábhachtach ag na saoráidí sin i mbailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite. Mar sin féin, chun an bailiú a éascú agus infhaighteacht leormhaith na saoráidí a bhailíonn feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú, foráiltear sa Rialachán seo gur féidir pointí bailiúcháin a bhunú. Bheadh ról na bpointí sin teoranta do bhailiú feithiclí a bhfuil a ré caite, iad a stóráil i ndálaí cearta agus iad a iompar chuig an tsaoráid chóireála údaraithe. Is gá cead sonrach chun pointe den sórt sin a oibriú. Ba cheart é a cheangal ar phointí bailiúcháin na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a sheachadadh ar shaoráidí cóireála údaraithe.

(64) Chun na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a bhailiú go héifeachtach, is gá an pobal a chur ar an eolas gurb ann do na córais bhailiúcháin. Ba cheart úinéirí feithiclí a bheith ar an eolas gur féidir leo feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh i bprionsabal, in éineacht leis an gceallra feithicle leictrí nó dá uireasa, ar phointe bailiúcháin nó ar shaoráid chóireála údaraithe saor in aisce***, mura bhfuil páirteanna bunriachtanacha amhail an mótar ríomhthiomána, an t-inneall nó píosaí móra iomadúla den chabhalra ar iarraidh, chun gníomhaíochtaí díchóimeála neamhdhleathacha a chiorrú. I gcás ceallra feithicle leictrí a bheith ar iarraidh, ba cheart d'úinéir na feithicle a chruthú gur láimhseáil oibreoir gairmiúil an ceallra i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542. Chun cosc a chur ar dhíchóimeáil neamhdhleathach páirteanna agus comhpháirteanna luachmhara ó fheithiclí a bhfuil a ré caite agus chun bailiú feithiclí iomlána a bhfuil a ré caite a chur chun cinn, d'fhéadfaí seachadadh saor in aisce feithiclí a bhfuil a ré caite a nascadh le soláthar dreasachtaí airgeadais***. Leis an bhfeachtas oideachasúil ó na táirgeoirí nó ó na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, ba cheart na hiarmhairtí don chomhshaol agus do shláinte an duine a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú agus a chóireáil go mícheart a chur i láthair freisin.

(65) Ba cheart don tsaoráid chóireála údaraithe deimhniú scriosta a eisiúint ***d'úinéir deiridh na feithicle tráth a sheachadtar an*** fheithicil a bhfuil a ré caite ▌. Is gá sin chun maoirseacht cheart ar bhainistiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú. Leagtar síos na híoscheanglais maidir le deimhnithe den sórt sin faoi láthair i gCinneadh 2002/151/CE ón gCoimisiún[17] agus ba cheart ábhar an Chinnidh sin a áireamh sa Rialachán seo, in éineacht leis na hoiriúnuithe is gá. Ba cheart deimhnithe den sórt sin a eisiúint i bhformáid leictreonach ▌ d'úinéirí deiridh feithiclí a bhfuil a ré caite, agus ba cheart do na saoráidí cóireála údaraithe ▌ iad a sholáthar d'údaráis ábhartha an Bhallstáit ***trí nós imeachta um fhógra leictreonach chun*** clárú na feithicle ***a chur ar ceal***. Leis an gcóras um fhógra leictreonach, ba cheart go mbeifí in ann an ***deimhniú scriosta a tharchur agus cóip den fhógra leictreonach a sholáthar d'úinéir deiridh na feithicle agus d'aon oibreoir eacnamaíoch atá ag gníomhú thar ceann an úinéara sin***.

[17] Cinneadh 2002/151/CE ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2002 maidir le híoscheanglais chun an deimhniú scriosta arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Threoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 50, 21.2.2002, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/151(1)/oj).

(66) D'ainneoin oibleagáid i dTreoir 2000/53/CE chun na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a aistriú lena gcóireáil chuig saoráid chóireála údaraithe, tá sciar an-mhór feithiclí ann nach eol cá bhfuil siad, agus a d'fhéadfadh a bheith cóireáilte nó onnmhairithe go neamhdhleathach mar fheithiclí a bhfuil a ré caite, nó nach bhfuil a stádas tuairiscithe i gceart d'údaráis chlárúcháin na mBallstát. Tagraítear do na feithiclí sin mar 'feithiclí ar iarraidh'. Ba cheart do na Ballstáit a gcomhar a láidriú chun an líon feithiclí ar iarraidh a laghdú. Ach deimhnithe scriosta a eisiúint i mBallstát eile a aithint agus an oibleagáid a bheith ann údaráis na mBallstát a chur ar an eolas, faoin áit a bhfuil an fheithicil cláraithe, go bhfuil deimhniú scriosta eisithe ina leith, ba cheart go lamhálfaí feithiclí a bhfuil a ré caite a rianú níos fearr.

(67) Chun bailiú éifeachtach feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú, ba cheart oibleagáidí sainráite a dhíriú ar úinéirí feithiclí. Ba cheart dóibh a bhfeithicil a sheachadadh, nuair a bhaineann siad an chéim deireadh ré amach, ar phointí bailiúcháin nó saoráidí cóireála údaraithe***. Nuair a dhéantar damáiste d'fheithiclí agus nuair a bhíonn baint ag cuideachtaí árachais lena ndearbhú mar chaillteanas iomlán teicniúil nó eacnamaíoch, ba cheart don chuideachta árachais nó d'aon saineolaí mótarfheithiclí eile atá ag gníomhú thar a ceann measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu atá nó nach bhfuil an fheithicil ina feithicil a bhfuil a ré caite i gcomhréir leis an Rialachán seo. I gcás feithiclí tréigthe, ba cheart do*** na húdaráis ábhartha ***rialacha a leagan amach chun feithicil a dhearbhú mar fheithicil a bhfuil a ré caite agus leanúint ar aghaidh i gcomhréir leis an Rialachán seo. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar fheithiclí tréigthe, mar shampla, feithiclí a fhágtar gan faire nó go neamhdhleathach ar mhaoin phoiblí, nó feithiclí atá páirceáilte ar mhaoin phríobháideach gan toiliú úinéir na maoine, nó feithiclí nár éilíodh ar ais tar éis do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt d'úinéir na feithicle.***

(68) Chun cóireáil aonfhoirmeach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú i gcás feithiclí a bhfuil a ré caite san Aontas, tá sé fíor-riachtanach a áirithiú go nglacfadh agus go ndéileálfadh na saoráidí cóireála údaraithe leis na feithiclí a bhfuil a ré caite, na páirteanna, na comhpháirteanna agus na hábhair uile, lena n-áirítear dramhpháirteanna a eascraíonn as deisiúcháin ar fheithiclí, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach ina gceadanna, agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, sna teicnící is fearr atá ar fáil, agus i dTreoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18]. ***Chun na ceanglais bhainte, na ceanglais cháilíochta agus na spriocanna aisghabhála ábhair a chomhlíonadh, is féidir gur oibreoir bainistithe dramhaíola aonair a dhéanfaidh cóireáil iomlán ar fheithicil a bhfuil a ré caite nó go ndéanfar í laistigh de shuiteáil aonair, ach ní gá an chóireáil sin a dhéanamh amhlaidh.***

(69) I bhfianaise an phríomhróil atá ag saoráidí cóireála údaraithe le linn feithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol ná do shláinte an duine agus a rannchuidíonn le cuspóirí geilleagair chiorclaigh an Aontais a bhaint amach, is gá oibleagáidí a leagan síos a mbeidh feidhm acu maidir leis na saoráidí sin agus lena gcumhdófar a gcuid gníomhaíochtaí uile, ó ghlacadh agus stóráil feithicle a bhfuil a ré caite go dtí an chóireáil deiridh a ndéantar uirthi.

---

**18** Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj).

(70) Chun inrianaitheacht a gcuid gníomhaíochtaí a áirithiú***, lena n-áirítear cáilíocht an draimh nó ábhar ionchuir ábhartha eile,*** ba cheart do na saoráidí cóireála údaraithe na hoibríochtaí cóireála a dhéanann siad a dhoiciméadú agus an taifead orthu a stóráil go leictreonach ar feadh 3 bliana ar a laghad, agus ba cheart dóibh a bheith in ann an taifead sin a chur faoi bhráid na n-údarás náisiúnta ábhartha, ar iarraidh a fháil.

(71) Is é díthruailliú feithicle a bhfuil a ré caite an chéad chéim i dtreo cosc a chur ar dhamáiste don chomhshaol, ar shláinte an duine agus ar rioscaí don tsábháilteacht ceirde. Dá bhrí sin, tá sé bunriachtanach go ndéanfaí na hoibríochtaí díthruaillithe is gá ar fheithicil a bhfuil a ré caite ***laistigh de 30*** lá tar éis í a sheachadadh ar an tsaoráid chóireála údaraithe, sula ndéantar aon chóireáil bhreise ar an bhfeithicil sin a bhfuil a ré caite. Le linn na céime sin, ba cheart dramh-olaí a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin agus na leachtanna eile, agus ba cheart iad a chóireáil a thuilleadh i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE. ***Ba cheart caitheamh le cuisneáin i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[19]***.*** Ina theannta sin, ba cheart na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair ina bhfuil luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach a bhaint ón bhfeithicil a bhfuil a ré caite, chun éifeachtaí díobhálacha ar an duine nó ar an gcomhshaol a sheachaint.

---

**19** ***Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 (IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj).***

(72) Chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán (AE) ***2023/1542***, chun feidhme i gceart, tá gach ceallra a ionchorpraítear i bhfeithiclí le baint ar leithligh ó fheithicil a bhfuil a ré caite agus le stóráil i limistéar ainmnithe le haghaidh tuilleadh cóireála.

(73) Chun an acmhainneacht a bhaineann le hathúsáid, le hathmhonarú agus le hathriochtú páirteanna agus comhpháirteanna a uasmhéadú, agus chun ardluach ar na hábhair thánaisteacha a dhíorthaítear ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a chaomhnú, ba cheart páirteanna agus comhpháirteanna áirithe a bhaint ó fheithiclí a bhfuil a ré caite go sainordaitheach roimh an mionghearradh. Ba cheart na páirteanna agus na comhpháirteanna ***sin*** ▌ a bhaint i bpróiseas díchóimeála láimhe, i bpróiseas díchóimeála leath-uathoibrithe nó i bpróiseas díchóimeála uathoibrithe ***ar bhealach neamhscriosach***. Ba cheart go bhféadfaí imeacht ón gceanglas maidir le baint ***neamhscriosach*** shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna***, nuair a léiríonn saoráid chóireála údaraithe go mbaineann costais eacnamaíocha dhíréireacha leis an díchóimeáil láimhe, leis an díchóimeáil leath-uathoibrithe nó leis an díchóimeáil uathoibrithe ar bhealach neamhscriosach, ar costais iad nach féidir a chúiteamh leis an ioncam a bhfuiltear ag súil leis ó athúsáid, athmhonarú nó athriochtú na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna sin. I gcás den sórt sin, ba cheart go bhféadfaí na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a bhaint ar bhealach scriosach chun ábhair ábhartha a scaradh amach roimh an mionghearradh. Is féidir páirteanna agus comhpháirteanna a dhíolmhú go hiomlán ó bhaint shainordaitheach, má ainmnítear amhlaidh iad sa Rialachán seo, má léiríonn an tsaoráid chóireála údaraithe go scarann teicneolaíochtaí iar-mhionghearrthóra ábhair ó*** na páirteanna agus na comhpháirteanna lena mbaineann ***ar bhealach chomh héifeachtúil céanna le*** próisis láimhe, le próisis leath-uathoibrithe nó le próisis uathoibrithe, agus ***go gcomhlíontar critéir agus teorainnluachanna an Rialacháin seo.*** Chun dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur i gcuntas, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith an Iarscríbhinn ábhartha a leasú.

(74) A luaithe a bhainfidh na saoráidí cóireála údaraithe páirteanna agus comhpháirteanna ó fheithicil a bhfuil a ré caite, ba cheart dóibh measúnú cúramach agus cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil na páirteanna agus na comhpháirteanna sin oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú, bunaithe ar chritéir oibiachtúla atá nasctha leis na gnéithe teicniúla de na páirteanna agus na comhpháirteanna agus na ceanglais sábháilteachta feithicle.

(75) Le Rialachán (AE) ***2023/1542***, leagtar amach rialacha maidir le hinbhuanaitheacht, feidhmíocht, sábháilteacht, bailiú, athchúrsáil agus dara húsáid ceallraí, chomh maith le rialacha maidir le faisnéis i dtaobh ceallraí a bhaint le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha. Ba cheart an acmhainneacht a bhaineann le dara húsáid ceallraí a chur san áireamh sa Rialachán seo trí cheallraí feithiclí leictreacha a eisiamh ó na páirteanna nó na comhpháirteanna bunriachtanacha, ionas go bhféadfar an fheithicil a thabhairt ar láimh lena cóireáil, saor in aisce, gan ceallra na feithicle leictrí, ***ar choinníoll go soláthróidh úinéir deireanach na feithicle doiciméadacht lena gcruthaítear gur láimhseáil oibreoir gairmiúil an ceallra i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542***.

(76) Agus aitheantas á thabhairt don acmhainneacht a bhaineann le hathmhonarú agus athriochtú san earnáil mótarfheithiclí agus don mhéid a rannchuidíonn siad leis an ngeilleagar ciorclach, is gá soiléireacht dhlíthiúil a sholáthar do na hoibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu leis an earnáil sin. Dá bhrí sin, maidir le páirteanna agus comhpháirteanna a bhaintear as feithicil a bhfuil a ré caite ***nó as oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála,*** atá ***oiriúnach lena n-athúsáid láithreach, nó lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú tuilleadh ag oibreoirí gairmiúla, ba cheart a shoiléiriú nár cheart a mheas gur dramhaíl iad. Chun ord na réiteach dramhaíola a urramú agus chun borradh a chur faoi úsáid chiorclach páirteanna spártha, níor cheart srian a chur le haistriú na bpáirteanna ná na gcomhpháirteanna sin idir oibreoirí eacnamaíocha, cé is moite de cheallraí. Ba cheart páirteanna agus comhpháirteanna a bhaintear as feithiclí a bhfuil a ré caite a sheiceáil, a ghlanadh agus, i gcás inar gá, a thástáil i gceart ag saoráid chóireála údaraithe ionas go bhféadfaí iad a athúsáid láithreach gan aon réamhphróiseáil eile, nó, i gcásanna eile, go mbeidís oiriúnach lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú tuilleadh.*** Ba cheart ***páirteanna agus comhpháirteanna nach bhfuil*** oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú ▌a▌ mheas ***mar*** dhramhaíl ***agus ba cheart a n-onnmhairiú a bheith faoi réir Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[20]. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta ábhartha a bheith in ann doiciméadacht a iarraidh, ón tsaoráid chóireála údaraithe a bhain an pháirt nó an chomhpháirt lena mbaineann, i gcás ina ndeimhníonn an tsaoráid chóireála údaraithe sin, trí mheasúnú tiomnaithe, oiriúnacht theicniúil na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna ábhartha lena n-athmhonarú, lena n-athriochtú nó lena n-athúsáid.

---

**20** Rialachán (AE) 2024/1157 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le loingsithe dramhaíola, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1257/2013 agus (AE) 2020/1056 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L, 2024/1157, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1157/oj).

(77) Sa mheastóireacht uaidh ar Threoir 2000/53/CE, shuigh an Coimisiún go gcuireann soláthraithe neamhaitheanta páirteanna agus comhpháirteanna spártha athláimhe ar fáil don phobal agus gur minic a eascraíonn siad as gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais nua a bhunú maidir le trádáil páirteanna agus comhpháirteanna athlaimhe, athmhonaraithe nó athchóirithe. Ba cheart, thar aon ní eile, na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a mharcáil le lipéad ar a léirítear ***ainm na*** comhpháirte nó na páirte***, agus faisnéis teagmhála na saoráide cóireála údaraithe a*** bhain ***an chomhpháirt nó an pháirt, agus ba cheart iad a chosaint go hiomchuí ar dhamáiste le linn iompar, luchtú agus dhíluchtú na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna. Ba cheart cóip den sonrasc nó den chonradh a bhaineann le haistriú na bpáirteanna sin a bheith ar fáil ag an tsaoráid chóireála údaraithe a bhain an chomhpháirt nó an pháirt, i gcás ina n-iarrfaidh an t-údarás inniúil an doiciméadacht sin***.

*(78) I gcás inar tomhaltóir é an t-úsáideoir deiridh, chumhdófaí, le Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21], díolachán na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna athláimhe, athmhonaraithe nó athchóirithe idir gnólachtaí agus tomhaltóirí. Ceanglaítear leis an Treoir sin go mbeidh na hearraí a dhíoltar i gcomhréir leis an gconradh díolacháin agus sonraítear inti dliteanas leigheasanna an díoltóra agus na dtomhaltóirí i gcás easpa comhréireachta, amhail deisiú saor in aisce nó athsholáthar na n-earraí. Ós rud é, de réir bhrí Threoir (AE) 2019/771, gur earraí athláimhe iad na páirteanna agus comhpháirteanna a baineadh agus go bhfuil siad oiriúnach lena n-athúsáid nó lena n-athchóiriú, is féidir leis an díoltóir agus leis an tomhaltóir teacht ar chomhaontú ar thréimhse dhliteanais nó ar theorann níos giorra, nach lú ná bliain amháin, má tá foráil déanta ag an mBallstát lena mbaineann d'fhéidearthacht den sórt sin. Moltar do na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ráthaíochtaí tráchtála maidir leis na páirteanna agus na comhpháirteanna athúsáidte, athmhonaraithe agus athchóirithe a sholáthar do thomhaltóirí agus dá gcustaiméirí in idirbhearta gnólacht le gnólacht.*

---

*21 Treoir (AE) 2019/771 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE (IO L 136, 22.5.2019, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/771/oj).*

(79) Ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre agus le cosaint an chomhshaoil, níor cheart páirteanna agus comhpháirteanna áirithe a baineadh ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a athúsáid, a athmhonarú ná a athriochtú. Níor cheart na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a úsáid chun feithiclí nua a dhéanamh, ná i bhfeithiclí a cuireadh ar an margadh cheana féin***, ach amháin i gcás ina léirítear sa mheasúnú teicniúil a rinneadh go gcomhlíonann siad na ceanglais feithicle is infheidhme. Níor cheart ach d'oibreoir deisiúcháin agus cothabhála cáilithe na páirteanna sin a shuiteáil.***

(80) Chun forbairt agus feidhmiú cuí an mhargaidh le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna in-athúsáidte, athriochtaithe agus athmhonaraithe ***agus iarfheistiú feithiclí*** san Aontas a spreagadh, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun athúsáid, athriochtú agus athmhonarú páirteanna agus comhpháirteanna a dhreasú ar an leibhéal náisiúnta, cibé acu a bhaintear le linn chéime úsáide nó ag céim deireadh ré na feithicle iad, ***chomh maith le hiarfheistiú feithiclí. Ba cheart na dreasachtaí sin a léiriú sna cláir chun dramhaíl a chosc a cheanglaítear ar na Ballstáit a bhunú de bhun Airteagal 29 de Threoir 2008/98/CE***. Ba cheart don Choimisiún an malartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú trína gcuid dea-chleachtas a chomhroinnt maidir leis na dreasachtaí a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht.

(81) Sa mheastóireacht uaidh ar Threoir 2000/53/CE, shuigh an Coimisiún go bhfuil an sainmhíniú ar athchúrsáil sa Treoir sin ró-leathan agus nach bhfuil sé i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE, toisc go meastar ann gur oibríocht athchúrsála é 'aislíonadh'. Dá bhrí sin, leis an Rialachán ba cheart an sainmhíniú ar athchúrsáil a ailíniú le Treoir 2008/98/CE trí aislíonadh a eisiamh óna raon feidhme.

(82) Ba cheart feabhas leanúnach a chur ar athchúrsáil na bplaisteach uile ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, agus tá sé tábhachtach soláthar leordhóthanach ábhar athchúrsáilte a áirithiú chun freastal ar an éileamh atá ann ar phlaistigh athchúrsáilte i bhfeithiclí. Dá bhrí sin, is gá sprioc shonrach athchúrsála 30 *%* de phlaistigh ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a leagan síos. Bheadh an sprioc sin comhlántach leis an sprioc athúsáide agus athchúrsála 85 % agus leis an sprioc athúsáide agus aisghabhála 95 % d'fheithiclí a bhfuil a ré caite de réir meánmheáchan in aghaidh na feithicle agus in aghaidh na bliana. Chun cur chun feidhme na gceanglas sin ag oibreoirí bainistithe dramhaíola a éascú, tá gá le hidirthréimhse 3 bliana. Idir an dá linn, an sprioc atá ann faoi láthair chun 85 *%* a athúsáid agus a athchúrsáil chomh maith le 95 *%* d'fheithiclí a bhfuil a ré caite a athúsáid agus a aisghabháil, a leagtar síos le Treoir 2000/53/CE, agus atá bunaithe ar an sainmhíniú ar athchúrsáil sa Treoir sin, ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith aici. ***Ní áireofar i meáchan an phlaistigh a athchúrsáiltear agus i meáchan iomlán na bplaisteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír leaistiméirí, teirmithéachtaí seachas cúir pholúireatáin a úsáidtear le haghaidh cúisínithe agus plaistigh ina bhfuil aon substaint dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1021 nó atá éillithe ag aon substaint dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin nuair a sháraítear tairseacha Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.***

(83) Tá sé tábhachtach aisghabháil ábhar tánaisteach ardcháilíochta a mhéadú trí fheabhas a chur ar phróisis mhionghearrtha na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite. Dá bhrí sin, ***níor cheart a cheadú*** feithiclí a bhfuil a ré caite, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair a phróiseáil i mionghearrthóir in éineacht le dramhaíl ó phacáistíocht agus le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, ***ach amháin má chomhlíontar critéir shonracha agus na ceanglais cháilíochta le haghaidh*** codáin ***aschuir***.

(84) Chun cáilíocht na cóireála ar fheithiclí a bhfuil a ré caite a mhéadú tuilleadh, níor cheart go bhféadfaí ach codáin dramhaíola a chur i líonadh talún a eascraíonn as feithiclí mionghearrtha a bhfuil a ré caite, i gcás nach sáraíonn na codáin ina bhfuil dramhaíl neamhthámh ***na teorainnluachanna a leagtar amach sa Rialachán seo***.

(85) Déantar feithiclí a bhfuil a ré caite a aicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach agus ní féidir iad a onnmhairiú chuig tíortha nach tíortha de chuid ECFE iad. Ba cheart go bhféadfaí feithiclí díthruaillithe a bhfuil a ré caite a chóireáil lasmuigh den Aontas i gcónaí, ar choinníoll go ndéantar na feithiclí díthruaillithe sin a bhfuil a ré caite a sheoladh i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2024/1157***.

(86) I gcás ina seoltar feithicil a bhfuil a ré caite ón Aontas chuig tríú tír, ba cheart don onnmhaireoir fianaise dhoiciméadach arna formheas ag an údarás inniúil sa tír cinn scríbe a sholáthar, lena ndearbhaítear go bhfuil na coinníollacha cóireála coibhéiseach den chuid is mó le ceanglais an Rialacháin seo, agus le ceanglais maidir leis an gcomhshaol agus maidir le sláinte an duine a chosaint a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2024/1157***.

(87) Chun a áirithiú go gcaitear le feithiclí a bhfuil a ré caite ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, tá sé tábhachtach soiléireacht a sholáthar maidir le stádas feithicle ar feadh a ré ina hiomláine, go háirithe i gcásanna inar gá feithiclí athláimhe a idirdhealú ó fheithiclí a bhfuil a ré caite. Ba cheart a cheangal ar úinéir feithicle a bheartaíonn úinéireacht feithicle athláimhe a aistriú laistigh den Aontas, ***in imthosca áirithe, doiciméadacht a thíolacadh*** nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. ***Ba cheart a léiriú sa doiciméadacht sin go bhfuil*** an fheithicil ***ródacmhainneach nó ba cheart measúnú a sholáthar inti i gcomhréir leis an Rialachán seo, ina bhfuil*** critéir ***chun*** a chinneadh an feithicil ▌ a bhfuil a ré caite í an fheithicil ▌. Ba cheart ***an measúnú sin a dhéanamh ar bhealach cascáideach, ó chritéir cheangailteacha go critéir tháscacha. A luaithe a chomhlíonfar critéar ceangailteach amháin, ba cheart a mheas gur*** feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. ***Mura gcomhlíontar aon chritéar ceangailteach, ba cheart na critéir tháscacha a sheiceáil. Má bhíonn feidhm ag ceann de na critéir tháscacha sin, bheadh gá le measúnú teicniúil breise chun a chinneadh cad iad na deisiúcháin is gá chun deimhniú ródacmhainneachta a fháil. Bunaithe ar an measúnú teicniúil sin, ba cheart an deis a bheith ag úinéir na feithicle a chinneadh ar cheart an fheithicil a dhiúscairt. Más rud é, laistigh de 5 bliana tar éis an mheasúnaithe theicniúil sin, nach bhfaighidh úinéir na feithicle deimhniú ródacmhainneachta, ba cheart a mheas gur feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil lena mbaineann. Ar feadh na tréimhse 5 bliana sin, ba cheart gurbh ionann an measúnú teicniúil agus doiciméadacht nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil.***

***Ba cheart gur saineolaí neamhspleách mótarfheithiclí a dhéanann an measúnú deireadh ré, ach is faoi gach Ballstát a bheadh sé cinneadh a dhéanamh cén chaoi ar cheart na saineolaithe neamhspleácha mótarfheithiclí sin a cheapadh. Ba cheart gur gairmithe iad na saineolaithe neamhspleácha mótarfheithiclí a bhfuil saineolas acu i réimse na teicneolaíochta mótarfheithiclí, i réimse an deisiúcháin agus na cothabhála nó i réimse an mheasúnaithe ar luach feithiclí, a cheaptar chun saineolas neamhchlaonta a sholáthar, gan leasanna coinbhleachta a bheith acu leis na páirtithe lena mbaineann. Chun ualaí iomarcacha ar dhaoine nádúrtha nach oibreoirí eacnamaíocha iad a sheachaint agus chun díriú go príomha ar chás fhormhór na bhfeithiclí a fhéadfaidh a bheith a bhfuil a ré caite, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas doiciméadachta ach amháin maidir leis na húinéirí feithiclí sin in imthosca sonraithe. Ba cheart baint a bheith ag na cásanna sin le díolacháin feithiclí ar dhearbhaigh cuideachta árachais gur caillteanas iomlán eacnamaíoch iad nó i gcás ina dtugtar an díolachán i gcrích go hiomlán trí ardán ar líne, gan an fheithicil a aistriú go fisiciúil idir an díoltóir agus an ceannaitheoir nó aon duine atá ag gníomhú thar a gceann.***

(88) ***Is gá a áirithiú, i gcás ina ndéanfaidh cuideachta árachais nó aon saineolaí mótarfheithiclí atá ag gníomhú thar a ceann measúnú ar dhamáiste d'fheithicil ar bhain tionóisc di, go ndéanfaí a fhíorú leis an measúnú sin, go háirithe, an gcáilíonn an fheithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite, i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa Rialachán seo. Chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus chun sainaithint chuí feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú, ba cheart údaráis inniúla na mBallstát a chumhachtú, i gcás amhrais maidir le stádas feithicle athláimhe, doiciméadacht a iarraidh ar úinéir na feithicle chun a dheimhniú nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. Ba cheart gur measúnú deireadh ré a dhéanfaí i gcomhréir leis an Rialachán seo nó deimhniú ródacmhainneachta bailí a bheadh sa doiciméadacht sin. Is féidir le húdaráis inniúla úsáid a bhaint as an saincheart sin gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh baint ag an bhfeithicil le tionóisc. Tá an cumhachtú sin infheidhme freisin maidir le feithiclí sainchuspóireacha, nár cheart a bheith faoi réir na rialacha lena rialaítear stádas na bhfeithiclí murach sin. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann feithiclí de chatagóir L1e, L2e agus L6e a dhíolmhú ó na rialacha maidir le stádas na feithicle sa reachtaíocht náisiúnta. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh faoi Airteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun na critéir sa Rialachán seo a leasú chun a chinneadh an feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil trí chritéir a bhaint ar dá réir a mheastar gur feithicil a bhfuil a ré caite feithicil i gcás ina dtugann dul chun cinn teicneolaíoch i réimsí na hinrianaitheachta, na hindeisitheachta agus na sábháilteachta údar leordhóthanach le scriosadh den sórt sin.***

(89) ***Chun a áirithiú nach mbainfear an bonn ón margadh inmheánach agus ós rud é go bhfuil dúshláin thábhachtacha chomhshaoil agus sláinte poiblí ag baint le honnmhairiú feithiclí athláimhe mar a dhoiciméadaítear i gClár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, is iomchuí ceanglais shonracha a leagan síos maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe.*** Ba cheart na ceanglais sin a bhunú ar chritéir oibiachtúla ar dá réir ní feithicil a bhfuil a ré caite feithicil athláimhe agus ní mór í a bheith ródacmhainneach de bhun Threoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22]. Ba cheart a áirithiú leis sin nach féidir ach feithiclí athláimhe atá oiriúnach lena dtiomáint ar bhóithre an Aontais a onnmhairiú chuig tríú tír ▌. Chun go bhféadfaidh údaráis chustaim a fhíorú go mbeidh na ceanglais sin á gcomhlíonadh tráth an onnmhairiúcháin, ba cheart a cheangal ar aon duine a onnmhaireoidh feithicil athláimhe an Uimhir Aitheantais Feithicle (VIN) a sholáthar do na húdaráis sin mar aon le ráiteas lena ndearbhaítear nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil athláimhe agus go meastar í a bheith ródacmhainneach.

---

[22] Treoir 2014/45/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tástálacha tréimhsiúla ródacmhainneachta ar mhótarfheithiclí agus ar leantóirí mótarfheithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/40/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/45/oj).

(90) Tá sé tábhachtach sásra a bhunú lena bhféadfar fíorú éifeachtach a dhéanamh go bhfuil na ceanglais onnmhairiúcháin á gcomhlíonadh ag feithiclí athláimhe gan bac a chur ar an trádáil idir an tAontas agus tríú tíortha. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún córas leictreonach a bhunú, á chur ar a gcumas do na húdaráis sna Ballstáit faisnéis a mhalartú ***agus a fhíorú*** i bhfíor-am faoin VIN agus faoi stádas ródacmhainneachta na bhfeithiclí athláimhe atá le honnmhairiú. I bhfianaise na ngnéithe agus na bhfeidhmiúlachtaí atá aige cheana féin atá nasctha le faisnéis a bhaineann le feithiclí atá cláraithe san Aontas a chomhroinnt idir údaráis chlárúcháin feithiclí, d'fhorbair an Coimisiún MOVE-HUB, ar ardán malartaithe teachtaireachtaí é, chun teachtaireachtaí a mhalartú chun cláir leictreonacha náisiúnta na mBallstát a idirnascadh. ***Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an Córas Eorpach Faisnéise maidir le Gluaisteáin agus Ceadúnais Tiomána (EUCARIS) a úsáid chun nascadh le córas leictreonach MOVE-HUB.*** I láthair na huaire, leis an ardán éascaítear idirnasc na nithe seo a leanas go léir: cláir de ghnóthais iompair de bhóthar (ERRU), na cláir um cheadúnais tiomána (RESPER), na cláir um oiliúint ghairmiúil do thiománaithe (ProDriveNet), an fógra maidir le teipeanna cigireachta cois bóthair ar fheithiclí (RSI) agus na cláir um chártaí tacagraif tiománaithe (TACHOnet).

Dá bhrí sin, ba cheart feidhmiúlachtaí MOVE-HUB a leathnú tuilleadh chun go bhféadfar faisnéis a mhalartú ***agus a fhíorú*** maidir leis an VIN agus maidir le stádas ródacmhainneachta na bhfeithiclí athláimhe atá le honnmhairiú. Chun go bhféadfaidh na húdaráis chustaim a fhíorú go leictreonach agus go huathoibríoch an gcomhlíonann feithicil athláimhe atá le honnmhairiú na ceanglais onnmhairiúcháin, ba cheart an córas leictreonach a oibríonn MOVE-HUB a idirnascadh le Timpeallacht an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. Déantar foráil sa Rialachán sin do chreat cuimsitheach de rialuithe uathoibrithe, a bhfuil feidhm acu maidir le foirmiúlacht neamhchustam shonrach de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart na príomheilimintí atá le rialú a leagan amach sa Rialachán seo, agus is faoi Rialachán (AE) 2022/2399 a leagfaí síos na bearta teicniúla de chur chun feidhme an rialaithe sin.

---

[23] Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2399/oj).

(91) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na gceanglas onnmhairiúcháin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na córais leictreonacha is gá a fhorbairt agus chun iad a dhéanamh oibríochtúil leis na córais náisiúnta.

(92) Ba cheart ***d'údaráis inniúla na*** mBallstát dul i gcomhar le chéile chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú maidir leis na ceanglais lena rialaítear onnmhairiú feithiclí athláimhe agus chun cúnamh frithpháirteach a sholáthar. Ba cheart malartú faisnéise a áireamh leis an gcúnamh sin chun stádas feithiclí roimh a n-onnmhairiú a fhíorú, lena n-áirítear faisnéis chlárúcháin a dhearbhú sa Bhallstát ina raibh siad cláraithe roimhe sin. ***Ba cheart an méid seo a leanas, inter alia, a bheith i gceist leis an gcomhar: rochtain a thabhairt ar dhoiciméid agus ar fhaisnéis ábhartha, lena n-áirítear torthaí na n-cigireachtaí, agus cloí leis an dlí is infheidhme maidir le cosaint sonraí lena rialaítear an t-údarás iarrata.*** Thairis sin, ar mhaithe le comhar cuimsitheach, ba cheart ***d'údaráis inniúla na*** mBallstát dul i gcomhar leis na húdaráis ó thríú tíortha.

(93) Tá sé tábhachtach go mbíonn údaráis chustaim in ann rialuithe a dhéanamh ar fheithiclí athláimhe atá le honnmhairiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. Tá sciar nach beag d'fheithiclí athláimhe a fhágann an tAontas ag déanamh ar thíortha ina bhfuil ceanglais maidir le allmhairiú bunaithe nó ina bhféadfaí iad a bhunú, cuir i gcás ceanglais i ndáil le haois na feithicle nó lena hastaíochtaí. Tá sé tábhachtach go mbíonn na húdaráis chustaim, trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, in ann fíorú leictreonach agus uathoibríoch a dhéanamh, an bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh ag feithicil athláimhe atá le honnmhairiú, i gcás ina ndéanfaidh na tríú tíortha lena mbaineann an fhaisnéis faoi na ceanglais sin a fhógairt don Choimisiún go hoifigiúil. ***Chun comhlíonadh a éascú, ba cheart don Choimisiún na coinníollacha sonracha ar tugadh fógra ina leith agus a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó na sábháilteachta ar bhóithre arna bhforchur ag tríú tíortha a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar thairseach thiomnaithe ar líne.*** Chun an comhshaol agus an tsábháilteacht ar bhóithre i dtríú tíortha a chosaint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na ceanglais sin a leagan amach.

---

24 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

(94) Chun cosc a chur ar an riosca go n-onnmhaireofar feithiclí gan na doiciméid is gá lena léirítear VIN agus ródacmhainneacht na feithicle agus ar an riosca nach mbraithfear neamhchomhlíonadh na gceanglas onnmhairithe ach amháin nuair a bheidh an fheithicil imithe ón Aontas cheana féin, níor cheart cur i bhfeidhm nósanna imeachta ***an teachta isteach i dtaifid an dearbhóra agus an fhéinmheasúnaithe*** a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a lamháil. Leis na nósanna imeachta sin, chuirfí cosc ar údaráis chustaim rialuithe fíor-ama a dhéanamh trí Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, rud a mhéadódh an riosca go sárófaí rialacha an Aontais maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe.

(95) Sa mheastóireacht uaidh ar Threoir 2000/53/CE, mheas an Coimisiún gur easnamh sa Treoir sin í an easpa ceanglas maidir le cigireachtaí sainordaitheacha. Dá bhrí sin, ba cheart ***oibleagáidí áirithe a fhorchur ar na Ballstáit leis an Rialachán seo, arb oibleagáidí iad a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhrath i réimse bhailiú, chóireáil agus onnmhairiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna, chomh maith le*** híoscheanglais a leagan amach maidir le minicíocht na gcigireachtaí, a raon feidhme agus saintréithe na saoráidí atá faoi réir na gcigireachtaí sin. Dhéanfaí iomaíochas na saoráidí cóireála údaraithe i ndáil leis na hoibreoirí neamhdhleathacha a chosaint mar sin agus dhéanfaí comhlíonadh leanúnach choinníollacha na gceadanna agus na gceanglas maidir le bailiú agus cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú.

(96) ***Chun forfheidhmiú éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú, is gá do na Ballstáit straitéisí cigireachta a bhunú atá ceaptha chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhrath le linn bailiú, cóireáil agus onnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite, chomh maith lena bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna. Ba cheart foráil a dhéanamh leis na straitéisí sin maidir leis na gníomhaíochtaí a leagtar amach sa Rialachán seo chun comhlíonadh a choimirciú agus chun rannchuidiú le cleachtais neamhdhleathacha san earnáil a chosc. Ba cheart do na Ballstáit*** cigireachtaí ▌ a dhéanamh gach ***bliain féilire. Ba cheart eintitis a oibríonn go dlíthiúil agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha amhrasta araon*** a chumhdach leis na cigireachtaí ***sin. Ba cheart an t-íoslíon cigireachtaí atá le déanamh gach bliain i ngach Ballstát a bheith ag comhfhreagairt do mhéid nach lú ná 10 %*** de shaoráidí cóireála údaraithe agus de ***phointí bailiúcháin údaraithe a oibríonn laistigh den Bhallstát sin***. Ní mór a chur i dtábhacht gur cheart na cigireachtaí a dhéantar faoin Rialachán seo a bheith comhlántach le cigireachtaí ar loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite, a rialaítear go cuimsitheach i Rialachán ***(AE) 2024/1157.***

(97) Ba cheart do na Ballstáit sásraí comhair a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ionas gur féidir cigireachtaí a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil ***agus é mar chuspóir acu cosc agus brath cóireála neamhdhleathaí agus onnmhairiú feithiclí a bhfuil a ré caite a éascú, agus aghaidh a thabhairt ar shaincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh***. Ba cheart malartú sonraí clárúcháin feithicle a chumasú leis na sásraí sin, rud a bhfuil gá leis chun na feithiclí a rianú agus chun a sheiceáil an gcuirtear cóireáil chuí orthu nuair a bhaineann siad an chéim deireadh ré amach. ***Chun comhar a chothú ar fud an Aontais maidir leis na hábhair sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit úsáid ghníomhach a bhaint as gníomhaireachtaí ábhartha atá ann cheana, amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], chomh maith le gréasáin forfheidhmiúcháin atá tiomnaithe d'aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht chomhshaoil ar fud an Aontais.***

(98) Ba cheart do na Ballstáit gach beart forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun dul i ngleic le cóireáil neamhdhleathach ar fheithiclí a bhfuil a ré caite, chun díobhálacha don chomhshaol nó do shláinte an duine de dheasca na ngníomhaíochtaí sin a chosc. Dá bhrí sin, aon bhunaíocht nó gnóthas a dhéanann cóireáil ar fheithiclí a bhfuil a ré caite gan cead bailí, nó a sháraíonn na coinníollacha nó na ceanglais a leagtar amach sa chead, ba cheart iad a chur faoi réir pionós. Ba cheart do na Ballstáit féachaint ar bhearta eile freisin, amhail an cead a tharraingt siar nó oibríochtaí oibreora a chur ar fionraí chun comhlíonadh éifeachtach an Rialacháin seo a áirithiú.

---

**25** Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

(99) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos ar phionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirtear na rialacha sin chun feidhme. Ba cheart na pionóis a bhunú go háirithe i gcás sáruithe ar na forálacha maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe, maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite a sheachadadh ar shaoráidí cóireála údaraithe nó ar phointí bailiúcháin agus maidir le trádáil páirteanna agus comhpháirteanna úsáidte, athmhonaraithe nó athriochtaithe. Ba cheart do na pionóis dá bhforáiltear a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(100) Is gá oibleagáidí tuairiscithe a bhunú chun cur chun feidhme cuí reachtaíocht an Aontais, mar aon le faireachán agus meastóireacht uirthi, a áirithiú agus chun faisnéis atá cothrom le dáta agus trédhearcach a sholáthar do mhargaí. Tá sonraí cearta agus bailí fíor-riachtanach chun go bhféadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh cé acu a fheidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gceart agus chun tuilleadh coigeartuithe a mholadh, i gcás inar gá, a bhfuil sé d’aidhm acu cóireáil fhónta ó thaobh an chomhshaoil de a áirithiú le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite nó cur chun feidhme an Rialacháin seo a chuíchóiriú. D’fhonn srian a chur leis an ualach a bhaineann le tuairisciú, níor cheart ach sonraí atá fíor-riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a thuairisciú agus ba cheart an tuairisciú a éascú trí uirlisí digiteacha. Ar bhonn na n-eilimintí sin, ba cheart a shonrú cé na sonraí atá le tuairisciú ag oibreoirí eacnamaíocha do na húdaráis ábhartha agus ag na Ballstáit don Choimisiún. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú i gcás cur chun feidhme ceanglais tuairiscithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Leis na gníomhartha cur chun feidhme, ar cheart iad a chur in ionad Chinneadh 2005/293/CE ón gCoimisiún[26], ba cheart modheolaíocht a leagan síos freisin chun ríomh agus fíorú a dhéanamh ar baineadh amach na spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála.

---

26 Cinneadh 2005/293/CE ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2005 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le faireachán a dhéanamh ar na spriocanna athúsáide/aisghabhála agus na spriocanna athúsáide/athchúrsála a leagtar amach i dTreoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite (IO L 94, 13.4.2005, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2005/293/oj).

(101) Tá ról tábhachtach ag údaráis inniúla na mBallstát maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhunaítear faoin Rialachán seo a bhaineann le bailiú agus bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite a fhíorú, lena n-áirítear rianú níos fearr ag na húdaráis sin ar an áit a bhfuil na feithiclí agus láimhseáil neamhdhleathach feithiclí a bhfuil a ré caite a chomhrac. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal go soláthródh oibreoirí bainistithe dramhaíola agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile sonraí do na húdaráis inniúla lenar féidir leo faireachán níos fearr a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na forálacha maidir le bailiú agus bainistíocht feithiclí a bhfuil a ré caite á gcur chun feidhme.

(102) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27].

---

[27] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

(103) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh faoin Rialachán seo, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[28]. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(104) Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29], lena liostaítear reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú gan forálacha maidir le pionóis, ba cheart í a leasú chun Treoracha 2000/53/CE agus 2005/64/CE a scriosadh ón liosta sin toisc gur gá go mbeadh forálacha pionóis sa Rialachán atá i bhfeidhm faoi láthair.

(105) Is gá a áirithiú go ndéanfar forálacha agus ceanglais an Rialacháin seo a bhaineann le cineálcheadú a fhíorú le linn phróiseas cineálcheadaithe an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2018/858 a leasú dá réir.

---

[28] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1,
ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

[29] Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169 25.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1020/oj).

(106) Aithníodh go bhfuil feithiclí ar iarraidh ar cheann de na dúshláin is mó a bhaineann le cur chun feidhme Threoir 2000/53/CE. In éagmais córas éifeachtúil lenar féidir faisnéis a mhalartú i bhfíor-am idir na Ballstáit maidir le stádas clárúcháin feithiclí, is amhlaidh a chuirtear bac ar inrianaitheacht agus sainaithníodh é sin mar chúis leis an líon ard 'feithiclí ar iarraidh' san Aontas. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ***mhol*** an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 1999/37/CE ón gComhairle[30] maidir leis na doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí. Leis an athbhreithniú sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit sonraí a thaifeadadh go leictreonach, i gcás feithiclí atá cláraithe ar a gcríoch, lenar féidir na cúiseanna le clárú feithicle a chealú a dhoiciméadú i gceart, go háirithe i gcás inar caitheadh le feithicil mar fheithicil a bhfuil a ré caite i saoráid chóireála údaraithe, inar athchláraíodh i mBallstát eile í, inar onnmhairíodh go tríú tír lasmuigh den Aontas í, nó inar goideadh í. Thairis sin, chun cosc a chur ar dhíchóimeáil nó onnmhairiú neamhdhleathach feithiclí a díchláraíodh go sealadach, ba cheart é a chur d'oibleagáid ar úinéirí feithiclí aon athrú ar a n-úinéireacht a thuairisciú go pras don údarás náisiúnta clárúcháin feithiclí. Leis na leasuithe sin, comhlánaítear na ceanglais atá ar na Ballstáit cheana sonraí a thaifeadadh go leictreonach maidir le gach feithicil atá cláraithe ar a gcríoch agus cuirtear leis na ceanglais sin.

---

30 Treoir 1999/37/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1999 maidir le doiciméid chlárúcháin le haghaidh feithiclí (IO L 138, 1.6.1999, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/37/oj).

(107) I bhfianaise an ghá atá ann ardleibhéal cosanta ar an gcomhshaol a áirithiú agus an dul chun cinn eolaíoch a chur i gcuntas, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus an tionchar atá aige ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus ar an gcomhshaol. Ba cheart don Choimisiún***, inter alia,*** meastóireacht a áireamh ▌ ina thuarascáil ar na forálacha maidir le feithiclí nua a dhearadh, lena n-áirítear na spriocanna i gcás in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta, maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite, lena n-áirítear na spriocanna athchúrsála, agus pionóis chomh maith le measúnú ar an ngá atá le raon feidhme na bhforálacha a leathnú tuilleadh, ***ar forálacha iad is infheidhme maidir le feithiclí de chatagóir*** L, feithiclí tromshaothair***, feithiclí a chineálcheadaítear i gcineálcheadú ilchéimneach agus maidir le mótarcharbháin, agus lena n-áirítear carbháin leantóra a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo.*** Ba cheart don mheastóireacht sin díriú ní hamháin ar ghnéithe a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, ach freisin ar an ábharthacht agus ar an mbreisluach a bhaineann le ceanglais dearaidh a leagan síos ***agus meastóireacht a dhéanamh ar a mhéid a réitíodh saincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh, lena n-áirítear meastacháin ar líon na bhfeithiclí atá ar iarraidh agus ar thionchar na mbeart maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe, agus ar an ngá atá le bearta breise a áireamh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist inrianaitheacht na bhfeithiclí***.

***Maidir leis sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh sa mheastóireacht sin ar éifeachtacht, idir-inoibritheacht agus iontaofacht na gcóras náisiúnta clárúcháin feithiclí agus ar a malartú trasteorann faisnéise chun sainaithint, stádas agus inrianaitheacht chruinn feithiclí ar feadh a saolré a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar staid na forbartha teicneolaíche agus ar fheidhmíocht chomhshaoil an ábhair phlaistigh bhithbhunaithe i bhfeithiclí agus ar leaistiméirí a dhíorthaítear ó athphróiseáil bonn i bhfeithiclí nua agus d'fhéadfadh sé togra reachtach a thíolacadh chun spriocanna ábhartha a leagan síos, i gcás inarb iomchuí. I gcás leaistiméirí a dhíorthaítear ó athphróiseáil bonn, ba cheart tús áite a thabhairt do mheasúnú a dhéanamh ar a mhéid is féidir iad a chomhtháthú sna spriocanna atá ann cheana i gcás ábhar plaisteach athchúrsáilte.***

(108) Ba cheart a áireamh sa tuarascáil ón gCoimisiún freisin meastóireacht ar na bearta a bhaineann le faisnéis a sholáthar faoi shubstaintí i bhfeithiclí ar ábhar imní iad agus ar a mhéid is gá le feabhas a chur ar inrianaitheacht na substaintí sin. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh inti freisin ar cé acu is gá nó nach gá bearta a thabhairt isteach lena dtabharfaí aghaidh ar na substaintí is féidir difear a dhéanamh do chóireáil feithiclí nuair a bhaineann siad an chéim deireadh ré amach, chun í a ailíniú ar bhonn níos dlúithe le Rialachán (AE) ***2024/1781***.

***(109) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh freisin, bunaithe ar na dearbhuithe a dhéanann monaróirí, i dtaobh an bhfuil monaróirí ar an mbóthar ceart chun na spriocanna maidir le plaisteach athchúrsáilte a chomhlíonadh. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh sa mheasúnú go háirithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí oiriúnacha athchúrsála plaisteacha, ar infhaighteacht leordhóthanach plaistigh athchúrsáilte, ar leibhéal cáilíochta an phlaistigh athchúrsáilte i gcomparáid leis an leibhéal sábháilteachta is gá agus ar dheacrachtaí teicniúla agus eacnamaíocha chun an sprioc a bhaint amach. I gcás inarb iomchuí, ba cheart togra reachtach ón gCoimisiún chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú a bheith ag gabháil leis an meastóireacht.***

(110) Is gá foráil a dhéanamh chun am leordhóthanach a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus do na Ballstáit chun an bonneagar rialacháin is gá a bhunú chun é a chur i bhfeidhm. Ba cheart, dá bhrí sin, cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

(111) Chun gur féidir leis na Ballstáit na bearta riaracháin is gá a dhéanamh maidir le córais bhailiúcháin a bhunú, agus leanúnachas a choimeád le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha agus oibreoirí bainistithe dramhaíola, ba cheart aisghairm Threoir 2000/53/CE a chur siar.

(112) Ní athraítear leis an Rialachán seo na rialacha maidir le srianta ar úsáid luaidhe, caidmiam mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh i bhfeithiclí a bunaíodh faoi Threoir 2000/53/CE ná na díolúintí ó na srianta sin. Mar sin féin, leagtar síos rialacha níos soiléire leis maidir leis an gcaoi a ndéanfar fíorú ar chomhlíonadh na srianta sin, chomh maith le comhlíonadh ceanglas ciorclaíochta eile, le linn an phróisis cineálcheadaithe. Chun a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag monaróirí chun na rialacha sin a chomhlíonadh, ba cheart a gcur i bhfeidhm a chur siar. Dá bhrí sin, ba cheart forálacha Threoir 2000/53/CE maidir le srianta ar úsáid luaidhe, caidmiam mearcair agus cróimiam heicsifhiúsaigh a bheith i bhfeidhm go dtí go mbeidh feidhm ag na rialacha sa Rialachán seo, chun leanúnachas a áirithiú agus chun a chinntiú nach bhfuil na substaintí sin sna feithiclí a chuirtear ar mhargadh an Aontais, i gcásanna seachas na cásanna dá bhforáiltear sa Treoir sin.

(113) Ina theannta sin, soláthraítear leis an Rialachán seo forálacha níos soiléire maidir le freagracht leathnaithe táirgeora ná na cinn a leagtar síos i dTreoir 2000/53/CE. Ó tharla go mbíonn roinnt ama i gceist le scéimeanna den sórt sin agus na forálacha náisiúnta is gá maidir le húdarú táirgeoirí agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bhunú, ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha sin a chur siar. Ba cheart forálacha comhfhreagracha Threoir 2000/53/CE leanúint de bheith i bhfeidhm go dtí go mbeidh feidhm ag na forálacha sa Rialachán seo chun leanúnachas a áirithiú maidir leis na táirgeoirí a mhaoiníonn na costais a bhaineann le feithiclí i ndeireadh a ré a bhailiú.

(114) Tá ceanglais nua sa Rialachán seo maidir le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, go háirithe maidir le páirteanna agus comhpháirteanna a bhaint chun a n-athúsáid, a n-athmhonarú nó a n-athriochtú a chur chun cinn chomh maith le cáilíocht na bpróiseas athchúrsála a mhéadú. Teastaíonn am ó oibreoirí bainistithe dramhaíola chun iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua sin agus dá bhrí sin, ba cheart a gcur i bhfeidhm a chur siar. Ba cheart forálacha comhfhreagracha Threoir 2000/53/CE leanúint de bheith i bhfeidhm go dtí go mbeidh feidhm ag na ceanglais sa Rialachán seo chun leanúnachas a áirithiú i dtaobh cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite.

(115) Chun leanúnachas a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí faoi Threoir 2000/53/CE maidir le tuairisciú agus na hoibleagáidí gaolmhara maidir le tarchur sonraí chuig an gCoimisiún go dtí go nglacfaidh an Coimisiún na rialacha nua maidir le ríomh agus na formáidí tuairiscithe nua faoin Rialachán seo.

(116) Ba cheart cur i bhfeidhm na bhforálacha uile a bhaineann le feithiclí de chatagóir L ▌ agus feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O a chur siar chun am leordhóthanach a sholáthar d'oibreoirí chun na ceanglais nua a chomhlíonadh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin a mhéid a bhaineann le ceadanna le haghaidh saoráidí cóireála údaraithe atá in ann díthruailliú a dhéanamh mar aon le tuilleadh cóireála ar na feithiclí sin.

(117) Ar mhaithe le soiléireacht, réasúnaíocht agus simpliú, ós rud é go bhfuil na rialacha uile maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht na mótarfheithiclí sin sa Rialachán seo, ba cheart aisghairm Threoir ***2005/64/CE*** a chur siar. Leis sin, soláthraítear am leordhóthanach do mhonaróirí chun a áirithiú go gcomhlíonann na cineálacha feithicle a dhearann agus a thógann siad na ceanglais chiorclaíochta agus d'údaráis chineálcheadaithe chun na rialacha nua a chur chun feidhme.

(118) Maidir le cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh aonair, na drochthionchair ó bhainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite a chosc agus a laghdú agus ardleibhéal cosanta ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a áirithiú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit iad a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr go bhfuil gá le comhchuibhiú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

*(119) Tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020. Tugadh an Comhaontú um Tharraingt Siar[31] i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Ríocht Aontaithe, den pháirt eile. Tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[32] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, déantar foráil d'idirthréimhse ar tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2020. Ag deireadh na hidirthréimhse, scoir dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige sa Ríocht Aontaithe, agus tháinig an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('Creat Windsor')[33], ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Chreat Windsor agus le pointe 9 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, tá feidhm ag Treoir 2005/64/CE, chomh maith le gníomhartha dlí an Aontais lena gcuirtear chun feidhme, lena leasaítear nó lena n-ionadaítear an Treoir sin, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Tagann an Rialachán seo in ionad Threoir 2005/64/CE agus dá bhrí sin bheadh feidhm aige maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. I bhfianaise raon feidhme Chreat Windsor, is iomchuí, dá bhrí sin, a shonrú nár cheart feidhm a bheith ag forálacha áirithe den Rialachán seo maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann,*

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

31 *Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign).*

32 *Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/135/oj).*

33 *Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).*

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo, leagtar síos ceanglais chiorclaíochta maidir le dearadh agus táirgeadh feithiclí a bhaineann le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht agus le húsáid cion athchúrsáilte, atá le fíorú tráth cineálcheadaithe na bhfeithiclí, agus maidir le ceanglais faisnéise agus lipéadaithe le haghaidh páirteanna, comhpháirteanna agus ábhar i bhfeithiclí. Leagtar síos ceanglais leis freisin maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, bailiú agus cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, chomh maith le honnmhairiú feithiclí athláimhe ón Aontas chuig tríú tíortha.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ dá dtagraítear in Airteagal 4(1), pointí (a)(i) agus (b)(i), de Rialachán (AE) 2018/858;

***(b) ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le feithiclí sainchuspóireacha agus feithiclí sainchuspóireacha a bhfuil a ré caite, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (31), de Rialachán (AE) 2018/858, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$;***

(c) ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/858;

(d) ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, maidir le*** ▌ feithiclí ***sainchuspóireacha agus feithiclí sainchuspóireacha a bhfuil a ré caite, mar a shainmhínítear*** in Airteagal ***3, pointe (31)***, de Rialachán (AE) ***2018/858, de chatagóirí*** $M_2$***,*** $M_3$***,*** $N_2$***,*** $N_3$ ***agus O;***

***(e) ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le feithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóir L, dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34].***

---

34 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj).

2. ***D'ainneoin mhír 1,*** ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

▌

(a) feithiclí a tháirgtear i sraitheanna beaga, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (30), de Rialachán (AE) 2018/858;

***(b) feithiclí de chatagóir L a tháirgtear i sraitheanna beaga dá dtagraítear in Airteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;***

***(c) feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil nó arna n-oiriúnú lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha amháin, dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (d), de Rialachán (AE) 2018/858;***

***(d) feithiclí arna ndearadh agus arna dtógáil lena n-úsáid ag na seirbhísí armtha, ag an gcosaint shibhialta, ag seirbhísí dóiteáin, ag fórsaí atá freagrach as an ord poiblí a choinneáil ar bun agus ag seirbhísí leighis éigeandála, dá dtagraítear in Airteagal 2(2), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;***

▌

(e) feithiclí ar díol spéise staire iad, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (7), de Threoir 2014/45/AE***, lena n-áirítear a bpáirteanna inaitheanta agus na comhpháirteanna is gá dá ngníomhaíochtaí cothabhála agus is gá chun a stádas stairiúil a chaomhnú don tréimhse ina meastar gur feithiclí ar díol spéise staire iad na feithiclí sin;***

*(f)* ***feithiclí mórspéise cultúrtha don tréimhse ina n-aithníonn na húdaráis inniúla na feithiclí sin go hoifigiúil mar fheithiclí den sórt sin agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 11 a ghabhann leis an Rialachán seo;***

***(g)*** ***carbháin leantóra dá dtagraítear i bpointe 5.6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858;***

***(h)*** ***feithiclí sainchuspóireacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (31), de Rialachán (AE) 2018/858 de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ nó O arna dtáirgeadh ag monaróir ísealtáirgeachta;***

***(i)*** ***rothair atá deartha i gcomhair troitheála de chatagóir $L1_e$-A dá dtagraítear i gcritéar (9) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, nó $L1_e$-B, dá dtagraítear i bpointe 1.1.2 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 3/2014 ón gCoimisiún[35].***

3. D'ainneoin mhír 1, pointe (c), ní bheidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí ná feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O:

(a) Airteagal 4 maidir le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht feithiclí;

(b) Airteagal 5 maidir le ceanglais i dtaca le substaintí i bhfeithiclí;

(c) Airteagal 6 maidir le cion íosta athchúrsáilte i bhfeithiclí;

---

35 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 3/2014 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais sábháilteachta feidhmiúla feithiclí chun feithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair a cheadú (IO L 7, 10.1.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2014/3/oj).

(d) Airteagal 8 maidir le hoibleagáidí ginearálta;

(e) Airteagal 9 maidir leis an straitéis chiorclaíochta;

(f) Airteagal 10 maidir le dearbhú i dtaca leis an gcion athchúrsáilte atá i bhfeithiclí;

(g) Airteagal 12 maidir le lipéadú na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá i bhfeithiclí;

(h) Airteagal 13 maidir le Pas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle;

(i) Airteagal 21 maidir le modhnú táillí;

(j) Airteagal 22 maidir leis an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile;

▌

(k) Airteagal 33 maidir le spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála;

***(l) Airteagal 35(2) maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite.***

▌

4. D’ainneoin mhír 1, pointe ***(e)***, ní bheidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí ná feithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóir ***L*** ▌:

▌

***(a) Airteagal 4 maidir le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht feithiclí;***

***(b) Airteagal 5 maidir le ceanglais i dtaca le substaintí i bhfeithiclí;***

(c) ***Airteagal 6 maidir le cion íosta athchúrsáilte i bhfeithiclí;***

(d) ***Airteagal 9 maidir leis an straitéis chiorclaíochta;***

(e) ***Airteagal 10 maidir le dearbhú i dtaca leis an gcion athchúrsáilte atá i bhfeithiclí;***

(f) ***Airteagal 13 maidir le Pas Digiteach Ciorclaíochta Feithicle;***

(g) ***Airteagal 21 maidir le modhnú táillí;***

(h) ***Airteagal 22 maidir leis an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile;***

(i) ***Airteagal 33 maidir le spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála;***

(j) ***Airteagal 35(2) maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite;***

(k) ***Airteagal 38 maidir le húdarás inniúil um fheithiclí athláimhe a onnmhairiú chuig tríú tíortha;***

(l) Airteagal 39 maidir le rialuithe agus ceanglais i dtaca le honnmhairiú feithiclí athláimhe;

(m) Airteagal 40 maidir le fíorú uathoibrithe ar an bhfaisnéis faoi stádas feithicle;

(n) Airteagal 41 maidir le bainistiú riosca agus rialuithe custaim;

(o) Airteagal 42 maidir le fionraí;

(p) Airteagal 43 maidir le scaoileadh le honnmhairiú;

(q) Airteagal 44 maidir le diúltú do scaoileadh le honnmhairiú;

(r) Airteagal 45 maidir le comhar i measc na n-údarás agus malartú faisnéise;

(s) Airteagal 46 maidir le córais leictreonacha.

▌

5. D’ainneoin mhír ***1***, pointe ***(b) agus (d)***, ***ní bheidh*** feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le feithiclí sainchuspóireacha ná feithiclí sainchuspóireacha a bhfuil a ré caite:

(a) Airteagal ***4 maidir le hin-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht*** feithiclí;

(b) Airteagal ***6 maidir le cion íosta athchúrsáilte i bhfeithiclí***;

(c) Airteagal 7 ***maidir le dearadh chun gur féidir páirteanna agus comhpháirteanna áirithe i bhfeithiclí a bhaint agus a athsholáthar***;

(d) Airteagal ***8 maidir le hoibleagáidí ginearálta***;

(e) Airteagal ***9 maidir leis an straitéis chiorclaíochta***;

(f) Airteagal ***10 maidir le dearbhú i dtaca leis an gcion athchúrsáilte atá i bhfeithiclí***;

(g) Airteagal ***11 maidir le faisnéis faoi bhaint agus athsholáthar na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá i*** bhfeithiclí***;***

(h) Airteagal ***12 maidir le lipéadú na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá i bhfeithiclí;***

(i) Airteagal ***13 maidir le Pas Digiteach Ciorclaíochta Feithicle;***

***(j) Airteagal 14 maidir le húdarás inniúil um fheithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú;***

***(k) Airteagal 15 maidir le saoráidí cóireála údaraithe;***

***(l) Airteagal 17 maidir le hEagraíochtaí um Fhreagracht Táirgeoirí;***

***(m) Airteagal 18 maidir le comhlíonadh na freagrachta leathnaithe táirgeora a údarú;***

***(n) Airteagal 19 maidir le clárú;***

***(o) Airteagal 21 maidir le modhnú táillí;***

***(p) Airteagal 22 maidir leis an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile;***

***(q) Airteagal 33 maidir le spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála;***

***(r) Airteagal 35(2) maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite;***

***(s) Airteagal 36 maidir le húinéireacht feithiclí athláimhe a aistriú laistigh den Aontas;***

***(t) Airteagal 37(1) maidir le stádas na feithicle;***

***(u) Airteagal 38 maidir le húdarás inniúil um fheithiclí athláimhe a onnmhairiú chuig tríú tíortha;***

***(v) Airteagal 39 maidir le rialuithe agus ceanglais i dtaca le honnmhairiú feithiclí athláimhe;***

***(w) Airteagal 40 maidir le fíorú uathoibrithe ar an bhfaisnéis faoi stádas feithicle;***

***(x) Airteagal 41 maidir le bainistiú riosca agus rialuithe custaim;***

***(y) Airteagal 42 maidir le fionraí;***

***(z) Airteagal 43 maidir le scaoileadh le honnmhairiú;***

***(aa) Airteagal 44 maidir le diúltú do scaoileadh le honnmhairiú;***

***(ab) Airteagal 45 maidir le comhar i measc na n-údarás agus malartú faisnéise;***

***(ac) Airteagal 46 maidir le córais leictreonacha.***

6. D'ainneoin mhír 1, ▌ ***beidh feidhm ag*** an méid seo a leanas:

(a) ***ní*** bheidh ***feidhm ag Airteagail 4 go 13 maidir le páirteanna d'fheithicil a cineálcheadaíodh i gcineálcheadú ilchéimneach ar chatagóir $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ nó O seachas an bhonnfheithicil; beidh feidhm ag na forálacha eile den Rialachán seo a mhéid*** a bheidh ***feidhm*** acu ***maidir le catagóir na feithicle lena mbaineann;***

***(b) ní bheidh feidhm ag Airteagal 5 maidir le feithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ nó O;***

***(c)*** ▌ ***maidir le feithiclí de chatagóir L, ní bheidh feidhm ag*** Airteagail 7 agus 11 ***ach amháin maidir le hiontrálacha 1, 2, 3, 4, 5, 7, 10 agus 11 de Chuid C d'Iarscríbhinn VII***;

***(d)*** ▌ ***ní bheidh feidhm ag*** Airteagal 7 ***maidir le feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O ach amháin maidir le hiontrálacha 1, 3, 4 agus 5 de Chuid C d'Iarscríbhinn VII***;

*(e)* ▌ ní bheidh ***feidhm ag*** Airteagal ***8 maidir le feithiclí de chatagóir L*** ach amháin i ndáil leis na ***hoibleagáidí is infheidhme maidir le*** feithiclí ***den sórt sin***;

***(f)*** ***ní bheidh feidhm ag Airteagal 16, pointe (b), maidir le feithiclí de chatagóir L, agus feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, nó O agus feithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_1$, $M_2$, $M_3$, $N_1$, $N_2$, $N_3$, agus O;***

*(g)* ***féadfaidh na Ballstáit*** feithiclí de chatagóirí ***L1e, L2e agus L6e a dhíolmhú ó na hoibleagáidí faoi Airteagal 23(6) agus Airteagail 25, 36 agus 37***;

▌

***(h)*** ***maidir le feithiclí de chatagóir L agus feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, agus O agus maidir le feithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O, ní bheidh feidhm ag Airteagal 29 ach amháin maidir le hiontrálacha 1, 2, 3, 4, 5, 7, 10 agus 11 de Chuid C d'Iarscríbhinn VIII;***

***(i)*** ***maidir le feithiclí de chatagóir L agus maidir le feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$, agus O, ní*** bheidh feidhm ***ag Airteagail 47 go 50 ach amháin maidir le tuairisciú agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí is infheidhme maidir le catagóirí feithiclí den sórt sin;***

▌

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'feithicil' aon fheithicil mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (15), de Rialachán (AE) 2018/858 nó a liostaítear in Airteagal 4(2) ▌ de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

(2) ciallaíonn 'feithicil a bhfuil a ré caite' feithicil ar dramhaíl í mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir 2008/98/CE, ***nó ar dramhaíl í*** de réir ▌ Iarscríbhinn I den Rialachán seo;

(3) ciallaíonn 'cineál feithicle' aon chineál feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (32), de Rialachán (AE) 2018/858 nó cineál feithicle mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (73), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

(4) ciallaíonn 'athúsáid' aon oibríocht ina mbaintear úsáid ***arís*** as páirteanna nó comhpháirteanna ó fheithiclí ***a bhfuil a ré caite*** chun na críche céanna dár ceapadh iad;

(5) ciallaíonn 'in-athúsáidteacht' an fhéidearthacht páirteanna nó comhpháirteanna a aistríodh ó fheithicil a bhfuil a ré caite a athúsáid;

(6) ciallaíonn 'in-athchúrsáilteacht' an fhéidearthacht páirteanna, comhpháirteanna nó ábhair a aistríodh ó fheithicil a bhfuil a ré caite a athchúrsáil;

(7) ciallaíonn ‘in-aisghabhálacht’ an fhéidearthacht páirteanna, comhpháirteanna nó ábhair a aistríodh ó fheithicil a bhfuil a ré caite a aisghabháil;

(8) ciallaíonn ‘soláthróir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a sholáthraíonn páirteanna, comhpháirteanna nó ábhair do mhonaróir a bhaineann úsáid astu chun feithiclí a mhonarú;

(9) ciallaíonn ‘plaisteach’ polaiméir de réir bhrí Airteagal 3, pointe (5), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, a bhféadfadh breiseáin nó substaintí eile a bheith curtha leis***, agus atá in ann feidhmiú mar an phríomhchomhpháirt struchtúrach de tháirgí deiridh, cé is moite de pholaiméirí nádúrtha nár athraíodh go ceimiceach;***

(10) ciallaíonn ‘amhábhair chriticiúla’ amhábhair chriticiúla ***de réir bhrí*** Airteagal ***4(1)*** de Rialachán (AE) ***2024/1252***;

***(11) ciallaíonn ‘dramhaíl réamhthomhaltais’ ábhar a atreoraítear ón sruth dramhaíola le linn próiseas monaraíochta, cé is moite d’athúsáid ábhar amhail athoibriú, athlíomh nó dramh a ghintear i bpróiseas agus ar féidir é a mhínghlanadh laistigh den phróiseas céanna a ghin é;***

(12) ciallaíonn ‘dramhaíl iarthomhaltais’ dramhaíl a gineadh ó tháirgí ***a*** cuireadh ar an margadh ***nó a soláthraíodh lena ndáileadh, lena dtomhailt nó lena n-úsáid i dtríú tír le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce***;

▌

(13) ciallaíonn ‘baint’ láimhseáil láimhe, mheicniúil, cheimiceach, theirmeach nó miotalóireachta, arb é an toradh a bhíonn uirthi go mbíonn na páirteanna, na comhpháirteanna nó na hábhair spriocdhírithe ó fheithiclí a bhfuil a ré caite in-sainaitheanta go haonarach mar shreabh aschuir ar leithligh nó mar chuid de shreabh aschuir;

(14) ciallaíonn ‘mótar ríomhthiomána’ mótar leictreach a thiontaíonn cumhacht ionchuir leictreach go cumhacht aschuir mheicniúil chun fórsa tarraingthe a sholáthar d’fheithicil;

(15) ciallaíonn ‘ceallra feithiclí leictreacha’ ceallra feithiclí leictreacha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (14), de Rialachán (AE) ***2023/1542***;

▌’

(16) ciallaíonn ‘saoráid chóireála údaraithe’ aon bhunaíocht nó aon ghnóthas a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE agus leis an Rialachán seo chun ***oibríochtaí*** bailithe***, stórála*** agus cóireála a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil a ré caite***, lena n-áirítear a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna***;

(17) ciallaíonn 'mionghearradh' oibríocht a úsáidtear chun feithiclí a bhfuil a ré caite a stróiceadh ina bpíosaí nó a scoilteadh;

(18) ciallaíonn 'cóireáil' aon ghníomhaíocht a tharlaíonn tar éis don fheithicil a bhfuil a ré caite a bheith tugtha ar láimh do shaoráid lena díthruailliú, lena díchóimeáil, lena dlúthú, lena gearradh, lena mionghearradh, lena haisghabháil nó lena hullmhú ***sula ndéanfar*** an dramhaíl ón mionghearrthóir a dhiúscairt, agus aon oibríocht eile a dhéantar chun an fheithicil a bhfuil a ré caite agus a páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a aisghabháil nó a dhiúscairt;

(19) ciallaíonn 'oibreoir deisiúcháin agus cothabhála' duine nádúrtha nó dlítheanach ***a thugann faoi ghníomhaíocht ghairmiúil a bhaineann go díreach nó go hindíreach le*** deisiú ***agus*** cothabháil ***feithiclí, lena n-áirítear deisitheoirí,*** monaróirí ***nó dáileoirí trealaimh deisiúcháin, uirlisí nó páirteanna spártha, mar aon le foilsitheoirí faisnéise teicniúla, clubanna gluaisteán, oibreoirí cabhrach ar thaobh an bhóthair, oibreoirí a thairgeann seirbhísí cigireachta agus tástála, oibreoirí a thairgeann oiliúint do shuiteálaithe, mar aon le monaróirí agus deisitheoirí trealaimh le haghaidh feithiclí breosla ailtéarnaigh;***

(20) ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' feithicil a sholáthar lena dáileadh nó lena húsáid ar an margadh le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(21) ciallaíonn 'cur ar an margadh' feithicil a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(22) ciallaíonn 'oibreoir bainistithe dramhaíola' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéileálann ar bhonn gairmiúil le bailiú nó cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite***, lena n-áirítear a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna***;

(23) ciallaíonn 'táirgeoir' aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáidtear, lena n-áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], a chuireann feithicil ar fáil den chéad uair lena dáileadh nó lena húsáid, laistigh de chríoch ***Ballstáit*** ar bhonn gairmiúil;

(24) ciallaíonn 'eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí' eintiteas dlítheanach a eagraíonn comhlíonadh oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora, ó thaobh airgeadais de nó ó thaobh airgeadais agus oibríochta de, thar ceann roinnt táirgeoirí;

(25) ciallaíonn 'ionadaí ***údaraithe*** maidir leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora' duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát ina gcuireann an táirgeoir ***feithiclí*** ar fáil ar an margadh den chéad uair, ***seachas an*** Ballstát ***nó an tríú tír*** ina bhfuil an táirgeoir bunaithe, agus a gceapann an táirgeoir é i gcomhréir le hAirteagal 8a(5), an tríú fomhír, de Threoir 2008/98/CE chun na hoibleagáidí ar an táirgeoir sin faoi Chaibidil IV den Rialachán seo a chomhlíonadh;

---

[36] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/83/oj).

***(26) ciallaíonn 'ionadaí údaraithe maidir leis an sásra trasteorann' duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i mBallstát agus atá ceaptha ag an monaróir i gcomhréir le hAirteagal 22;***

(27) ciallaíonn 'amhábhair thánaisteacha' ábhair is féidir a úsáid in ionad amhábhair phríomhúla agus a fuarthas trí phróisis athchúrsála;

(28) ciallaíonn 'úinéir feithicle' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a shealbhaíonn ceart úinéireachta feithicle ***nó*** sealbhóir deimhnithe clárúcháin ***feithicle nó, mura féidir sealbhóir an chirt úinéireachta ná sealbhóir an deimhnithe clárúcháin feithicle a shainaithint, sealbhóir na feithicle***;

(29) ciallaíonn 'teicneolaíocht iar-mhionghearrthóra' na teicnící agus na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun ábhair a phróiseáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite, i ndiaidh mionghearradh a dhéanamh orthu, lena n-aisghabháil a thuilleadh ***i gcomhréir le Cuid G, pointe 2, d'Iarscríbhinn VIII***;

(30) ciallaíonn 'athmhonarú' ***gníomhaíochtaí gairmiúla trína*** monaraítear páirt nó comhpháirt nua ***chun filleadh ar an riocht céanna le riocht nua*** ó pháirteanna agus ó chomhpháirteanna a bhaintear as feithiclí nó as feithiclí a bhfuil a ré caite agus ***trína*** ndéantar athrú amháin ar a laghad ▌ a dhéanann difear do shábháilteacht***, saolré***, feidhmíocht, cuspóir nó cineál ***na páirte nó na comhpháirte, i bpróiseas atá i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla sonracha, lena n-áirítear caighdeáin innealtóireachta, cháilíochta agus tástála;***

(31) ciallaíonn ‘athriochtú’ gníomhaíochtaí a dhéantar chun páirt nó comhpháirt a baineadh ó fheithiclí nó ó fheithiclí a bhfuil a ré caite a ullmhú, a ghlanadh, a thástáil***, a sheirbhísiú*** agus, i gcás inar gá, a dheisiú, chun ***a*** feidhmíocht nó a feidhmiúlacht ▌ a athchóiriú faoi chuimsiú na húsáide beartaithe agus an raoin feidhmíochta dár ceapadh ar dtús iad ag céim an dearaidh ▌ tráth curtha ***na páirte nó na comhpháirte*** ar an margadh;

▌

(32) ciallaíonn ‘dramhaíl neamhthámh’ dramhaíl nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis an sainmhíniú ar ‘dhramhaíl thámh’ a leagtar síos in Airteagal 2, pointe (e), de Threoir 1999/31/CE ón gComhairle[37];

(33) ciallaíonn ‘feithicil athláimhe’ feithicil a cláraíodh i mBallstát nó i dtríú tír agus nach feithicil a bhfuil a ré caite í;

(34) ciallaíonn ‘feithicil athláimhe atá le honnmhairiú’ feithicil athláimhe atá le cur faoin nós imeachta custaim, mar a leagtar síos in Airteagal 269 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

[37] Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/31/oj).

(35) ciallaíonn ‘oibreoir eacnamaíoch’ táirgeoir, bailitheoir, cuideachta árachais feithiclí, soláthróir, oibreoir deisiúcháin agus cothabhála, oibreoir bainistithe dramhaíola***, lena n-áirítear díchóimeálaí nó athchúrsálaí,*** agus aon oibreoir eile a bhfuil baint aige i ndearadh feithiclí, i dtrádáil feithiclí athláimhe, ***i ndíchóimeáil, in athúsáid,*** nó i mbainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite***, in athmhonarú agus in athriochtú páirteanna, comhpháirteanna agus ábhar ó fheithiclí***;

***(36) ciallaíonn ‘feithicil ródacmhainneach’ feithicil atá ródacmhainneach i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE;***

***(37) ciallaíonn ‘oibreoir iarfheistithe’ aon duine dlítheanach a mhonaraíonn fearas leictreach tiontaithe nó a dhéanann feithiclí faoi thiomáint ag inneall dócháin inmheánaigh a thiontú go feithiclí ceallra-leictreacha nó feithiclí breosla-chille;***

***(38) ciallaíonn ‘pointe bailiúcháin’ oibreoir eacnamaíoch seachas saoráid chóireála údaraithe, a stórálann feithiclí a bhfuil a ré caite go sealadach agus a ullmhaíonn aistriú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite arna mbailiú chuig saoráidí cóireála údaraithe lena gcóireáil;***

(39) ciallaíonn ‘dramhaíl’, ‘dramh-olaí’, ‘sealbhóir dramhaíola’, ‘bainistiú dramhaíola’, ‘bailiú’, ‘cosc’, ‘aisghabháil’, ‘athchúrsáil’, ‘aislíonadh’, ‘diúscairt’ agus ‘scéim freagrachta leathnaithe táirgeora’ dramhaíl, dramh-olaí, sealbhóir dramhaíola, bainistiú dramhaíola, bailiú, cosc, aisghabháil, athchúrsáil, aislíonadh, diúscairt agus scéim freagrachta leathnaithe táirgeora mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointí (1), (3), (6), (9), (10), (12), (15), (17), (17a), (19) agus (21), faoi seach, de Threoir 2008/98/CE;

(40) seachas ***le haghaidh feithiclí de chatagóir L:*** ciallaíonn ‘cineálcheadú’, ‘cineálcheadú ilchéimneach’, ‘comhpháirt’, ‘páirteanna’, ‘páirteanna spártha’, ‘bonnfheithicil’, ‘feithicil a tháirgtear i sraitheanna beaga’, ‘feithicil shainchuspóireach’, ‘údarás faireachais margaidh’, ‘údarás ceadúcháin’, ‘monaróir’, ‘allmhaireoir’ agus ‘dáileoir’ cineálcheadú, cineálcheadú ilchéimneach, comhpháirt, páirteanna, páirteanna spártha, bonnfheithicil, feithicil a tháirgtear i sraitheanna beaga, feithicil shainchuspóireach, údarás faireachais margaidh, údarás ceadúcháin, monaróir, allmhaireoir agus dáileoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointí (1), (8), (19), (21), (23), (24), (30), (31), (35), (36), (40), (42) agus (43), faoi seach, de Rialachán (AE) 2018/858;

(41) ***le haghaidh feithiclí de chatagóir L: ciallaíonn 'cineálcheadú', 'bonnfheithicil', 'comhpháirt', 'páirteanna', 'páirteanna spártha', 'monaróir', 'allmhaireoir', dáileoir, 'údarás ceadúcháin' agus 'údarás faireachais margaidh' cineálcheadú, bonnfheithicil, comhpháirt, páirteanna, páirteanna spártha, monaróir, allmhaireoir, dáileoir, údarás ceadúcháin agus údarás faireachais margaidh mar a*** shainmhínítear ***in Airteagal 3, pointí (1),(11), (16), (18), (21), (47), (49), (50), (56) agus (57), faoi seach, de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013***, ***agus ciallaíonn 'feithicil a tháirgtear i sraitheanna beaga' 'feithicil a tháirgtear i sraitheanna beaga' mar a shainmhínítear in Airteagal 42 den Rialachán sin;***

(42) ciallaíonn 'clárú', 'deimhniú clárúcháin', 'sealbhóir de dheimhniú clárúcháin', 'fionraí' agus 'clárú a chealú' clárú, deimhniú clárúcháin, sealbhóir de dheimhniú clárúcháin, fionraí agus clárú a chealú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (b), (c), (d), (e) agus (f), faoi seach, de Threoir 1999/37/CE;

(43) ciallaíonn 'feithicil ar díol spéise staire í', 'tástáil ródacmhainneachta' agus 'deimhniú ródacmhainneachta' feithicil ar díol spéise staire í, tástáil ródacmhainneachta agus deimhniú ródacmhainneachta mar a shainmínítear in Airteagal 3, pointí (7), (9) agus (12), faoi seach, de Threoir 2014/45/AE;

(44) ciallaíonn ‘substaint ar ábhar imní í’ agus ‘iompróir sonraí’ substaint ar ábhar imní í agus iompróir sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí ***(27)*** agus ***(29)***, faoi seach, de Rialachán ***(AE) 2024/1781***;

***(45) ciallaíonn ‘údaráis chustaim’ údaráis chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;***

***(46) ciallaíonn ‘ardán ar líne’ ardán ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (i), de Rialachán (AE) 2022/2065;***

***(47) ciallaíonn ‘monaróir ísealtáirgeachta’ monaróir ísealtáirgeachta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (48), de Rialachán (AE) 2024/1257;***

***(48) ciallaíonn ‘ceallra modhanna éadroma iompair’ nó ‘ceallra LMT’ ceallra modhanna éadroma iompair nó ceallra LMT, faoi seach, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 pointe (11), de Rialachán (AE) 2023/1542;***

***(49) ciallaíonn 'dramhaíl ó phacáistíocht' dramhaíl ó phacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (25), de Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38];***

***(50) ciallaíonn 'dramhthrealamh leictreach agus leictreonach' dramhthrealamh leictreach agus leictreonach mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (e), de Threoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39];***

***(51) ciallaíonn 'plaistigh bhithbhunaithe' plaistigh bhithbhunaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (53), de Rialachán (AE) 2025/40;***

***(52) ciallaíonn 'mínghlanadh' mínghlanadh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (13), de Rialachán (AE) 2024/573.***

---

**38** Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE (IO L, 2025/40, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/40/oj).

**39** ***Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/19/oj).***

Caibidil II

Ceanglais chiorclaíochta

Airteagal 4

In-athúsáidteacht, in-athchúrsáilteacht agus in-aisghabhálacht feithiclí

1. Gach feithicil a bhaineann le cineál feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi Rialachán (AE) 2018/858, tógfar í ar bhealach go mbeidh sí:

(a) in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte go dtí íosmhéid 85 % de réir maise;

(b) in-athúsáidte nó in-aisghabhála go dtí íosmhéid 95 % de réir maise.

2. I gcás gach cineáil feithicle dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh monaróirí na bearta seo a leanas:

(a) na sonraí is gá a bhailiú tríd an slabhra soláthair iomlán, go háirithe cineál agus mais na n-ábhar uile a úsáidtear agus na feithiclí á dtógáil, chun comhlíonadh leanúnach an Rialacháin seo a áirithiú;

(b) na sonraí iomchuí eile uile a bhaineann le feithiclí a cheanglaítear leis an bpróiseas ríomha dá dtagraítear i bpointe (e) a choimeád;

(c) ***nósanna imeachta a bhunú chun*** cruinneas agus iomláine na faisnéise a fhaightear ó ***na*** soláthróirí a fhíorú;

(d) miondealú na n-ábhar a bhainistiú agus a dhoiciméadú;

(e) na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta a ríomh chun críocha mhír 1 den Airteagal seo i gcomhréir leis an modheolaíocht arna bunú ag an gCoimisiún faoi mhír 3 den Airteagal seo nó, sula nglactar an mhodheolaíocht sin agus ***sula dtagann sí i bhfeidhm***, i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta ISO 22628:2002 in éineacht leis na heilimintí a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(f) páirteanna agus comhpháirteanna na bhfeithiclí atá déanta as polaiméirí agus leaistiméirí a mharcáil i gcomhréir le hAirteagal 12(1);

(g) a áirithiú nach n-athúsáidfear na páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid E d’Iarscríbhinn VIII agus feithiclí nua á dtógáil.

3. Glacfaidh an Coimisiún faoin … [***an lá deireanach den mhí i ndiaidh 29 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear modheolaíocht nua maidir le rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta feithicle a ríomh agus a fhíorú, agus na heilimintí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo ***agus i gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 22628:2002*** á gcur san áireamh. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

Airteagal 5

Ceanglais i dtaca le substaintí i bhfeithiclí

1. Déanfar láithreacht substaintí ar ábhar imní iad i bhfeithiclí agus ina bpáirteanna agus ina gcomhpháirteanna a íoslaghdú a mhéid is féidir.

***2. Faoin … [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil maidir le láithreacht substaintí ar ábhar imní iad i bhfeithiclí, chun a chinneadh a mhéid a bhfuil tionchar diúltach acu ar athúsáid agus athchúrsáil ábhar nó a mhéid a bhfuil drochthionchar acu ar an gcomhshaol nó ar an tsláinte. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh don Choimisiún maidir le gnéithe den tsábháilteacht cheimiceach. Ní chumhdófar leis an tuarascáil substaintí ar ábhar imní iad i bpáirteanna agus i gcomhpháirteanna feithicle a gceanglaítear sainaithint nó measúnú ina leith cheana féin le reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle, ina leagtar amach a thorthaí, agus breithneoidh sé ar na bearta leantacha iomchuí. Má mheasann Ballstát go ndéanann substaint difear diúltach d'athúsáid agus d'athchúrsáil ábhar i bhfeithicil ina bhfuil sí i láthair, déanfaidh sé, faoin … [30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], an fhaisnéis sin a sholáthar don Choimisiún agus, maidir le gnéithe den tsábháilteacht cheimiceach, don Ghníomhaireacht freisin agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, déanfaidh sé tagairt d'aon mheasúnuithe riosca ábhartha nó do shonraí ábhartha eile.***

3. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí cheanglais faisnéise agus srianta a bhunú maidir le láithreacht substaintí ar ábhar imní iad a dhéanann difear diúltach d'athúsáid agus d'athchúrsáil ábhar i bhfeithiclí ina bhfuil siad i láthair agus ina bpáirteanna agus ina gcomhpháirteanna, ar chúiseanna nach mbaineann go príomha le sábháilteacht cheimiceach.***

4. ▌ Aon chineál feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], faoi Rialachán (AE) 2018/858***, nó aon pháirteanna nó comhpháirteanna nua a chuirtear ar an margadh le haghaidh na feithicle sin,*** ní bheidh luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach ann.

▌

5. De mhaolú ar mhír 4 den Airteagal seo, féadfaidh luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach a bheith i gcineálacha feithicle ***nó i bpáirteanna agus i gcomhpháirteanna a chuirtear ar an margadh le haghaidh na bhfeithiclí sin*** faoi na coinníollacha agus suas leis na luachanna uastiúchana a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo. ***Ní bheidh feidhm ag míreanna 2, 3 agus 4 den Airteagal seo ná ag an mír seo maidir le ceallraí atá ionchorpraithe i bhfeithiclí a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1542 maidir leo.***

6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun Iarscríbhinn IV a leasú chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) luachanna uastiúchana a bhunú ar suas leo a bhfuil luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach le glacadh i bpáirteanna, comhpháirteanna agus ábhair aonchineálacha sonracha feithiclí;

(b) páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair aonchineálacha áirithe feithiclí a dhíolmhú ón toirmeasc ar luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach a bheith iontu a leagtar amach i mír 4 i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(i) ní féidir úsáid na substaintí sin a sheachaint;

(ii) léirítear gur mó na tairbhí socheacnamaíocha ná an riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine a eascraíonn as úsáid na substaintí sin;

(iii) níl aon substaintí ná teicneolaíochtaí malartacha oiriúnacha ann;

(c) páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair aonchineálacha feithiclí a scriosadh ó Iarscríbhinn IV, más féidir úsáid luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsaigh a sheachaint;

(d) na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair aonchineálacha ó fheithiclí atá le baint a ainmniú sula ndéanfar cóireáil bhreise orthu agus a cheangal go ndéanfaí iad a lipéadú nó a dhéanamh in-sainaitheanta trí mhodhanna iomchuí eile.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun Iarscríbhinn IV a leasú, go háirithe trí dhíolúintí áirithe le haghaidh ábhair aonchineálacha agus comhpháirteanna a bhaint ón liosta, i gcásanna ina dtugtar aghaidh ar an díolúine shonrach faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

***Agus gníomh tarmligthe de bhun na míre seo á ghlacadh aige, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an tionchar socheacnamaíoch a bhíonn ag díolúine ar an srian ar úsáid luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsaigh i gcineálacha feithicle a thabhairt isteach, a mhodhnú nó a scriosadh, lena n-áirítear infhaighteacht roghanna malartacha agus na tionchair ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine ar fud shaolré iomlán na bhfeithiclí.***

7. Arna iarraidh sin don Choimisiún, ullmhóidh an Ghníomhaireacht tuarascáil laistigh de 12 mhí***, bunaithe inter alia ar chomhairliúchán le geallsealbhóirí,*** maidir le hindéantacht theicniúil agus eacnamaíoch na roghanna malartacha ar dhíolúintí atá ann cheana a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, ullmhóidh sí togra cuí-réasúnaithe maidir leis an leasú sonrach ar aon díolúine den sórt sin.

8. A luaithe a gheobhaidh an Ghníomhaireacht an iarraidh ón gCoimisiún, foilseoidh sí fógra ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil maidir le leasú féideartha ar dhíolúine a liostaítear in Iarscríbhinn IV agus iarrfaidh sí ar ***Bhallstáit agus*** ar na páirtithe leasmhara uile barúlacha a chur isteach laistigh de ***12*** sheachtain ó dháta foilsithe an fhógra sin. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha uile a gheobhaidh sí ó ***na Ballstáit*** agus ó pháirtithe leasmhara ar a suíomh gréasáin.

9. ***12*** mhí ar a dhéanaí i ndiaidh an tuarascáil dá dtagraítear i mír 7 a bheith curtha faoi bhráid an Choimisiúin, déanfaidh an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, a bunaíodh de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tuairim a ghlacadh ar an tuarascáil agus ar na leasuithe sonracha atá beartaithe. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuairim sin faoi bhráid an Choimisiúin gan mhoill.

Airteagal 6

Cion íosta athchúrsáilte i bhfeithiclí

1. An plaisteach atá i ngach cineáil ***nua*** feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón … [***an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin***] ar aghaidh, faoi Rialachán (AE) 2018/858, beidh íosmhéid ***15*** % de phlaisteach arna athchúrsáil de réir meáchain ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ann.

***An plaisteach atá i ngach cineáil nua feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 120 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin] ar aghaidh, faoi Rialachán (AE) 2018/858, beidh íosmhéid 25 % de phlaisteach arna athchúrsáil de réir meáchain ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ann.***

2. ***Bainfear amach 20 % ar a laghad den sprioc a leagtar amach i mír 1 trí phlaistigh arna n-athchúrsáil ó fheithiclí a bhfuil a ré caite nó ó pháirteanna agus ó chomhpháirteanna a bhaintear ó fheithiclí le linn na céime úsáide a áireamh sa chineál feithicle lena mbaineann.***

3. ***Ní áireofar i meáchan an phlaistigh atá i ngach cineáil nua feithicle lena mbaineann ná i meáchan an phlaistigh athchúrsáilte dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 leaistiméirí ó bhoinn agus ó theirmithéachtaí seachas cúir polúireatáin a úsáidtear le haghaidh cúisínithe.***

4. ***Chun críocha na n-oibleagáidí a leagtar síos i míreanna 1, 2 agus 3, déanfar cion athchúrsáilte a aisghabháil ó dhramhaíl iarthomhaltais a athchúrsáladh i gceann díobh seo a leanas:***

   ***(a) suiteáil atá lonnaithe san Aontas; nó***

   ***(b) ón … [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], suiteáil atá lonnaithe i dtríú tír, ar choinníoll go gcomhlíonann an tsuiteáil sin ceanglais Iarscríbhinn XIII.***

***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú níos cuimsithí ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar thrádáil dhomhanda, agus ar thionscail athchúrsála agus tionscail gluaisteán an Aontais agus cuirfidh sé a mheasúnú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.***

***5***. Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 23 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 52(2) chun an mhodheolaíocht ***a bhunú*** maidir le ríomh agus fíorú a dhéanamh, chun críocha ***mhíreanna 1 go 4*** den Airteagal seo, ar sciar na bplaisteach arna ***n-athchúrsáil*** ó dhramhaíl iarthomhaltais, agus ó fheithiclí a bhfuil a ré caite ▌, atá i láthair agus arna n-ionchorprú i gcineálacha feithicle.

***Beidh feidhm ag modheolaíocht chuntasaíochta maidir le maischothromaíocht i dtaca le plaisteach athchúrsáilte a fhaightear ó mhodhanna athchúrsála seachas athchúrsáil mheicniúil, i gcomhréir leis na modheolaíochtaí cuntasaíochta maidir le maischothromaíocht is infheidhme i dtaca le hathchúrsáil plaisteach i gcomhréir leis an sainmhíniú ar athchúrsáil i dTreoir 2008/98/CE.***

***Áireofar sa mhodheolaíocht fíorúcháin oibleagáid ar mhonaróirí chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gach suiteáil atá lonnaithe i dtríú tír a tháirgeann ábhar ó chion athchúrsáilte atá á úsáid acu Iarscríbhinn XIII, agus go mbeidh iniúchadh á dhéanamh ar gach suiteáil den sórt sin atá lonnaithe i dtríú tír gach 5 bliana ar a laghad ag eintiteas tríú páirtí neamhspleách de bhun Iarscríbhinn XIV. Fíorófar leis na hiniúchtaí sin go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo á gcomhlíonadh.***

***Beidh feidhm ag an gceanglas iniúchóireachta a leagtar amach sa tríú fomhír den mhír seo agus na ceanglais agus na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII maidir le hábhar a athchúrsáiltear i dtríú tíortha ón … [48 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***6.*** ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a fhorlíonadh trí mhaoluithe sealadacha a leagan síos ar na spriocanna maidir le cion plaisteach athchúrsáilte, nó uainiú i gcás ina mbeadh sé ródheacair na híoschéatadáin d'ábhar athchúrsáilte a chomhlíonadh mar gheall ar easpa infhaighteachta nó praghsanna iomarcacha ar phlaistigh athchúrsáilte shonracha.***

*7.* ***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta*** a bheadh sé ***ceanglas*** a bhunú maidir le sciar íosta de chruach ▌ athchúrsáilte▌ ***, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh go háirithe:***

▌

(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta ***draimh fheiriúil,*** agus cruach ***cothrom agus fada agus, i gcás inarb ábhartha, aicmí táirgí cruach dosmálta á gcur san áireamh***;

(b) an sciar reatha de ***dhramh feiriúil*** i leath-tháirgí agus táirgí idirmheánacha cruach éagsúla ***a bhaineann le haicmí cruach*** a úsáidtear i bhfeithiclí ***agus athruithe a bhfuiltear ag súil leo a bhaineann le haistriú an tionscail ghluaisteán***;

(c) glacadh féideartha ***draimh fheiriúil*** ag monaróirí i bhfeithiclí a bheidh le cineálcheadú amach anseo ***agus an rannchuidiú féideartha faoi seach le leibhéil úsáide níos airde draimh i bhfianaise na srianta éagsúla comhdhéanaimh is infheidhme maidir le gach aicme táirgí cruach***;

(d) éileamh coibhneasta na hearnála mótarfheithiclí i gcomparáid leis an éileamh ar ***dhramh feiriúil*** ó earnálacha eile ***i bhfianaise an chumais cion copair a fhulaingt, agus cuimsiú dramh-ábhar neamhbheartaithe eile***;

(e) inmharthanacht eacnamaíoch, dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí athchúrsála a bhaineann le rátaí athchúrsála cruach, ***chomh maith leis an ngá le haghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh lena gcuirtear bac ar úsáid draimh fheiriúil iarthomhaltais i gcomparáid le úsáid draimh fheiriúil réamhthomhaltais***;

(f) an rannchuidiú ó sciar íosta de chion athchúrsáilte cruach i bhfeithiclí le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais, agus lena chuspóirí aeráide, comhshaoil ***agus tionsclaíocha***, ***go háirithe maidir le margaí luaidhe comhlántacha a chruthú le haghaidh táirgeadh cruach dícharbónaithe***;

(g) an gá atá le tionchair dhiúltacha dhíréireacha ar inacmhainneacht feithiclí a chosc; agus

(h) an tionchar ar chostais agus iomaíochas foriomlán na hearnála mótarfheithiclí ***agus an slabhra luacha cruach mótarfheithiclí ar fad***;

***Faoin ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 51, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí sciar íosta*** cruach arna hathchúrsáil ó dhramhaíl chruach iarthomhaltais ***agus, i gcás inarb ábhartha, dramh feiriúil atá le bheith*** i láthair ▌ agus le hionchorprú i gcineálacha feithicle ***atá le cineálcheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2018/858***. ***Socrófar leis an ngníomh tarmligthe sin freisin dáta chur i bhfeidhm na hoibleagáide sciar íosta de chion athchúrsáilte a bheith ann tráth nach déanaí ná … [84 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Ní mheasfar go dtagann cruach a úsáidtear mar ábhair threisithe i mbonn faoi raon feidhme an ghnímh tharmligthe sin.***

***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe*** i gcomhréir le ▌ hAirteagal 51***, lena mbunaítear modheolaíocht chun ríomh agus fíorú a dhéanamh ar sciar cruach arna hathchúrsáil ó dhramhaíl chruach iarthomhaltais i gcineálacha feithicle agus, más infheidhme, ó dhramh feiriúil, atá i láthair agus i gcineálacha feithicle agus a ionchorpraítear iontu***.

***8***. Faoin … [***an lá deireanach den mhí i ndiaidh 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta a bheadh sé ceanglas a bhunú maidir le sciar íosta ***alúmanaim agus a chóimhiotail, arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais atá i láthair i gcineálacha feithicle agus a ionchorpraítear iontu, agus na nithe seo a leanas á gcur san áireamh go háirithe:***

(a) ***infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta*** alúmanaim agus a chóimhiotail ▌arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais ▌; ▌

(b) ***na sciartha reatha de chion*** athchúrsáilte ó dhramhaíl iarthomhaltais ***in alúmanam agus a chóimhiotail i bhfeithiclí a chuirtear ar an margadh;***

***(c) inmharthanacht eacnamaíoch, dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí athchúrsála a bhaineann leis an gcineál ábhar a athchúrsáiltear, agus a rátaí athchúrsála;***

***(d) an rannchuidiú ó sciar íosta de chion athchúrsáilte alúmanaim i bhfeithiclí le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais, lena chuspóirí comhshaoil, aeráide, agus tionsclaíocha, go háirithe maidir le margaí luaidhe comhlántacha a chruthú le haghaidh táirgeadh alúmanaim dhícharbónaithe agus a chóimhiotail;***

***(e) an gá atá le tionchair dhiúltacha dhíréireacha ar inacmhainneacht feithiclí ina bhfuil alúmanam agus a chóimhiotail a chosc; agus***

***(f) an tionchar ar chostais agus iomaíochas foriomlán na hearnála mótarfheithiclí.***

***Faoin ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, i gcomhréir le hAirteagal 51, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí íoschion alúmanaim athchúrsáilte agus a chóimhiotail atá le bheith i láthair agus le hionchorprú i gcineálacha feithicle atá le cineálcheadú i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) 2018/858 a bhunú. Socrófar leis an ngníomh tarmligthe sin freisin dáta chur i bhfeidhm na hoibleagáide sciar íosta de chion athchúrsáilte a bheith ann tráth nach déanaí ná … [84 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].***

***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le ▌ hAirteagal 51, lena mbunaítear modheolaíocht chun ríomh agus fíorú a dhéanamh ar sciar alúmanaim agus a chóimhiotail arna hathchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais i gcineálacha feithicle agus, más infheidhme, ó dhramhaíl réamhthomhaltais, atá i láthair i gcineálacha feithicle agus a ionchorpraítear iontu.***

***9.*** ***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a indéanta a bheadh sé ceanglas a bhunú maidir le sciar íosta de na nithe seo a leanas:***

***(a)*** ***maignéisiam agus a chóimhiotail, arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl réamhthomhaltais agus iarthomhaltais agus atá i láthair i gcineálacha feithicle agus a ionchorpraítear iontu; agus***

***(b)*** ***neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam, nicil, cóbalt nó bórón arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais agus, i gcás inarb ábhartha, ó dhramhaíl réamhthomhaltais, agus atá i láthair i mbuanmhaighnéid agus a ionchorpraítear iontu.***

▌

▌ ***Cuirfear*** an méid seo a leanas san áireamh ▌ sa mheasúnú ***indéantachta***:

(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta na n-ábhar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl ***réamhthomhaltais agus*** iarthomhaltais;

(b) na sciartha reatha de chion athchúrsáilte ó dhramhaíl iarthomhaltais sna hábhair dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), i bhfeithiclí a chuirtear ar an margadh;

(c) inmharthanacht eacnamaíoch, dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht teicneolaíochtaí athchúrsála a bhaineann leis an gcineál ábhar a athchúrsáiltear, agus a rátaí athchúrsála;

(d) an rannchuidiú ó sciar íosta de chion athchúrsáilte na n-ábhar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b) i bhfeithiclí le huathriail straitéiseach an Aontais agus lena chuspóirí aeráide agus comhshaoil;

(e) tionchair fhéideartha ar fheidhmiú feithiclí i ngeall ar chion athchúrsáilte na n-ábhar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), a ionchorprú i bpáirteanna agus comhpháirteanna feithiclí;

(f) an gá atá le tionchair dhiúltacha dhíréireacha ar inacmhainneacht na bhfeithiclí ina bhfuil na hábhair dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), a chosc;

(g) an tionchar ar chostais agus iomaíochas foriomlán na hearnála mótarfheithiclí.

***Tar éis an measúnú dá dtagraítear sa chéad fhomhír a thabhairt chun críche, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 51, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí sciar íosta de na nithe seo a leanas a bhunú:***

***(a) maignéisiam agus a chóimhiotail, arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais agus, i gcás inarb ábhartha, ó dhramhaíl réamhthomhaltais, atá i láthair i gcineálacha feithicle agus a ionchorpraítear iontu; agus***

***(b) neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam, nicil, cóbalt nó bórón arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais agus, i gcás inarb ábhartha, ó dhramhaíl réamhthomhaltais, atá i láthair i mbuanmhaighnéid agus a ionchorpraítear iontu.***

***Leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear sa tríú fomhír, socrófar freisin dáta chur i bhfeidhm na hoibleagáide sciar íosta de chion athchúrsáilte a bheith ann.***

***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 51,*** lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun ríomh agus fíorú a dhéanamh ar sciar na n-ábhar ***athchúrsáilte dá dtagraítear sa tríú fomhír*** atá i láthair i gcineálacha feithicle ***agus a ionchorpraítear iontu***.

▌

Airteagal 7

Dearadh chun gur féidir páirteanna agus comhpháirteanna áirithe i bhfeithiclí a bhaint agus a athsholáthar

1. Gach feithicil a bhaineann le cineál ***nua*** feithicle nua ar a ndéantar cineálcheadú ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi Rialachán (AE) 2018/858 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, dearfar iad ar bhealach nach gcuirfear bac ar shaoráidí cóireála údaraithe na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII a bhaint den fheithicil lena mbaineann le linn chéim dhramhaíola na feithicle ***d'fhonn iad a athsholáthar, a athúsáid, a athchúrsáil, a athmhonarú nó a athriochtú i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil***.

2. Gach feithicil a bhaineann le cineál ***nua*** feithicle ar a ndéantar cineálcheadú ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] faoi Rialachán (AE) 2018/858, dearfar í ▌ ionas gur féidir le saoráidí cóireála údaraithe nó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, ar bhealach éasca agus neamhscriosach, na ceallraí feithicle leictreacha agus ***a gceallra-phacaí agus*** na mótair ríomhthiomána a bhaint agus a athsholáthar ón bhfeithicil le linn chéim úsáide agus chéim dhramhaíola na feithicle.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun mír 2 a leasú trí pháirteanna agus comhpháirteanna breise a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII ***a áireamh***, agus an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch á chur san áireamh.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagfar síos na coinníollacha maidir le dearadh chun páirteanna agus comhpháirteanna dá dtagraítear i mír 2 a bhaint agus a athsholáthar, i gcás inar gá, chun cur chun feidhme comhchuibhithe na hoibleagáide a leagtar amach sa mhír sin a áirithiú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

***5. Ní chuirfidh monaróirí bac ar pháirteanna agus comhpháirteanna feithicle a bhaint agus a athsholáthar trí úsáid a bhaint as nuashonruithe bogearraí, mura bhforáiltear a mhalairt i ndlí an Aontais.***

Caibidil III

Oibleagáidí na monaróirí

Airteagal 8

Oibleagáidí ginearálta

1. Léireoidh monaróirí go ndéantar cineálcheadú ar na ***cineálacha*** nua feithicle a mhonaraíonn siad agus a chuirtear ar an margadh, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/858***, Rialachán (AE) Uimh. 168/2013*** agus ceanglais an Rialacháin seo.

2. Chun críocha cineálcheadaithe do ***chineálacha feithicle*** a bhfuil ***feidhm*** ag na ceanglais in Airteagail 4, 5, 6 nó 7 maidir leo, soláthróidh an monaróir an doiciméadacht lena léireofar comhlíonadh na gceanglas sin agus déanfaidh sé an méid seo a leanas:

   (a) í a áireamh san fhillteán faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/858 ***nó in Airteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, de réir mar is infheidhme***; agus

   (b) í a chur faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/858 ***nó in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, de réir mar is infheidhme***.

3. Chun críocha cineálcheadaithe d’fheithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10 den Rialachán seo maidir leo, déanfaidh an monaróir an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Rialachán seo a tharraingt suas agus í a chur faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe, i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/858, in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú dá dtagraítear in Airteagal 23 den Rialachán sin.

4. Chun críocha cineálcheadaithe d’fheithiclí a bhfuil feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán seo maidir leo, cuirfidh an monaróir an dearbhú lena ndearbhaítear comhlíonadh an cheanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1) den Rialachán seo faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe, i gcomhréir le hAirteagal 24(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2018/858, ***nó le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013, de réir mar is infheidhme,*** in éineacht leis an iarratas ar chineálcheadú.

Airteagal 9

Straitéis chiorclaíochta;

1. ▌***Déanfaidh gach monaróir,*** amhail ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], straitéis chiorclaíochta a tharraingt suas ***ar leibhéal an mhonaróra***.

2. Tabharfar tuairisc sa straitéis chiorclaíochta ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an monaróir chun obair leantach a dhéanamh ar a oibleagáidí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chiorclaíochta i gCaibidil II▌.

3. Beidh na heilimintí a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn V sa straitéis chiorclaíochta.

4. Soláthróidh ***gach monaróir*** cóip den straitéis chiorclaíochta ***d'údaráis chineálcheadaithe na mBallstát agus don Choimisiún*** laistigh de 30 lá tar éis ▌ ***í a tharraingt suas***.

5. Déanfaidh gach monaróir faireachán agus obair leantach ar na gníomhaíochtaí atá sa straitéis chiorclaíochta agus tabharfaidh sé an straitéis cothrom le dáta***, ina léireofar na hathruithe nua ábhartha ar an straitéis chiorclaíochta,*** gach 5 bliana i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn V. Cuirfidh an monaróir straitéis chiorclaíochta nuashonraithe ar fáil don ***Choimisiún***.

6. Cuirfidh an Coimisiún na straitéisí ciorclaíochta agus aon nuashonrú ar na straitéisí sin ar fáil go poiblí, cé is moite d'fhaisnéis rúnda.

▌

7. Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 83 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus ***ar a laghad*** gach 6 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chiorclaíocht na hearnála mótarfheithiclí a tharraingt suas agus a fhoilsiú. Beidh an tuarascáil sin bunaithe go háirithe ar straitéisí ciorclaíochta agus nuashonruithe ar na straitéisí sin.

Airteagal 10

Dearbhú i dtaca leis an gcion athchúrsáilte atá i bhfeithiclí

1. Dearbhóidh monaróirí, i gcás gach cineáil ***nua*** feithicle ar a ndéantar cineálcheadú faoi Rialachán (AE) 2018/858 amhail ▌ ón gcéad lá den mhí i ndiaidh ***12*** mhí ***ó ghlacadh na modheolaíochtaí faoi seach chun an sciar de chion athchúrsáilte ó dhramhaíl iarthomhaltais i gcineálacha feithicle a ríomh agus a fhíorú, dá dtagraítear in Airteagal 6 den Rialachán seo***, an sciar faoi seach de chion athchúrsáilte den mhéid seo a leanas:

(a) neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, samairiam, ***nicil, cóbalt agus*** bórón i mbuanmhaighnéid i mótair ríomhthiomána;

(b) alúmanam agus a chóimhiotail;

(c) maignéisiam agus a chóimhiotail;

(d) cruach ***agus a chóimhiotail***;

***(e) plaistigh.***

Bainfidh an dearbhú le cion athchúrsáilte na n-ábhar sin atá sa chineál feithicle agus léireofar ann, in aghaidh an sciar ábhair, ***agus i gcás comhpháirteanna plaisteacha atá níos troime ná 100 gram,*** cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an t-ábhar a athchúrsáil ó dhramhaíl réamhthomhaltais nó ó dhramhaíl iarthomhaltais.

2. Fíoróidh na húdaráis chineálcheadaithe go bhfuil an doiciméadacht is gá curtha isteach ag na monaróirí agus go bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ina cuid di.

3. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir leis an sciar de chion athchúrsáilte in ábhar áirithe a dhearbhú i gcás ina bhfuil sprioc ***tagtha chun bheith infheidhme*** le haghaidh an ábhair sin faoi Airteagal ***6***.

Airteagal 11

Faisnéis faoi bhaint agus athsholáthar na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá i bhfeithiclí

1. Ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar aghaidh, soláthróidh monaróirí***, i gcás cineálacha nua feithiclí a cineálcheadaíodh***, rochtain neamhshrianta, chaighdeánaithe agus neamh-idirdhealaitheach d’oibreoirí bainistithe dramhaíola***, d’fhoilsitheoirí faisnéise teicniúla*** agus d’oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála, ar an bhfaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn VI, lena gcumasófar rochtain ar an méid seo a leanas agus baint agus athsholáthar sábháilte an mhéid seo a leanas***, mura bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais***:

(a) ceallraí feithiclí leictreacha ***agus a gceallra-phacaí*** atá ionchorpraithe san fheithicil;

▌

(b) páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair ina bhfuil na sreabháin agus na leachtanna a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn VIII agus atá i láthair i bhfeithiclí;

(c) páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII atá i láthair i bhfeithiclí;

(d) páirteanna agus comhpháirteanna ina bhfuil na hamhábhair chriticiúla dá dtagraítear in Airteagal ***28(1),*** pointe (b), ▌ de Rialachán (AE) ***2024/1252*** tráth an chineálcheadaithe den fheithicil;

(e) comhpháirteanna agus páirteanna i bhfeithicil atá códaithe go digiteach, i gcás ina gcuireann an códú sin cosc ar iad a dheisiú, a chothabháil nó a athsholáthar i bhfeithicil eile.

***Ní bheidh feidhm ag pointe (e) den chéad fhomhír maidir le faisnéis atá le soláthar d'fhoilsitheoirí faisnéise teicniúla.***

***2. Cuirfidh monaróirí faisnéis treorach maidir le tarrtháil agus práinnfhreagairt ar fáil do sheirbhísí éigeandála.***

3. Áiritheoidh monaróirí comhar leis na saoráidí cóireála údaraithe, ***leis na foilsitheoirí faisnéise teicniúla, leis na hoibreoirí iarfheistithe,*** agus leis na hoibreoirí deisiúcháin agus cothabhála trí na hardáin chumarsáide is gá a bhunú chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn VI a sholáthar agus a choimeád cothrom le dáta.

Soláthróidh na monaróirí an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír saor in aisce. Féadfaidh na monaróirí muirir ***réasúnta agus chomhréireacha*** a bhailiú ó oibreoirí bainistithe dramhaíola, ***ó fhoilsitheoirí faisnéise teicniúla*** agus ó oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála ***a mhéid*** is gá chun na costais riaracháin ***iarbhír arna dtabhú*** chun an fhaisnéis is gá a dhéanamh inrochtana trí ardáin chumarsáide a chumhdach.

4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun Iarscríbhinn VI a leasú trí athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar i bhfeithiclí agus ar raon feidhme na faisnéise atá le soláthar ag na monaróirí. ***Cuirfidh an Coimisiún i gcuntas forbairtí teicniúla agus rialála, teicneolaíocht faisnéise reatha agus forbairtí intuartha i dteicneolaíocht feithiclí.***

Airteagal 12

Lipéadú na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar atá i bhfeithiclí

1. Úsáidfidh monaróirí agus a soláthróirí ainmníocht na gcaighdeán códaithe maidir le comhpháirteanna agus ábhair a liostaítear i bpointí 1, 2 agus 3 d'Iarscríbhinn VII chun páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair feithiclí a lipéadú agus a shainaithint.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun Iarscríbhinn VII a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

Airteagal 13

Pas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle

1. Ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], beidh Pas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle ag gach feithicil a chuirfear ar an margadh, a bheidh ailínithe, ***idir-inoibritheach*** agus, ▌ i gcás inar féidir, comhtháite ***i*** bpasanna comhshaoil eile a bhaineann le feithiclí arna mbunú faoi dhlí an Aontais, ***go háirithe na pasanna dá dtagraítear in Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2023/1542, in Airteagal 3, pointe (68), de Rialachán (AE) 2024/1257 agus le pasanna ábhartha eile arna mbunú de bhun Rialachán (AE) 2024/1781***.

2. Beidh an Pas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle ***d'fheithicil atá á cur ar an margadh*** inrochtana saor in aisce ***agus beidh an méid seo a leanas ann, i bhformáid dhigiteach***:

***(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 11;***

***(b) an fhaisnéis faoi pháirteanna ina bhfuil luaidhe, mearcair, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach san fheithicil dá dtagraítear sa mhaolú a leagtar amach in Airteagal 5(5)***;

***(c) dearbhú maidir le sciar an chion athchúrsáilte plaisteach agus na hábhair a liostaítear in Airteagal 10(1)***;

▌

***(d) catalóg oifigiúil na bpáirteanna spártha le haghaidh an chineáil feithicle lena mbaineann.***

***3*** ***I gcás ina bhfuil*** faisnéis ***a cheanglaítear faoin Airteagal seo inrochtana cheana féin trí phas dá dtagraítear i mír 1 seachas an Pas Digiteach Ciorclaíochta Feithicle, ní dhéanfar an fhaisnéis a cheanglaítear faoi mhír 2 a dhúbailt sa Phas Digiteach Ciorclaíochta Feithicle, ar choinníoll go n-áirithítear idir-inoibritheacht***.

4. Áiritheoidh an monaróir a chuirfidh an fheithicil ar an margadh go mbeidh an fhaisnéis***, dá dtagraítear i mír 2,*** cruinn, iomlán agus cothrom le dáta.

5. Leis an bhfaisnéis uile a áireofar sa Phas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle, comhlíonfar na rialacha arna mbunú ag an gCoimisiún faoi mhír 6, agus:

(a) beidh sí bunaithe ar chaighdeáin oscailte;

(b) forbrófar i bhformáid idir-inoibritheach í;

(c) beidh sí inaistrithe trí líonra malartaithe sonraí idir-inoibritheach oscailte gan gaibhniú díoltóirí;

(d) beidh sí meaisín-inléite, struchtúrtha agus inchuardaithe.

6. ***Faoin … [48 mí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin],*** glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(a) modh agus ***buncheanglais*** an réitigh theicniúil ▌ atá le húsáid chun rochtain a fháil ar an bPas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle ***ar bhealach nach gcuireann bac ar aon réiteach teicneolaíoch***;

(b) na ceanglais theicniúla maidir le dearadh agus oibriú le haghaidh an Phas ***Dhigitigh*** Ciorclaíochta Feithicle, lena n-áirítear rialacha maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) ***ailíniú agus*** idir-inoibritheacht an Phas ***Dhigitigh*** Ciorclaíochta Feithicle le pasanna eile a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais;

(ii) stóráil agus próiseáil na faisnéise a áirítear sa Phas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle;

(iii) infhaighteacht an Phas ***Dhigitigh*** Ciorclaíochta Feithicle tar éis don mhonaróir, atá freagrach as na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 4 a chomhlíonadh, scor de bheith ann nó tar éis dó deireadh a chur lena ghníomhaíocht san Aontas;

(c) tabhairt isteach, modhnú agus tabhairt cothrom le dáta na faisnéise a áirítear sa Phas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle ag tríú páirtithe seachas an monaróir;

***(d)*** ***na coinníollacha maidir le rochtain ar an bPas Digiteach Ciorclaíochta Feithicle, lena n-áirítear an ceart rochtana agus na rialacha ábhartha maidir le sonraí a chosaint agus cearta maoine intleachtúla a chosaint;***

(e) suíomh an iompróra sonraí nó aitheantóra eile lena gcumasaítear rochtain ar Phas ***Digiteach*** Ciorclaíochta Feithicle na feithicle. ▌

Agus na rialacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír á leagan síos, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an gá atá le hardleibhéal slándála agus príobháideachais a áirithiú.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

## Caibidil IV
## Feithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú

### ROINN 1
### FORÁLACHA GINEARÁLTA

### Airteagal 14
### Údarás inniúil um fheithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó le bheith freagrach as na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo, go háirithe as faireachán agus fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh a gcuid oibleagáidí ag ***oibreoirí eacnamaíocha,*** ag táirgeoirí agus ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí mar a leagtar amach in Airteagail 15 go 37 ***agus in Iarscríbhinn I***.

2. Féadfaidh gach Ballstát pointe teagmhála amháin a ainmniú, i measc na n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1, chun cumarsáid a dhéanamh leis an gCoimisiún.

3. Leagfaidh na Ballstáit síos na mionsonraí a bhaineann le heagrúchán agus oibríocht na n-údarás inniúil, lena n-áirítear na rialacha riaracháin agus nós imeachta maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) táirgeoirí a chlárú i gcomhréir le hAirteagal ***19***;

   (b) údarú a thabhairt do tháirgeoirí agus d'eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal ***18***;

   (c) formhaoirseacht ar chur chun feidhme na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora i gcomhréir le hAirteagail 16 agus 20;

(d) bailiú sonraí faoi fheithiclí agus feithiclí a bhfuil a ré caite i gcomhréir le hAirteagail ***19***(12) agus 50(6);

(e) faisnéis a chur ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 50.

4. Faoin … [***an lá deireanach den mhí i ndiaidh 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], déanfaidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil arna n-ainmniú de bhun mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh na Ballstáit aon athruithe ar ainmneacha nó ar sheoltaí na n-údarás inniúil sin in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.

Airteagal 15

Saoráidí cóireála údaraithe

1. Gan dochar do Threoir 2010/75/AE, aon bhunaíocht nó aon ghnóthas a bhfuil sé beartaithe aige oibríochtaí cóireála a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil a ré caite, gheobhaidh sé cead ón údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2008/98/CE agus comhlíonfaidh sé na coinníollacha a leagtar síos sa chead sin.

2. Chun gur féidir cead dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a eisiúint, fíoróidh an t-údarás inniúil an bhfuil an acmhainneacht is gá ag an mbunaíocht nó ag an ngnóthas chun na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 26 a chomhlíonadh.

3. Leis na ceadanna dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, léireofar go mbeidh an inniúlacht ag na saoráidí cóireála deimhniú scriosta a eisiúint, dá dtagraítear in Airteagal 25.

***De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh faoina gcreataí dlíthiúla náisiúnta go bhfuil saoráidí cóireála údaraithe inniúil chun an deimhniú scriosta dá dtagraítear in Airteagal 25 a eisiúint.***

***4. Féadfaidh táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha faoi Airteagal 17(1), eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí conarthaí a thabhairt i gcrích le saoráidí cóireála údaraithe chun a n-oibleagáidí um fhreagracht táirgeora a chomhlíonadh. Beidh na conarthaí sin cothrom agus trédhearcach agus ní bheidh téarmaí ná coinníollacha idirdhealaitheacha iontu.***

***Féadfaidh Ballstáit conradh samplach a sholáthar chun comhlíonadh an Airteagail seo a éascú.***

5. Áiritheoidh na ***Ballstáit***, maidir leis na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun an cead a dheonú, go ndéanfar iad a chomhordú go hiomlán i gcás ina mbeidh baint ag níos mó ná údarás inniúil amháin nó níos mó ná bunaíocht nó gnóthas amháin leis na nósanna imeachta sin um cheadanna, agus é beartaithe acu oibríochtaí cóireála a dhéanamh ar fheithiclí a bhfuil a ré caite, ***chun cur chuige comhtháite éifeachtach ag na húdaráis inniúla uile a ráthú***.

***6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos ceanglais mhionsonraithe is infheidhme maidir leis na conarthaí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, d'fhonn téarmaí agus coinníollacha cothroma, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha a áirithiú. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).***

## ROINN 2

## FREAGRACHT LEATHNAITHE TÁIRGEORA

### Airteagal 16

### Freagracht leathnaithe táirgeora

1. Ón … ***[an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** beidh freagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí as feithiclí a chuirfidh siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, ***lena n-áirítear i gcás inar cuireadh an fheithicil ar fáil ar an margadh roimhe sin i mBallstát eile seachas an Ballstát ar laistigh dá chríoch a chuirtear an fheithicil ar fáil***. Beidh an ***scéim*** freagrachta ***leathnaithe táirgeora*** i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 8a de Threoir 2008/98/CE agus comhlíonfaidh sí ceanglais na Caibidle seo.

2. Áireofar leis an bhfreagracht leathnaithe táirgeora an oibleagáid ar tháirgeoirí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) maidir le feithiclí a chuir siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit agus a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite:

(i) go mbaileofar iad i gcomhréir le hAirteagal 23;

(ii) go ndéanfar cóireáil orthu i gcomhréir le hAirteagal 26;

(b) na hoibreoirí bainistithe dramhaíola a dhéanann cóireáil ar fheithiclí a bhfuil a ré caite dá dtagraítear i bpointe (a), comhlíonfaidh siad na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 33.

***3.*** ***Sna réigiúin*** is forimeallaí ***dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE, féadfaidh na Ballstáit oibleagáidí na dtáirgeoirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a oiriúnú chun na costais a bhaineann le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite a chumhdach agus saintréithe na réigiún sin á gcur i gcuntas.***

***4.*** ***Sa bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8a(3), pointe (e), de Threoir 2008/98/CE, foilseoidh táirgeoirí, i gcás ina gcomhlíontar oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora ar bhonn aonair, nó eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí arna gceapadh i gcás ina gcomhlíontar oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora ar bhonn comhchoiteann, ar a suíomhanna gréasáin uair sa bhliain, faoi réir rúndacht tráchtála agus thionsclaíoch, an fhaisnéis maidir le bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite agus baint amach spriocanna maidir le hathúsáid agus athchúrsáil, athúsáid agus aisghabháil agus athchúrsáil phlaisteach a rinne siad féin, i gcás ina gcomhlíontar oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora ar bhonn aonair, nó a rinne na táirgeoirí a cheap an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí sin i gcás ina gcomhlíontar oibleagáidí freagrachta leathnaithe táirgeora ar bhonn comhchoiteann.***

*Airteagal 17*

**Eagraíochtaí um Fhreagracht Táirgeoirí**

1. Féadfaidh táirgeoirí a roghnú a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh ar bhonn aonair nó féadfaidh siad eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí arna húdarú i gcomhréir le hAirteagal ***18*** a cheapadh chun na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh thar a gceann.

***Féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun a cheangal ar tháirgeoirí eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí a cheapadh chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe a chomhlíonadh thar a gceann.***

2. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí rúndacht na sonraí ina seilbh a mhéid a bhaineann le faisnéis dílseánaigh nó faisnéis is inchurtha go díreach i leith táirgeoirí aonair nó a n-ionadaithe ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora.

***3. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 16(4), cuirfidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí an fhaisnéis faoin nós imeachta roghnúcháin a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le mír 5 den Airteagal seo ar fáil go poiblí.***

4. Áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ***idirphlé rialta idir geallsealbhóirí de bhun Airteagal 8a(6) de Threoir 2008/98/CE. Oibreoirí bainistithe dramhaíola atá gníomhach i mbailiú agus i gcóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, ainmneoidh siad comhaltaí breathnóra ar bhoird feidhmiúcháin*** na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí.

***5. Beidh na hoibreoirí bainistithe dramhaíola faoi réir nós imeachta roghnúcháin neamh-idirdhealaitheach, bunaithe ar chritéir thrédhearcacha dhámhachtana, arna dhéanamh ag táirgeoirí nó ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus nach gcuireann ualach díréireach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.***

Airteagal ***18***

Comhlíonadh na freagrachta leathnaithe táirgeora a údarú

1. Déanfaidh táirgeoir, i gcás ina mbeidh oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora á gcomhlíonadh ar bhonn aonair, agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí arna gceapadh i gcás ina mbeidh oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora á gcomhlíonadh ar bhonn comhchoiteann, iarratas ar údarú ón údarás inniúil.

2. Ní dheonófar an t-údarú ach amháin i gcás ina léireofar go bhfuil na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8a(3), pointí (a) go (d), de Threoir 2008/98/CE á gcomhlíonadh agus gur leordhóthanach na bearta arna gcur i bhfeidhm ag an táirgeoir nó ag an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Chaibidil seo a chomhlíonadh maidir leis an líon feithiclí arna chur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Bhallstáit ag an táirgeoir nó na táirgeoirí a ngníomhaíonn an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí thar a gceann.

***Ní fhéadfar táirgeoirí, i gcás ina mbeidh oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora á gcomhlíonadh ar bhonn aonair, ná eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, i gcás ina mbeidh oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora á gcomhlíonadh ar bhonn comhchoiteann, a chlárú ach amháin i gcás inar thug an t-údarás inniúil an t-údarú sin dó i gcomhréir leis an Airteagal seo. Tá an méid sin gan dochar don fhéidearthacht an nós imeachta clárúcháin de bhun Airteagal 19 agus an nós imeachta údarúcháin de bhun an Airteagail seo a chomhcheangal in aon nós imeachta amháin.***

3. Déanfaidh na Ballstáit, ina mbearta lena leagtar síos rialacha riaracháin agus nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14(3), pointe (b), mionsonraí an nós imeachta údarúcháin a áireamh, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar cibé acu a bhaineann sé le comhlíonadh aonair nó comhlíonadh comhchoiteann na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, agus na módúlachtaí chun comhlíonadh ag táirgeoirí agus ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a fhíorú, lena n-áirítear an fhaisnéis a bheidh le soláthar ag táirgeoirí nó ag eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí chun na críche sin.

4. Tabharfaidh an táirgeoir nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí fógra don údarás inniúil gan moill mhíchuí maidir le haon athruithe ar an bhfaisnéis san údarú, le haon athruithe a bhaineann le téarmaí an údaraithe nó le scor buan na n-oibríochtaí.

5. Déanfar an sásra féinrialaithe dá bhforáiltear in Airteagal 8a(3), pointe (d), de Threoir 2008/98/CE go rialta, agus gach 3 bliana ar a laghad, agus arna iarraidh sin ag an údarás inniúil, chun a fhíorú go bhfuil na forálacha sa phointe sin á gcomhlíonadh agus go bhfuil na coinníollacha maidir le húdarú dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo á gcomhlíonadh i gcónaí. Déanfaidh an táirgeoir nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí, arna iarraidh sin, tuarascáil féinrialaithe agus, i gcás inar gá, an dréachtphlean gníomhaíochta ceartaithí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil. Gan dochar do na hinniúlachtaí faoi mhír 6 den Airteagal seo, féadfaidh an t-údarás inniúil barúlacha a thabhairt maidir leis an tuarascáil féinrialaithe agus maidir leis an dréachtphlean gníomhaíochta ceartaithí, agus cuirfidh sé aon bharúlacha den sórt sin in iúl don táirgeoir nó don eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí. Déanfaidh an táirgeoir nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí an plean gníomhaíochta ceartaithí a tharraingt suas agus a chur chun feidhme ar bhonn na mbarúlacha sin.

6. Féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh an t-údarú a chúlghairm mura gcomhlíonann an táirgeoir nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí a thuilleadh na ceanglais maidir le bailiú agus cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite a eagrú, nó má mhainníonn sé tuairisciú don údarás inniúil, nó má mhainníonn sé fógra a thabhairt don údarás inniúil faoi aon athrú a bhaineann le téarmaí an údaraithe, nó má scoir sé de bheith i mbun oibríochta.

Airteagal ***19***

***Clárú***

1. Faoin …[an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh gach Ballstát clár táirgeoirí, ***nó úsáidfidh sé clár táirgeoirí atá ann cheana***, a fhónfaidh chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na Caibidle seo ag táirgeoirí.

   Soláthrófar leis an gclár naisc chuig suíomhanna gréasáin de chláir náisiúnta táirgeoirí eile chun clárú na dtáirgeoirí nó clárú na n-ionadaithe ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora a éascú ***agus, má tá fáil orthu, do na suíomhanna gréasáin náisiúnta ar a bhfuil faisnéis faoin nós imeachta um chlárú***.

   ***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], bunóidh an Coimisiún suíomh gréasáin ina mbeidh na naisc chuig na cláir náisiúnta uile de tháirgeoirí chun clárú sna Ballstáit uile a éascú.***

   ***Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na naisc chuig a gcláir náisiúnta táirgeoirí laistigh de 30 lá ón dáta a sheolfar na cláir sin.***

2. Cláróidh táirgeoirí leis an gclár náisiúnta dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, cuirfidh siad iarratas isteach ar chlárú i ngach Ballstát ina gcuireann siad feithicil ar fáil ar an margadh den chéad uair.

Cuirfidh táirgeoirí an t-iarratas ar chlárú isteach trí chóras leictreonach próiseála sonraí dá dtagraítear i mír 8, pointe (a).

Ní chuirfidh táirgeoirí feithiclí ar fáil ar mhargadh Ballstáit, ach amháin má bhíonn siad cláraithe sa Bhallstát sin, nó, i gcás údaraithe, má bhíonn a n-ionadaithe ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora cláraithe sa Bhallstát sin.

3. Áireofar an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn IX san iarratas ar chlárú. Féadfaidh Ballstát faisnéis bhreise nó doiciméid bhreise a iarraidh, de réir mar is gá, chun clár na dtáirgeoirí a úsáid ar bhealach éifeachtúil.

4. De mhaolú ar mhír 3 den Airteagal seo, soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 1(d) d'Iarscríbhinn IX san iarratas ar chlárú faoi mhír 3 den Airteagal seo nó san iarratas ar údarú faoi Airteagal ***18***.

5. I gcás inar cheap táirgeoir eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí i gcomhréir le hAirteagal ***17(1),*** comhlíonfaidh an eagraíocht sin na hoibleagáidí faoin Airteagal seo ***mutatis mutandis*** mura sonraíonn an Ballstát, ina gcuirtear an fheithicil ar fáil ar an margadh den chéad uair, a mhalairt.

6. Féadfaidh ionadaí ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora na hoibleagáidí faoin Airteagal seo a chomhlíonadh thar ceann táirgeora.

***Má dhéanann ionadaí údaraithe amháin ionadaíocht do níos mó ná táirgeoir amháin i mBallstát, déanfaidh an t-ionadaí údaraithe sin ainm agus sonraí teagmhála gach ceann de na táirgeoirí dá ndéantar ionadaíocht a chur ar fáil ar leithligh.***

7. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gur aon nós imeachta amháin atá sa nós imeachta clárúcháin de bhun an Airteagail seo agus an nós imeachta údarúcháin de bhun Airteagal ***18***, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-iarratas ar údarú na ceanglais a leagtar amach i míreanna 3 go 6 den Airteagal seo.

8. Déanfaidh an t-údarás inniúil an méid a leanas:

(a) cuirfidh sé faisnéis faoin bpróiseas iarratais ar fáil ar a shuíomh gréasáin trí chóras leictreonach próiseála sonraí;

(b) deonóidh sé clárúcháin agus soláthróidh sé uimhir chlárúcháin laistigh d’uastréimhse 12 sheachtain ón tráth a sholáthraítear an fhaisnéis uile a cheanglaítear de bhun mhíreanna 2 agus 3.

9. Féadfaidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) modúlachtaí a leagan síos i leith cheanglais agus phróiseas an chlárúcháin gan ceanglais shubstainteacha a chur leis na cinn a leagtar síos de bhun mhíreanna 2 agus 3;

(b) táillí atá costas-bhunaithe agus comhréireach a mhuirearú ar tháirgeoirí chun na hiarratais dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo ***agus in Airteagal 18(1)*** a phróiseáil.

10. Féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú do tháirgeoir a chlárú nó clárú an táirgeora a tharraingt siar i gcás nach gcuirtear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo agus an fhianaise dhoiciméadach ghaolmhar ar fáil nó nach leor iad, nó i gcás nach gcomhlíonann an táirgeoir na ceanglais a leagtar síos i bpointe (d) d’Iarscríbhinn IX a thuilleadh.

Déanfaidh an t-údarás inniúil clárú an táirgeora a tharraingt siar murab ann don táirgeoir a thuilleadh.

11. An táirgeoir, nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ***údaraithe*** an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí arna ceapadh thar ceann na dtáirgeoirí dá ndéanann sí ionadaíocht, tabharfaidh sé nó sí fógra don údarás inniúil gan moill mhíchuí faoi aon athrú ar an bhfaisnéis sa chlárúchán agus faoi aon scor buan a mhéid a bhaineann leis na feithiclí dá dtagraítear sa chlárúchán a chur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit.

12. An táirgeoir nó, i gcás inarb infheidhme, ionadaí ***údaraithe*** an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí, tuairisceoidh sé nó sí don údarás inniúil atá freagrach as an gclár maidir le feidhmíocht na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora.

***I gcás nach bhfuil an fhaisnéis atá i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain saor in aisce ag na soláthraithe ar ardáin ar líne, lena bhféadfaidh tomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le táirgeoirí, ar an bhfaisnéis sin.***

Airteagal 20

Freagracht airgeadais na dtáirgeoirí

1. Leis na ranníocaíochtaí airgeadais a íocfaidh an táirgeoir, cumhdófar na costais seo a leanas a bhaineann leis na feithiclí a chuireann an táirgeoir ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit:

(a) na costais a bhaineann le bailiú feithiclí a bhfuil a ré caite, ***ar costais iad atá riachtanach*** chun na ceanglais in Airteagail 23 go ***25*** a chomhlíonadh agus ***chun iad a iompar ina dhiaidh sin ar bhealach éifeachtúil*** agus na costais a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite, ***ar costais iad atá riachtanach*** chun na ceanglais in Airteagail 26 go 30, 33 agus 35 a chomhlíonadh, agus aon ioncam ó oibreoirí bainistithe dramhaíola a fuarthas ó dhíolacháin na bpáirteanna spártha athláimhe agus na gcomhpháirteanna spártha athláimhe, na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite arna ndíthruailliú, nó na n-amhábhar tánaisteach ***arna n-aisghabháil ó pháirteanna, ó chomhpháirteanna agus ó ábhair den sórt sin, á chur i gcuntas; beidh na costais sin bunaithe ar ríomh meánchostais;***

(b) na costais a bhaineann le feachtais ardaithe feasachta a reáchtáil arb é is aidhm dóibh ***an pobal a chur ar an eolas agus*** feabhas a chur ar bhailiú feithiclí a bhfuil a ré caite;

(c) na costais a bhaineann leis ***an*** gcóras fógartha dá dtagraítear in Airteagal 25 a bhunú;

(d) na costais ***riaracháin*** a bhaineann le ***sonraí*** a bhailiú agus a chur ar fáil agus le tuairisciú do na húdaráis inniúla;

***Maidir le feithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2000/53/CE agus a cuireadh ar fáil ar an margadh roimh an… [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus de mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), agus mír 2 den Airteagal seo, i mBallstáit nach raibh ar na táirgeoirí, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), an dara fomhír de Threoir 2000/53/CE, na costais uile, ach cuid shuntasach díobh, a íoc, comhfhreagróidh na ranníocaíochtaí airgeadais nach mór do tháirgeoir na bhfeithiclí sin a dhéanamh do leibhéal arb ionann é agus cuid shuntasach de na costais dá dtagraítear ann.***

***2. Leis na ranníocaíochtaí airgeadais a íocann na táirgeoirí a chuireann an fheithicil ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, cumhdófar freisin na costais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a bhaineann le feithiclí nach féidir an táirgeoir a shainaithint lena n-aghaidh nó nach ann a thuilleadh dóibh sa Bhallstát ina ndearnadh feithicil a bhfuil a ré caite den fheithicil, i gcomhréir lena sciar féin den mhargadh.***

3. Leis na ranníocaíochtaí airgeadais a íocfaidh na táirgeoirí a chuireann feithiclí sainchuspóireacha ar fáil ar an margadh, ní chumhdófar ach na costais dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), a bhaineann le bailiú agus díthruailliú na bhfeithiclí sin.

4. I gcás chomhlíonadh aonair na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, soláthróidh na táirgeoirí ráthaíocht le haghaidh feithiclí a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair i gcríoch Ballstáit. Áiritheofar leis an ráthaíocht sin go maoineofar na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1 a bhaineann leis na feithiclí sin***, lena n-áirítear i gcás ina scoirtear go buan dá n-oibríochtaí nó i gcás dócmhainneachta***.

Is é an Ballstát ina gcuirtear an fheithicil ar fáil ar an margadh den chéad uair a chinnfidh méid na ráthaíochta, agus cuirfidh sé san áireamh na critéir a leagtar síos in Airteagal 21.

D'fhéadfadh an ráthaíocht a bheith i bhfoirm rannpháirtíochta ag an táirgeoir sna scéimeanna iomchuí a bhaineann le maoiniú an bhainistithe ar fheithiclí a bhfuil a ré caite***, ráthaíocht airgeadais nó árachas coibhéiseach*** ▌.

***5.*** ***Nuair a dhéantar feithicil nua a chineálcheadú i gcineálcheadú ilchéimneach, measfar gurb é táirgeoir na bonnfheithicle táirgeoir na feithicle lánchríochnaithe agus féadfaidh sé ranníocaíochtaí pro rata a bhailiú ó mhonaróirí na bpáirteanna, seachas an bhonnfheithicil, a cineálcheadaíodh sa chineálcheadú ilchéimneach. Ní chumhdófar leis na ranníocaíochtaí pro rata sin ach costais i ndáil le díthruailliú i gcomhréir le hAirteagal 28 agus baint páirteanna agus comhpháirteanna i gcomhréir le hAirteagal 29.***

***Micrifhiontair, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3) den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE[40] ón gCoimisiún, beidh siad díolmhaithe ó na ranníocaíochtaí sin.***

6. Déanfaidh an t-údarás inniúil, i ndlúthchomhar le táirgeoirí, le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus le hoibreoirí bainistithe dramhaíola, faireachán ar na nithe seo a leanas:

(a) meánchostais na n-oibríochtaí bailiúcháin, athchúrsála agus cóireála agus ioncaim na n-oibreoirí bainistithe dramhaíola;

(b) an leibhéal ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na táirgeoirí leis na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí arna gceapadh i gcás chomhlíonadh

---

**40** Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj).

comhchoiteann na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora ionas go leithdháilfear na costais go cothrom idir na hoibreoirí leasmhara uile.

Airteagal 21

Modhnú táillí

1. I gcás chomhlíonadh comhchoiteann na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, áiritheoidh eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí go ndéanfar na ranníocaíochtaí airgeadais arna n-íoc ag táirgeoirí leo a mhodhnú ach na nithe seo a leanas ***ar a laghad*** a chur i gcuntas:

(a) meáchan na feithicle***, gan ceallraí feithiclí leictreacha a áireamh***;

▌

(b) ráta in-athchúrsáilteachta agus in-athúsáidteachta an chineáil feithicle lena mbaineann an fheithicil, ar bhonn na faisnéise arna cur faoi bhráid an údaráis cineálcheadaithe i gcomhréir le hAirteagal 4;

(c) an t-am is gá chun an fheithicil a dhíchóimeáil ag saoráid chóireála údaraithe, go háirithe i gcás páirteanna agus comhpháirteanna ar gá iad a bhaint roimh an mionghearradh faoi Airteagal 29;

(d) sciar na n-ábhar agus na substaintí a chuireann cosc ar phróiseas athchúrsála ardcháilíochta ▌;

(e) an céatadán de chion athchúrsáilte na n-ábhar a liostaítear in Airteagail 6 agus 10 a úsáidtear san fheithicil;

(f) láithreacht agus méid na substaintí dá dtagraítear in Airteagal 5(4).

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha mionsonraithe a bhunú maidir leis an gcaoi a gcuirfear na critéir dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo i bhfeidhm.

Airteagal 22

Sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí a thagann chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile

1. ***D'ainneoin Airteagal 16 agus Airteagal 20(2),*** i gcás ina dtagann ***feithicil sa chatagóir*** $M_1$ ***nó*** $N_1$ chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite i mBallstát seachas an Ballstát ar ***cuireadh*** an fheithicil ar an margadh laistigh dá chríoch***, agus nach féidir aon*** táirgeoir ***a shainaithint ar chríoch an Bhallstáit ina dtagann sí chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite***, áiritheoidh ***monaróir na*** feithicle sin ▌ go gcumhdófar costais na n-oibríochtaí bainistithe dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal ***20(1), pointí (a) agus (d),*** arna dtabhú ag oibreoirí bainistithe dramhaíola.

2. ***D'fhonn a oibleagáidí faoi mhír 1 a chomhlíonadh, déanfaidh monaróir an méid seo a leanas***:

   (a) ionadaí údaraithe ***maidir leis an sásra trasteorann*** i ngach Ballstát a ainmniú trí shainordú i scríbhinn ***agus fógra a thabhairt do na húdaráis inniúla faoi na hainmniúcháin***; agus

   (b) sásraí comhair trasteorann a bhunú i gcomhar leis na hoibreoirí bainistithe dramhaíola a dhéanann na hoibríochtaí bainistithe dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal ***20(1), pointí (a) agus (d)***.

***Is é ionadaí údaraithe an mhonaróra dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo a dhéanfaidh na cúraimí a shonraítear sa sainordú a fuarthas ón monaróir. Féadfaidh monaróir eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí a ainmniú chun gníomhú mar a ionadaí údaraithe.***

***I gcás ina bhfuil an monaróir bunaithe lasmuigh den Aontas, féadfaidh ionadaí an mhonaróra san Aontas arna cheapadh i gcur i bhfeidhm Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2018/858 oibleagáidí an mhonaróra faoi phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír seo a chomhlíonadh.***

***3. Léireoidh monaróirí dá dtáirgeoirí go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 2.***

***4. Ní chuirfidh táirgeoirí ar fáil ar mhargadh Ballstáit ach na feithiclí sin ó mhonaróirí a thaispeáin go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i mír 2 comhlíonta acu.***

5. An Ballstát inar tháinig an fheithicil chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, déanfaidh sé faireachán i dtaobh an bhfuil míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo comhlíonta ag ***monaróirí agus ag a n-ionadaithe údaraithe***. Beidh an faireachán bunaithe ar an bhfaisnéis arna tuairisciú agus arna fíorú ag ***monaróirí agus ag a n-ionadaithe údaraithe*** do na húdaráis inniúla faoi chur chun feidhme mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, go háirithe maidir le ríomh agus leithdháileadh na gcostas a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhainistiú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, agus aird chuí á tabhairt ar rúndacht ghnó agus ábhair imní eile a bhaineann le hiomaíochas.

6. I gcás inar gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar an tAirteagal seo, agus ***faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit de bhun na ngníomhaíochtaí comhair agus faireacháin dá dtagraítear i míreanna 2 agus 5 den Airteagal seo*** á cur i gcuntas, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 den Rialachán seo. ***Beidh sé d'aidhm ag na gníomhartha sin, go háirithe, saobhadh an mhargaidh aonair a sheachaint agus cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe laistigh den Aontas agus lasmuigh de. Féadfar*** rialacha mionsonraithe ***a leagan síos sna gníomhartha tarmligthe*** maidir le hoibleagáidí ***na monaróirí, go háirithe iad siúd atá bunaithe lasmuigh den Aontas, ionadaithe údaraithe na monaróirí,*** táirgeoirí, na mBallstát agus na n-oibreoirí bainistithe dramhaíola agus gnéithe na sásraí dá dtagraítear san ***Airteagal seo***.

ROINN 3

FEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE A BHAILIÚ

Airteagal 23

Feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú

***1. Áiritheoidh táirgeoirí go mbaileofar gach feithicil a bhfuil a ré caite a chuir siad ar fáil ar an margadh ar chríoch Ballstáit den chéad uair, nuair a thiocfaidh na feithiclí sin chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite.***

2. Chun críoch mhír 1, déanfaidh na táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal ***17(1),*** na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, córais bhailiúcháin, lena n-áirítear pointí bailiúcháin, a chur ar bun, nó beidh siad rannpháirteach i gcur ar bun na gcóras sin ▌.

Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal ***17(1)***, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, córais bhailiúcháin a chur ar bun le haghaidh na bhfeithiclí uile a bhfuil a ré caite.

3. Áiritheoidh na táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal ***17(1)***, na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, go ndéanfar na nithe seo a leanas leis na córais bhailiúcháin dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo:

(a) cumhdófar críoch iomlán an Bhallstáit;

(b) ***cuirfear*** líon leormhaith saoráidí cóireála údaraithe nó ***pointí bailiúcháin ar fáil dóibh***, agus méid agus dlús an daonra mar aon le líon measta na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite á gcur i gcuntas, gan bheith teoranta do limistéir inar brabúsaí an bailiú agus an bainistiú ina dhiaidh sin;

(c) áiritheofar go mbaileofar dramhpháirteanna a eascraíonn as deisiúcháin ar fheithiclí;

(d) cumasófar bailiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite ▌, gan beann ar a dtionscnamh;

(e) cumasófar seachadadh saor in aisce na bhfeithiclí uile a bhfuil a ré caite chuig ***pointí bailiúcháin nó*** chuig saoráidí cóireála údaraithe mar a fhoráiltear in Airteagal 24(2).

4. Déanfaidh táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal ***17(1)***, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ***liosta na bpointí bailiúcháin agus na saoráidí cóireála údaraithe a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta ar a suíomhanna gréasáin agus*** déanfaidh siad feachtais oideachais lena gcuirfear chun cinn na ***córais*** bhailiúcháin le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite agus lena gcuirfear eolas ar fáil faoi na hiarmhairtí comhshaoil a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite a bhailiú agus a láimhseáil go míchuí. ***Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go ndéanfar na feachtais oideachais a chomhordú laistigh den Bhallstát, i gcomhar leis na táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 17(1), leis na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus leis na húdaráis inniúla araon.***

5. Féadfaidh na Ballstáit ***pointí bailiúcháin*** seachas saoráidí cóireála údaraithe a údarú chun feithiclí a bhfuil a ré caite ***a bhailiú***.

▌

***Gheobhaidh na pointí bailiúcháin cead ón údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 23 de Threoir 2008/98/CE agus comhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar síos sa chead sin. Chun cead a eisiúint, fíoróidh an t-údarás inniúil go bhfuil an acmhainneacht is gá ag an mbunaíocht nó ag an ngnóthas sin chun na hoibleagáidí seo a leanas a chomhlíonadh:***

(a) feithiclí a bhfuil a ré caite ***a bhailiú agus iad a stóráil go sealadach i gcomhréir le*** Cuid A d’Iarscríbhinn VIII;

(b) ***ullmhú le haghaidh*** na feithiclí a bhfuil a ré caite ***arna mbailiú a aistriú chuig saoráidí cóireála údaraithe trí sceitheadh sreabhán de thaisme agus rochtain neamhúdaraithe ar an bpointe bailiúcháin a chosc***;

▌

(c) a ráthú go n-aistreofar gach feithicil a bhfuil a ré caite arna bailiú chuig saoráid chóireála údaraithe laistigh de ***2 mhí*** ón tráth a bhfuarthas iad;

▌

6. Eiseoidh na ***pointí bailiúcháin*** doiciméad i bhformáid leictreonach, lena ndeimhneofar go bhfuarthas an fheithicil a bhfuil a ré caite, chuig úinéir na feithicle, agus soláthróidh siad é trí nós imeachta um fhógra leictreonach arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 25(2) d’údaráis ábhartha an Bhallstáit, lena n-áirítear na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Airteagal 14.

▌

Airteagal 24

***Feithiclí a bhfuil a ré caite a sheachadadh***

1. ***Déanfaidh úinéir feithicle, agus aon oibreoir eacnamaíoch a ghníomhaíonn thar ceann úinéir na feithicle, ar feithicil í a thagann chun bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, í a sheachadadh chuig saoráid chóireála údaraithe nó chuig pointe bailiúcháin gan moill mhíchuí. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le carbháin mhótair, dá dtagraítear i gCuid A, pointe 5.1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, atá tagtha chun bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite fad a úsáidtear na feithiclí sin chun críoch tithíochta.***

***Déanfar*** gach feithicil a bhfuil a ré caite ***nach féidir aon úinéir a shainaithint ina leith a sheachadadh*** lena cóireáil chuig saoráidí cóireála údaraithe.

2. Beidh úinéir deiridh feithicle in ann feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh chuig saoráid chóireála údaraithe ***nó pointe bailiúcháin*** saor in aisce mura rud é go mbeidh aon cheann de pháirteanna nó comhpháirteanna fíor-riachtanacha na feithicle in easnamh san fheithicil a bhfuil a ré caite, ▌ nó mura rud é go mbeidh dramhaíl inti a cuireadh leis an bhfeithicil a bhfuil a ré caite.

***3. Is iad seo a leanas na páirteanna fíor-riachtanacha chun críche an Airteagail seo:***

***(a) mótair ríomhthiomána;***

***(b) ceallraí feithiclí leictreacha;***

***(c) innill;***

***(d) píosaí móra iomadúla cabhalra.***

4. ***I gcás ina mbeidh ceallra na feithicle leictrí ar iarraidh ó fheithicil a bhfuil a ré caite, beidh seachadadh na feithicle a bhfuil a ré caite fós saor in aisce má sholáthraíonn úinéir deiridh na feithicle doiciméadacht lena gcruthaítear gur láimhseáil oibreoir gairmiúil an ceallra feithicle leictrí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542.***

5. ***I gcás feithiclí ar dhearbhaigh cuideachtaí árachais gur caillteanais theicniúla iomlána iad, beidh seachadadh na bhfeithiclí sin a bhfuil a ré caite saor in aisce d'ainneoin go bhfuil na páirteanna fíor-riachtanacha a leagtar amach i mír 2 in easnamh.***

Airteagal 25

Deimhniú scriosta

1. Eiseoidh saoráidí cóireála údaraithe deimhniú scriosta ***chuig úinéir deiridh na feithicle ar sheachadadh na feithicle*** a bhfuil a ré caite chuig an ***tsaoráid chóireála údaraithe***. ***Eiseofar*** an deimhniú scriosta ***i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach*** in Iarscríbhinn X.

2. Eiseofar an deimhniú scriosta i bhformáid leictreonach agus soláthrófar é trí nós imeachta um fhógra leictreonach chuig údaráis ábhartha an Bhallstáit, lena n-áirítear na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoi Airteagal 14. ***Soláthróidh an tsaoráid chóireála údaraithe cóip den fhógra leictreonach d'úinéir deiridh na feithicle agus d'aon oibreoir eacnamaíoch atá ag gníomhú thar ceann úinéir na feithicle.***

3. I gcás ina bhfuil an fheithicil a bhfuil a ré caite, ar eisíodh deimhniú scriosta ina leith i mBallstát, cláraithe i mBallstát eile, cuirfidh na húdaráis ***ábhartha arna n-ainmniú ag*** an mBallstát inar eisíodh an deimhniú scriosta in iúl do na húdaráis ábhartha ***arna n-ainmniú ag*** an mBallstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe gur eisíodh deimhniú scriosta don fheithicil atá i gceist.

4. Ní chuirfidh na húdaráis ***chlárúcháin feithicle*** ábhartha clárú feithicle a bhfuil a ré caite ar ceal ach amháin tar éis dóibh an deimhniú scriosta a fháil le haghaidh na feithicle sin.

5. Aithneofar deimhnithe scriosta a eiseofar i mBallstát amháin i ngach Ballstát eile.

▌

## ROINN 4

## CÓIREÁIL FEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE

### Airteagal 26

### Oibleagáidí ar shaoráidí cóireála údaraithe

1. Áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go nglacfar agus go ndéileálfar le gach feithicil a bhfuil a ré caite in éineacht lena páirteanna, a comhpháirteanna agus a hábhair, chomh maith le dramhpháirteanna a eascraíonn as deisiúcháin ar fheithiclí, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach ina gceadanna, agus i gcomhréir leis an Rialachán seo. ***Féadfar cóireáil na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a dhéanamh ar bhonn aonair ag saoráid chóireála údaraithe amháin nó, cé is moite de dhíthruailliúcháin, i gcomhar le saoráidí cóireála údaraithe eile.***

2. Déanfaidh saoráidí cóireála údaraithe na nithe seo a leanas:

(a) na feithiclí uile a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair a stóráil, go sealadach fiú, i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach i gCuid A d’Iarscríbhinn VIII;

(b) na feithiclí uile a bhfuil a ré caite a dhíthruailliú, i gcomhréir le hAirteagal 28 agus leis na híoscheanglais a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn VIII;

(c) na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d’Iarscríbhinn VIII a bhaint den fheithicil a bhfuil a ré caite ***i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 30***;

(d) gach feithicil a bhfuil a ré caite agus a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna agus a n-ábhair a chóireáil i gcomhréir le ***hAirteagail 27 go 31, 33, 34, agus 35 den Rialachán seo agus le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis***, le hord na réiteach dramhaíola agus leis na ceanglais ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE;

***(e) na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (10), de Threoir 2010/75/AE, i gcás inarb infheidhme;***

▌

***(f) an fheithicil a bhfuil a ré caite a chóireáil laistigh de 12 mhí ón dáta seachadta.***

I dteannta na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 35 de Threoir 2008/98/CE, déanfaidh na saoráidí cóireála údaraithe an taifead ar na hoibríochtaí cóireála uile a stóráil go leictreonach, ar oibríochtaí iad ***dá dtagraítear i bpointí (a) go (e) den chéad fhomhír den mhír seo***, agus a dhéantar ar fheithiclí a bhfuil a ré caite ar feadh 3 bliana, agus beidh siad in ann an fhaisnéis sin a chur i láthair, arna iarraidh sin do na húdaráis náisiúnta ábhartha.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun Iarscríbhinn VIII a leasú trí na híoscheanglais chóireála le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite a chur in oiriúint don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil***, i dteicneolaíochtaí cóireála, lena n-áirítear:***

***(a) na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII a chur isteach, a scriosadh nó a athbhreithniú;***

(b) ***athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocluachanna le haghaidh na gcodán aschuir a liostaítear i gCuid G, pointe 2, d'Iarscríbhinn VIII;***

(c) ***liosta na gcineálacha cóimhiotail alúmanaim a liostaítear i gCuid G, pointe 2(b) agus (c), d'Iarscríbhinn VIII a leathnú;***

(d) ***ceanglais cháilíochta a chur isteach chun feabhas a chur ar dheighilt plaisteach in-athchúrsáilte agus spriocluachanna le haghaidh teicneolaíochtaí athchúrsála ina dhiaidh sin is infheidhme maidir le Cuid G, pointe 2, d'Iarscríbhinn VIII.***

4. Spreagfaidh na Ballstáit saoráidí cóireála údaraithe chun córais bainistíochta comhshaoil dheimhnithe a thabhairt isteach ***agus chun iniúchtaí a dhéanamh*** i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009.

Airteagal 27

Ceanglais ghinearálta i dtaca le mionghearradh

1. Ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], iarrfaidh saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí bainistithe dramhaíola eile ***a dhéanann oibríochtaí mionghearrtha*** go seachadfar feithiclí a bhfuil a ré caite chucu lena mionghearradh***, nó páirteanna agus comhpháirteanna struchtúracha móra ón bhfonnadh nó ón gcabhalra ó fheithiclí a bhfuil a ré caite de chatagóirí*** $N_2$, $N_3$, $M_2$, $M_3$ ***agus O a sheachadtar chucu lena mionghearradh nó lena ngearradh***:

(a) ***atá díthruaillithe i gcomhréir le hAirteagal 28 agus a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna bainte i gcomhréir le hAirteagal 29***; ***agus***

(b) cóip den deimhniú scriosta ***ag gabháil leo*** a eisíodh le haghaidh na feithicle lena mbaineann a bhfuil a ré caite.

2. Saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí bainistithe dramhaíola ***a dhéanann oibríochtaí mionghearrtha agus*** a fhaigheann feithiclí a bhfuil a ré caite nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach i mír 1, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

(a) an neamhchomhlíonadh a thuairisciú don údarás inniúil, ***lena n-áirítear ainm agus sonraí teagmhála an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a sheachaid an fheithicil a bhfuil a ré caite chuig an tsaoráid chóireála údaraithe nó chuig oibreoir bainistithe dramhaíola eile lena mionghearradh***;

(b) staonadh ó na feithiclí sin a bhfuil a ré caite a úsáid ina n-oibríochtaí mionghearrtha mura n-údaraíonn an t-údarás inniúil na hoibríochtaí sin ***nó go dtí go ndéanfar na bearta is gá chun an fheithicil a bhfuil a ré caite a chóireáil i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 29 agus deimhniú scriosta a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25***.

3. ***Ní cheadófar do shaoráidí cóireála údaraithe ná*** d'oibreoirí bainistithe dramhaíola a dhéanann feithiclí a bhfuil a ré caite a mhionghearradh, feithiclí a bhfuil a ré caite, a bpáirteanna, a gcomhpháirteanna ná a n-ábhair a mheascadh ***le dramhaíl eile, lena n-áirítear*** dramhaíl ó phacáistíocht agus dramhthrealamh leictreach agus leictreonach***, ach amháin má chomhlíontar critéir agus teorainnluachanna Chuid G, pointí 1 agus 2, d'Iarscríbhinn VIII***.

▌

Airteagal 28

Feithiclí a bhfuil a ré caite a dhíthruailliú

1. ***Laistigh de 30 lá*** tar éis feithicil a bhfuil a ré caite a sheachadadh chuig an tsaoráid chóireála údaraithe, déanfaidh an tsaoráid sin an fheithicil sin a dhíthruailliú sula ndéanfar tuilleadh cóireála uirthi, i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn VIII.

2. Déanfar na sreabháin agus na leachtanna a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn VIII a bhailiú agus a stóráil ar leithligh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn VIII. Déanfar dramh-olaí a bhailiú agus a stóráil ar leithligh ó na sreabháin agus na leachtanna eile agus déanfar cóireáil orthu i gcomhréir le hAirteagal 21 de Threoir 2008/98/CE.

3. Bainfear na páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair ina bhfuil na substaintí dá dtagraítear in Airteagal 5(4) den Rialachán seo ó na feithiclí a bhfuil a ré caite agus láimhseálfar i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2008/98/CE iad.

4. Bainfear na ceallraí ar leithligh ó fheithiclí a bhfuil a ré caite agus stórálfar i limistéar ainmnithe iad le haghaidh tuilleadh cóireála i gcomhréir le hAirteagal 70(3) de Rialachán (AE) ***2023/1542***.

5. Déanfar na páirteanna, na comhpháirteanna agus na hábhair a díthruaillíodh a láimhseáil agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagail 18 agus 19 de Threoir 2008/98/CE.

6. Déanfaidh an tsaoráid chóireála údaraithe díthruailliú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a dhoiciméadú, tríd an bhfaisnéis a liostaítear i gCuid B, pointe 4, d'Iarscríbhinn VIII a thaifeadadh ***agus an fhaisnéis sin le haghaidh gach bliana féilire a thuairisciú d'údarás inniúil an Bhallstáit***.

Airteagal 29

Baint shainordaitheach páirteanna agus comhpháirteanna lena n-athúsáid, ***lena n-athmhonarú, lena n-athriochtú,*** agus lena n-athchúrsáil roimh an mionghearradh

1. Ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go mbaintear na páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII ó fheithicil a bhfuil a ré caite roimh an mionghearradh ***nó an dlúthú***, tar éis thabhairt i gcrích na n-oibríochtaí díthruailliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28.

***Bainfidh saoráidí cóireála údaraithe páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII ag a bhfuil acmhainneacht athúsáide, athmhonaraithe nó athriochtaithe ar bhealach neamhscriosach.***

***Ní bheidh feidhm ag an dara fomhír den Airteagal seo má léiríonn saoráid chóireála údaraithe go bhfuil costais eacnamaíocha dhíréireacha i gceist leis an díchóimeáil láimhe, leis an díchóimeáil leath-uathoibrithe nó leis an díchóimeáil uathoibrithe de pháirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII ar bhealach neamhscriosach, ar costais iad nach féidir a chúiteamh leis an ioncam a bhfuiltear ag súil leis ó athúsáid, athmhonarú nó athriochtú na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna sin.***

2. ***Ní cheanglófar ar shaoráid chóireála údaraithe páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII a bhaint, cé is moite díobh siúd atá le baint ar bhealach neamhscriosach i gcomhréir le*** mír 1 ***den Airteagal seo***, má léiríonn sí go bhfuil teicneolaíochtaí iar-mhionghearrthóra ina n-ábhair ***ar leithligh*** ó pháirteanna agus ó chomhpháirteanna ***a ainmnítear sa dara colún de*** Chuid C ▌ d'Iarscríbhinn VIII chomh héifeachtúil céanna le próisis díchóimeála láimhe, le próisis díchóimeála leath-uathoibrithe nó próisis díchóimeála uathoibrithe ***agus go gcomhlíontar critéir agus teorainnluachanna Chuid G, pointí 1 agus 2, d'Iarscríbhinn VIII***.

Chun críocha na chéad fhomhíre, soláthróidh an tsaoráid chóireála údaraithe an fhaisnéis a liostaítear i gCuid G, ***pointe 3,*** d'Iarscríbhinn VIII.

3. I dteannta na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 35 de Threoir 2008/98/CE, coinneoidh na saoráidí cóireála údaraithe taifid de na feithiclí a bhfuil a ré caite a phróiseáiltear gan a bpáirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a bhaint roimh ré i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo, lena n-áirítear ainm agus seoladh na saoráidí cóireála, agus VIN na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite lena mbaineann.

Soláthróidh na saoráidí cóireála údaraithe an fhaisnéis sna taifid dá dtagraítear sa chéad fhomhír don údaráis inniúil i gcomhréir le hAirteagal 50(6).

Airteagal 30

Ceanglais a bhaineann leis na páirteanna agus na comhpháirteanna arna mbaint

1. Déanfar na páirteanna agus comhpháirteanna uile a baineadh as feithicil a bhfuil a ré caite a mheasúnú de bhun Airteagal 29(1) chun a chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, siad oiriúnach le haghaidh:

(a) athúsáide, i gcomhréir le Cuid D, pointe 1(a), d’Iarscríbhinn VIII;

(b) athmhonaraithe nó athriochtaithe, i gcomhréir le Cuid D, pointe 1(b), d’Iarscríbhinn VIII;

(c) athchúrsála; nó

(d) oibríochtaí cóireála eile, agus na ceanglais chóireála sonracha i gCuid F d’Iarscríbhinn VIII á gcur i gcuntas.

Déanfar an measúnú trí indéantacht teicniúil na bpróiseas dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sna ceanglais um shábháilteacht feithiclí a chur i gcuntas go háirithe.

2. Maidir leis na páirteanna agus comhpháirteanna arna mbaint a bheidh oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú, déanfar iad:

(a) a lipéadú i gcomhréir le Cuid D, pointe 2, d’Iarscríbhinn VIII; agus

▌

***(b) a chosaint go hiomchuí in aghaidh díobhála le linn iompair, lódála agus dílódála.***

▌

3. Ní dhéanfar na páirteanna agus na comhpháirteanna a liostaítear i gCuid E d’Iarscríbhinn VIII a athúsáid ***mura ndearbhaítear leis an measúnú dá dtagraítear i mír 1go gcomhlíonann úsáid na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna sin na ceanglais is infheidhme maidir le feithiclí mar a leagtar amach i Rialacháin (AE) 2018/858 agus (AE) Uimh. 168/2013***. ***Ní fhéadfar na páirteanna agus na comhpháirteanna sin a aistriú chuig oibreoir eacnamaíoch eile lena n-athúsáid ach amháin más oibreoir deisiúcháin agus cothabhála cáilithe a dhéanfaidh iad a shuiteáil.***

***4. Ní mheasfar gur dramhaíl iad na páirteanna agus na comhpháirteanna ó fheithiclí a bhfuil a ré caite nó ó oibríochtaí deisiúcháin agus cothabhála atá oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú. Cuirfidh saoráidí cóireála údaraithe an méid seo a leanas ar fáil, arna iarraidh sin, do na húdaráis náisiúnta ábhartha:***

***(a) doiciméadacht lena ndeimhnítear an measúnú dá dtagraítear i mír 1 lena léirítear go bhfuil na páirteanna agus na comhpháirteanna oiriúnach chun críocha athúsáide, athmhonaraithe nó athriochtaithe; agus***

***(b) cóip den sonrasc nó den chonradh a bhaineann le haistriú na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna sin.***

5. ***Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le ceallraí a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2023/1542 maidir leo.***

6. ***Áiritheoidh saoráidí cóireála údaraithe go ndéanfar páirteanna agus comhpháirteanna arna mbaint, nach bhfuil oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú ná lena n-athriochtú, a sheoladh lena gcóireáil i gcomhréir le mír 1, an chéad fhomhír, pointí (c) agus (d).***

Airteagal 31

Trádáil na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna athláimhe, athmhonaraithe nó athriochtaithe

1. Ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], áiritheoidh aon ***oibreoir eacnamaíoch a dhíolann*** páirteanna agus comhpháirteanna spártha athláimhe, athmhonaraithe nó athriochtaithe ▌ go mbeidh an ***lipéadú arna chur ag saoráidí cóireála údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 30(2),*** pointe ***(a),*** ar pháirteanna agus comhpháirteanna.

▌

2. ***I gcás ina ndíoltar na páirteanna agus na comhpháirteanna athláimhe, athmhonaraithe nó athriochtaithe le tomhaltóirí, áiritheoidh na hoibreoirí eacnamaíocha go mbeidh na páirteanna agus na comhpháirteanna sin in ann a bhfeidhmeanna agus a bhfeidhmíocht riachtanach a choinneáil trí ghnáthúsáid agus go gcomhlíonfar leo na ceanglais eile is infheidhme maidir leis na hearraí a dhíoltar i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/771.***

▌

3. ***Beidh feidhm ag na ceanglais sin ar oibreoirí eacnamaíocha i mír 1 agus 2, gan beann ar an teicníc trádála a úsáidtear, lena n-áirítear díolacháin ar líne.***

Airteagal 32

Páirteanna agus comhpháirteanna a athúsáid, a athmhonarú agus a athriochtú

1. Ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], dreasóidh na Ballstáit athúsáid, athmhonarú, ***iarfheistiú*** agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna, cé acu ar baineadh iad le linn chéim úsáide nó deireadh ré feithicle.

Féadfar an méid seo leanas a áireamh leis na dreasachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír ▌ :

(a) ceanglas ar oibreoirí cothabhála agus deisiúcháin a thairiscint do chustaiméirí feithicil a dheisiú le páirteanna agus comhpháirteanna spártha athláimhe, athmhonaraithe nó athriochtaithe in éineacht leis an tairiscint an fheithicil a dheisiú le páirteanna agus comhpháirteanna nua, ar choinníoll go bhfoirmlítear ceanglas den sórt sin gan costais iomarcacha ná ualaí riaracháin a chruthú do mhicrifhiontair agus d’fhiontair bheaga;

(b) dreasachtaí eacnamaíocha ***atá ceaptha chun an margadh*** le haghaidh páirteanna agus comhpháirteanna spártha athláimhe, athmhonaraithe nó athriochtaithe a ***spreagadh***. ▌

2. ***Áireoidh na Ballstáit sna cláir maidir le dramhaíl a chosc a cheanglaítear de bhun Airteagal 29 de Threoir 2008/98/CE na dreasachtaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.***

3. Déanfaidh an Coimisiún malartú faisnéise agus comhroinnt dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir leis na dreasachtaí dá dtagraítear i mír 1 a éascú.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar éifeachtacht na ndreasachtaí a thugann Ballstáit.

Airteagal 33

Spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála

1. Ón … [an chéad lá den bhliain féilire 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], glacfaidh na Ballstáit ***na bearta is gá chun a áirithiú go n-áiritheoidh na táirgeoirí nó, i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 17(1), na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, go mbainfidh*** oibreoirí bainistithe dramhaíola na spriocanna seo a leanas amach:

(a) is ionann athúsáid agus aisghabháil, arna ríomh le chéile, agus 95 % ar a laghad, de réir meánmheáchan in aghaidh na feithicle, gan ceallraí a chur san áireamh, agus in aghaidh na bliana;

(b) is ionann athúsáid agus athchúrsáil, arna ríomh le chéile, agus 85 % ar a laghad, de réir meánmheáchan in aghaidh na feithicle, gan ceallraí a chur san áireamh, agus in aghaidh na bliana.

2. Ón … [an chéad lá den bhliain féilire 60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], ***glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá*** chun a áirithiú go n-áiritheoidh na táirgeoirí nó, ***i gcás a gceaptha i gcomhréir le hAirteagal 17(1), eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí*** go mbainfidh oibreoirí bainistithe dramhaíola sprioc bhliantúil amach maidir le hathchúrsáil plaisteach arb ionann í agus 30 % ar a laghad de ***mheánmheáchan*** iomlán na bplaisteach sna feithiclí ***a bhfuil a ré caite***.

***Ní áireofar i meáchan an phlaistigh a athchúrsáiltear agus i meáchan iomlán na bplaisteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír leaistiméirí, teirmithéachtaí seachas cúir polúireatáin a úsáidtear le haghaidh cúisínithe, agus plaisteach ina bhfuil aon substaint dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1021 nó atá éillithe ag aon substaint mar sin nuair a sháraítear tairseacha Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.***

Airteagal 34

Cosc ar dhramhaíl neamhthámh a chur i líonadh talún

Ón … [***an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], ní ghlacfar i líonadh talún le hiarmhar ***na bpíosaí troma agus éadroma mhionghearrtha*** a bheidh fágtha ***tar éis chóireáil*** na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite, ina bhfuil dramhaíl neamhthámh ***má sháraíonn siad na teorainnluachanna a leagtar amach i gCuid G, pointí 2(d) agus 2(e), d'Iarscríbhinn VIII***.

Airteagal 35

Loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite

1. Féadfar tabhairt faoi chóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite ***lasmuigh den Bhallstát lena mbaineann nó*** lasmuigh den Aontas, ar choinníoll go bhfuil loingsiú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite ***nó na dramhaíola a tháirgtear sa phróiseas cóireála*** i gcomhréir le Rialachán (AE) ***2024/1157***.

2. Maidir le loingsithe feithiclí a bhfuil a ré caite ón Aontas chuig tríú tír i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, ní chomhairfear iad i dtreo comhlíonadh oibleagáidí agus spriocanna a leagtar amach in Airteagal 33 ach amháin má sholáthraíonn onnmhaireoir na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite fianaise dhoiciméadach arna formheas ag an údarás inniúil cinn scríbe, lena léirítear gur tharla an chóireáil i ndálaí a ***mheastar*** a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus le ceanglais maidir le cosaint an chomhshaoil agus cosaint shláinte an duine a leagtar síos i reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

Caibidil V

***Úinéireacht a aistriú agus idirdhealú idir feithiclí athláimhe agus feithiclí a bhfuil a ré caite***

Airteagal 36

***Úinéireacht*** feithiclí athláimhe ***a aistriú laistigh den Aontas***

1. Chun úinéireacht feithicle athláimhe a aistriú ***laistigh den Aontas, tabharfaidh oibreoir eacnamaíoch doiciméadacht*** d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil spéis aige úinéireacht a fháil ar an bhfeithicil lena mbaineann ***a léiríonn*** nach feithicil ***a bhfuil a ré caite í, gan beann ar an teicníc trádála arna húsáid, lena n-áirítear trí bhíthin ceantanna tiomnaithe le haghaidh*** oibreoirí eacnamaíocha***, cianchonarthaí nó ardáin ar líne. Léireofar sa doiciméadacht sin gur feithicil ródacmhainneach í nó is éard a bheidh inti measúnú i gcomhréir le*** hIarscríbhinn I ***lena gcruthófar*** nach feithicil a bhfuil a ré caite í.

***2. Chun úinéireacht feithicle athláimhe a aistriú laistigh den Aontas, ní cheanglófar ar dhaoine nádúrtha nach oibreoirí eacnamaíocha iad an doiciméadacht dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar ach amháin sna cásanna seo a leanas:***

***(a) nuair a dhearbhaíonn cuideachta árachais gur caillteanas iomlán eacnamaíoch an fheithicil;***

***(b) nuair a thugtar an díolachán i gcrích go hiomlán trí bhíthin ardán ar líne, gan an fheithicil a aistriú go fisiciúil idir an díoltóir agus an ceannaitheoir nó aon duine atá ag gníomhú thar a gceann.***

*Airteagal 37*

***Stádas na feithicle***

***1. Agus measúnú á dhéanamh ar an damáiste a rinneadh d'fheithicil a bhí i dtimpiste, déanfaidh an chuideachta árachais, nó aon saineolaí mótarfheithiclí eile a dhéanann measúnú thar a ceann, measúnú freisin ar cé acu atá nó nach bhfuil an fheithicil ina feithicil a bhfuil a ré caite i gcomhréir le hIarscríbhinn I.***

***2. Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal ar úinéir feithicle, i gcás ina bhfuil amhras gur feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil athláimhe, doiciméadacht a thabhairt nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil lena mbaineann. Is éard a bheidh sa doiciméadacht sin measúnú i gcomhréir le hIarscríbhinn I nó deimhniú bailí ródacmhainneachta.***

***3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 51 den Rialachán seo, chun an Rialachán seo a leasú trí na critéir arna liostú in Iarscríbhinn I a bhaint chun a chinneadh an feithicil a bhfuil a ré caite í feithicil athláimhe, ar choinníoll go dtugann dul chun cinn teicneolaíoch i réimse na hinrianaitheachta, na hindeisitheachta agus na sábháilteachta údar le teorainn a chur leis na cásanna ina measfar gur feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil.***

***Caibidil VI***

***Feithiclí athláimhe a onnmhairiú chuig tríú tíortha***

***Airteagal 38***

***Údarás inniúil um fheithiclí athláimhe a onnmhairiú chuig tríú tíortha***

***1.*** ***Ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil amháin nó níos mó a bheidh freagrach as na hoibleagáidí arna leagan síos sa Chaibidil seo.***

***2.*** ***Faoin … [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil arna n-ainmniú de bhun mhír 1 a chur in iúl don Choimisiún. Cuirfidh na Ballstáit aon athruithe ar ainmneacha nó ar sheoltaí na n-údarás inniúil sin in iúl don Choimisiún gan moill mhíchuí.***

Airteagal 39

Rialuithe agus ceanglais i dtaca le honnmhairiú feithiclí athláimhe

1. Ón ... [an chéad lá den mhí i ndiaidh ***60*** mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh feithiclí athláimhe atá le honnmhairiú faoi réir na rialuithe agus na gceanglas a leagtar síos sa ***Chaibidil*** seo.

2. Tá an ***Chaibidil*** seo gan dochar d’aon fhoráil eile den Rialachán agus gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialaítear earraí a scaoileadh lena n-onnmhairiú, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Airteagail 46, 47, 267 agus 269 de.

3. Ní féidir feithiclí athláimhe a onnmhairiú ach amháin i gcás:

(a) nach feithiclí a bhfuil a ré caite iad***; agus***

(b) ▌ ina bhfuil siad ródacmhainneach ***ar an dáta a thaisctear an dearbhú onnmhairiúcháin, mura rud é gur aithníodh iad mar*** fheithiclí ***mórspéise cultúrtha*** i gcomhréir le hAirteagal ***2(2), pointe (f), agus Iarscríbhinn II***.

4. Soláthrófar nó cuirfear ar fáil d'údaráis chustaim an fhaisnéis seo a leanas faoi gach feithicil athláimhe atá le honnmhairiú:

(a) VIN na feithicle athláimhe agus aitheantas an Bhallstáit inar cláraíodh an fheithicil go deireanach;

(b) ráiteas lena ndeimhnítear go ***gcomhlíonann*** an fheithicil athláimhe na ceanglais a leagtar amach i mír ***3 den Airteagal seo, nó tugtar dearbhú dá dtagraítear in Iarscríbhinn II.***

5. Chun comhlíonadh na ***Caibidle*** seo a fhíorú maidir le cead a thabhairt feithicil athláimhe a scaoileadh lena honnmhairiú:

(a) go dtí go mbeidh an t-idirnasc dá dtagraítear in Airteagal 46(4) oibríochtúil, déanfaidh na húdaráis chustaim faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar leis na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 45, agus, i gcás inar gá, cuirfidh siad san áireamh an malartú faisnéise agus an comhar sin chun cead a thabhairt feithicil athláimhe a scaoileadh lena honnmhairiú;

(b) nuair a bheidh an t-idirnasc dá dtagraítear in Airteagal 46(4) oibríochtúil, beidh feidhm ag Airteagal 40, Airteagal 41(2) agus (3) agus Airteagal 43(3), agus tabharfar fógraí agus déanfar malartuithe eile faoi Airteagail 42, 43 agus 44 trí bhíthin na gcóras leictreonach sin.

6. Ní bheidh feithicil athláimhe atá le honnmhairiú faoi réir:

(a) iontrála i dtaifid an dearbhóra de bhun Airteagal 182 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) féinmheasúnaithe de bhun Airteagal 185 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 40

Fíorú uathoibrithe ar an bhfaisnéis faoi stádas feithicle

1. Sula scaoilfear ***feithicil athláimhe*** lena honnmhairiú, fíoróidh na húdaráis chustaim go leictreonach agus go huathoibríoch trí na córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 46***(4)*** an bhfuil an fheithicil ródacmhainneach, bunaithe ar an VIN agus ar an bhfaisnéis faoi Bhallstát an chlárúcháin dheireanaigh***. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le feithiclí a aithníodh mar fheithiclí mórspéise cultúrtha*** i gcomhréir le hAirteagal ***2(2)***, pointe (f), ***agus Iarscríbhinn II***.

2. I gcás nach gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis a thugtar nó a chuirtear ar fáil d'údaráis chustaim don fhaisnéis atá sna cláir náisiúnta feithiclí agus sna córais leictreonacha náisiúnta maidir le ródacmhainneacht de bhun mhír 1, ní scaoilfidh na húdaráis chustaim an fheithicil sin lena honnmhairiú agus cuirfidh siad an ***duine nádúrtha nó dlítheanach*** lena mbaineann ar an eolas faoi sin trí na córais sin.

Airteagal 41

Bainistiú riosca agus rialuithe custaim

1. Chun na forálacha a leagtar síos in Airteagal 39 a fhorfheidhmiú, déanfaidh na húdaráis chustaim rialuithe ar fheithiclí athláimhe atá le honnmhairiú i gcomhréir leis ***na forálacha maidir le bainistiú riosca agus rialuithe custaim a leagtar síos faoi*** Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Gan dochar d'Airteagal 40 den Rialachán seo, beidh na rialuithe sin bunaithe ar anailís riosca go príomha, mar a bhunaítear i Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

2. I dteannta an bhainistithe riosca dá dtagraítear i mír 1 den Rialachán seo, a luaithe a bheidh an t-idirnasc dá dtagraítear in Airteagal 46 i bhfeidhm, beidh ***an*** fhaisnéis sna córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 46(1) ***agus fíoróidh na húdaráis chustaim go huathoibríoch agus go leictreonach tríd an idirnasc dá dtagraítear in Airteagal 46(4)*** an gcomhlíonann feithicil athláimhe atá le honnmhairiú coinníollacha sonracha a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó le sábháilteacht ar bhóithre i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 51 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na coinníollacha comhlíontachta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a leagan amach i ndáil le coinníollacha sonracha a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairiú feithiclí athláimhe ag tríú tír an allmhairithe nasctha le cosaint an chomhshaoil agus sábháilteacht ar bhóithre, i gcás inar thug an tríú tír sin fógra faoi na coinníollacha sin don Choimisiún. Beidh na coinníollacha sin infhíoraithe i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil sna córais leictreonacha dá dtagraítear in Airteagal 46(1).

***4. Déanfaidh an Coimisiún na coinníollacha sonracha ar tugadh fógra dó ina leith atá nasctha le cosaint an chomhshaoil nó le sábháilteacht ar bhóithre arna bhforchur ag tríú tíortha dá dtagraítear i mír 3 a fhoilsiú ar thairseach thiomnaithe ar líne agus déanfaidh sé iad a thabhairt cothrom le dáta go rialta.***

Airteagal 42
Fionraí

1. I gcás ina mbeidh forais réasúnta ann lena chreidiúint go bhféadfadh sé nach gcomhlíonann feithicil athláimhe ceanglais na ***Caibidle*** seo, cuirfidh na húdaráis chustaim scaoileadh na feithicle athláimhe sin lena honnmhairiú ar fionraí ***láithreach bonn,*** tabharfaidh siad fógra láithreach do na húdaráis inniúla ***arna n-ainmniú faoi Airteagal 38*** faoin bhfionraí agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha uile is gá ***do na húdaráis inniúla*** chun a chinneadh an gcomhlíonann an fheithicil athláimhe ceanglais an Rialacháin seo agus an bhféadfar í a scaoileadh lena honnmhairiú.

2. Chun a chinneadh an gcomhlíonann feithicil athláimhe, faoi réir na fionraí dá dtagraítear i mír 1, an Rialachán seo, féadfaidh na húdaráis inniúla a iarraidh, ar aon duine atá bainteach le honnmhairiú na feithicle athláimhe sin, faisnéis bhreise, lena n-áirítear faisnéis faoi dhíolachán nó aistriú úinéireacht na feithicle, mar shampla cóip den sonrasc nó den chonradh, agus fianaise dhoiciméadach go bhfuil úsáid bhreise i ndán don fheithicil athláimhe sin.

Airteagal 43

Scaoileadh le honnmhairiú

1. I gcás inar cuireadh scaoileadh na feithicle athláimhe lena honnmhairiú ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 42, scaoilfear an fheithicil athláimhe sin lena honnmhairiú nuair a chomhlíontar na ceanglais agus foirmiúlachtaí eile uile a bhaineann leis an scaoileadh sin agus nuair a chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) níor iarr na húdaráis inniúla ***arna n-ainmniú faoi Airteagal 38***, laistigh de 4 lá oibre ó thús na fionraí, ar na húdaráis chustaim an fhionraí a choinneáil ar bun; nó

(b) chuir na húdaráis inniúla ***arna n-ainmniú faoi Airteagal 38*** in iúl do na húdaráis chustaim gur fhormheas siad scaoileadh na feithicle athláimhe lena honnmhairiú de bhun na ***Caibidle*** seo.

2. Ní mheasfar gur cruthúnas ar chomhlíonadh dhlí an Aontais ná, go háirithe, an Rialacháin seo ná Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, é an scaoileadh le honnmhairiú.

3. Tabharfaidh na húdaráis chustaim fógra ***go huathoibríoch maidir le himeacht na feithicle ón Aontas tríd an idirnasc dá dtagraítear in Airteagal 46(4)*** d'údarás ***clárúcháin feithiclí*** Bhallstát ***an chlárúcháin dheireanaigh***. ***Déanfaidh an t-údarás clárúcháin feithiclí a thaifeadadh ina chlár náisiúnta feithiclí gur onnmhairíodh*** an fheithicil ***chuig tríú tír***.

Airteagal 44

Diúltú do scaoileadh le honnmhairiú

1. I gcás ina gcinneann an t-údarás inniúil nach gcomhlíonann feithicil athláimhe, ar tugadh fógra faoina fionraí i gcomhréir le hAirteagal 42, an ***Chaibidil*** seo, ceanglóidh an t-údarás inniúil láithreach ar na húdaráis chustaim gan í a scaoileadh lena honnmhairiú agus tabharfaidh sé fógra dóibh faoi sin.

2. Ar fháil an fhógra ón údarás inniúil de bhun mhír 1, ní scaoilfidh na húdaráis chustaim an fheithicil athláimhe lena honnmhairiú.

Airteagal 45

Comhar i measc na n-údarás agus malartú faisnéise

1. Tabharfaidh ***údaráis inniúla na*** mBallstát cúnamh dá chéile go frithpháirteach chun an ***Chaibidil*** seo a chur chun feidhme trí mhalartú faisnéise ar leibhéal déthaobhach, go háirithe chun stádas feithicle a fhíorú, lena n-áirítear a stádas clárúcháin a fhíorú sa Bhallstát ina raibh sí cláraithe roimhe sin.

2. I gcás inarb iomchuí, rachaidh údaráis inniúla na mBallstát i gcomhar le húdaráis riaracháin ó thríú tíortha freisin. Féadfar a áireamh ar an gcomhar sin comhroinnt faisnéise ábhartha, cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh, agus cineálacha eile cúnaimh fhrithpháirtigh a mheastar a bheith riachtanach chun a áirithiú go gcomhlíonfar na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme lena rialaítear onnmhairiú feithiclí athláimhe.

3. Rachaidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla na mBallstát i gcomhar le chéile i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus malartóidh siad an fhaisnéis is gá chun a bhfeidhmeanna faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí mheán leictreonach. I gcomhréir le hAirteagal 12(1) agus Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, féadfaidh na húdaráis chustaim faisnéis rúnda a fuair siad agus a ndualgais á bhfeidhmiú acu, nó a cuireadh ar fáil dóibh ar bhonn rúnda, a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-oibreoir nó an trádálaí bunaithe.

4. I gcás ina bhfaighidh údaráis inniúla faisnéis i gcomhréir le míreanna 1 go 3, féadfaidh na húdaráis inniúla sin an fhaisnéis sin a chur in iúl d'údaráis inniúla ó Bhallstáit eile.

5. Malartófar faisnéis a bhaineann le riosca mar a leanas:

(a) idir údaráis chustaim i gcomhréir le hAirteagal 46(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(b) idir údaráis chustaim agus an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(c) idir údaráis chustaim agus údaráis inniúla, lena n-áirítear údaráis inniúla ó Bhallstáit eile, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 46

Córais leictreonacha

1. Úsáidfear an córas leictreonach MOVE-HUB a d’fhorbair an Coimisiún chun VIN agus faisnéis eile faoi chlárúchán agus stádas ródacmhainneachta na feithicle a mhalartú idir cláir náisiúnta feithiclí agus córais leictreonacha maidir le ródacmhainneacht sna Ballstáit, agus chun Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a idirnascadh, i gcás inar gá le haghaidh rialuithe agus ceanglas a leagtar síos sa ***Chaibidil*** seo.

2. Soláthróidh córas leictreonach MOVE-HUB dá dtagraítear i mír 1 na feidhmiúlachtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) na sonraí a mhalartú i bhfíor-am leis na cláir náisiúnta feithiclí agus le córais leictreonacha náisiúnta maidir le ródacmhainneacht na mBallstát atá idirnasctha leis;

(b) seiceáil leictreonach uathoibrithe a chumasú ar na sonraí a chuirtear ar fáil i ndeimhniú ródacmhainneachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/45/AE, ón gcéad dáta de chlárúchán feithicle, chomh maith leis an mBallstát inar cláraíodh an fheithicil go deireanach, dá dtagraítear i dTreoir 1999/37/CE, chun a chinneadh an gcomhlíonann feithicil athláimhe na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 39, Airteagal 40(1) agus Airteagal 41;

(c) idirnascadh le Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2399 chun sonraí a mhalartú agus tacú leis an bpróiseas malartaithe faisnéise dá dtagraítear in Airteagail 40(1) agus 41(2), chomh maith le tacú leis na fógraí dá dtagraítear in Airteagail 42, 43 agus 44;

(d) chun críocha an chomhair le tríú tíortha faoi Airteagal 45(2), malartú leictreonach faisnéise a chumasú leis na húdaráis inniúla i dtríú tíortha a thug fógra don Choimisiún de bhun Airteagal 41(2) faoi na coinníollacha sonracha maidir le honnmhairiú feithiclí athláimhe a chuireann siad i bhfeidhm.

3. Déanfaidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta feithiclí agus a gcórais leictreonacha náisiúnta maidir le ródacmhainneacht a idirnascadh le córas leictreonach MOVE-HUB dá dtagraítear i mír 1. Beidh an t-idirnasc sin oibríochtúil laistigh de 2 bhliain tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.

4. Déanfaidh an Coimisiún córas MOVE-HUB dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a idirnascadh le Córas Malartaithe Deimhnithe Thimpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam a bunaíodh in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399, ionas gur féidir na rialuithe uathoibrithe dá dtagraítear in Airteagal 40 agus 41(2) agus na fógraí dá dtagraítear in Airteagail 42, 43 agus 44 a dhéanamh. Beidh an t-idirnasc sin oibríochtúil laistigh de 4 bliana tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

5. Glacfaidh an Coimisiún, ***faoin ... [an lá deireanach den mhí tar éis [24] mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialachán seo],*** na gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na socruithe is gá chun feidhmiúlachtaí MOVE-HUB dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme, lena n-áirítear na bearta teicniúla is gá chun córais leictreonacha náisiúnta a idirnascadh le MOVE-HUB, na coinníollacha maidir le nascadh le MOVE-HUB, na sonraí atá le tarchur ag na córais náisiúnta agus an fhormáid chun na sonraí sin a tharchur trí na córais náisiúnta idirnasctha. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

Caibidil VII

Forfheidhmiú

Airteagal 47

Cigireachtaí

***1. Bunóidh na Ballstáit, chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú, straitéisí cigireachta a bheidh dírithe ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a bhrath a mhéid a bhaineann le feithiclí a bhfuil a ré caite, mar aon lena bpáirteanna agus lena gcomhpháirteanna, a bhailiú, a chóireáil agus a onnmhairiú. Déanfar foráil sna straitéisí sin do na cigireachtaí dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4.***

2. Déanfaidh na Ballstáit, chun an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú, cigireacht ar an méid seo a leanas:

(a) saoráidí cóireála údaraithe;

***(b) pointí bailiúcháin;***

(c) saoráidí agus oibreoirí eacnamaíocha eile a ***d'fhéadfadh a bheith bainteach le bailiú, cóireáil agus onnmhairiú*** feithiclí a bhfuil a ré caite***, nó le páirteanna agus comhpháirteanna spártha athláimhe a dhíol***.

3. ***Déanfar líon iomlán na n-oibreoirí arna liostú i mír 2 a*** bheidh ***faoi réir cigireachta gach bliain féilire a ríomh mar*** 10 % ar a laghad de na hoibreoirí a liostaítear i mír 2, pointí (a) agus ***(b)***.

4. Ina theannta sin, déanfaidh na Ballstáit cigireachtaí ***rialta agus rioscabhunaithe*** a bhaineann le honnmhairiú feithiclí athláimhe chun comhlíonadh Airteagal 39 a fhíorú.

***5. Chun idirdhealú a dhéanamh idir feithiclí athláimhe agus feithiclí a bhfuil a ré caite, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát cigireacht a dhéanamh ar lastais feithiclí athláimhe a bhfuil amhras ann gur feithiclí a bhfuil a ré caite iad, chun a fhíorú an gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 36 agus in Iarscríbhinn I, agus faireachán a dhéanamh ar na lastais sin dá réir sin.***

***6. I gcás ina suífidh údaráis inniúla Ballstáit go bhfuil feithicil a bhfuil a ré caite amháin nó níos mó i gceist le lastas beartaithe feithiclí athláimhe, féadfar na costais a bhaineann le hanailísí, cigireachtaí agus stóráil iomchuí na bhfeithiclí a bhfuil amhras ann gur feithiclí a bhfuil a ré caite iad a ghearradh ar na daoine a shocraíonn lastas na bhfeithiclí sin.***

Airteagal 48

Comhar maidir le forfheidhmiú ar an leibhéal náisiúnta agus idir na Ballstáit

1. Bunóidh na Ballstáit, a mhéid a bhaineann leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a bhfuil baint acu le forfheidhmiú an Rialacháin seo, sásraí éifeachtacha chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis sin comhoibriú agus comhordú a dhéanamh ar bhonn intíre maidir le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar chlárú, díchlárú, fionraí agus cealú an chlárúcháin feithiclí***, ar dheimhniú scriosta, ar onnmhairiú feithiclí athláimhe*** chomh maith le cóireáil ***agus onnmhairiú*** neamhdhleathach feithiclí a bhfuil a ré caite a chosc.

2. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile, go déthaobhach agus go hiltaobhach, chun cosc agus brath cóireála neamhdhleathaí ***agus onnmhairithe neamhdhleathaigh*** feithiclí a bhfuil a ré caite a éascú ***agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na bhfeithiclí atá ar iarraidh***. Déanfaidh siad faisnéis ábhartha maidir le clárú, díchlárú agus fionraí agus cealú an chlárúcháin feithiclí a mhalartú, tríd an gcóras leictreonach malartaithe dá dtagraítear in Airteagal 46. Ina theannta sin, déanfaidh siad faisnéis ábhartha a mhalartú maidir le saoráidí cóireála údaraithe agus oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála nach gceadaítear mar shaoráidí cóireála údaraithe, agus saoráidí agus oibreoirí eacnamaíocha eile, a fhéadfaidh oibríochtaí a dhéanamh a bhaineann le cóireáil feithiclí a bhfuil a ré caite. Comhroinnfidh siad ***faisnéis,*** taithí agus eolas maidir le ***gníomhaíochtaí neamhdhleathacha atá nasctha le feithiclí a bhfuil a ré caite,*** bearta forfheidhmiúcháin ***agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar bhonn rialta*** laistigh de struchtúir bhunaithe***, amhail líonraí forfheidhmiúcháin, gníomhaireachtaí agus an Coiste arna mbunú de bhun Airteagal 52 den Rialachán seo***.

Áireofar ar mhalartú na sonraí clárúcháin feithicle rochtain ar shonraí maidir le feidhmíocht agus maidir le cineál agus torthaí na seiceálacha a rinneadh, agus na sonraí sin a mhalartú le húdaráis inniúla na mBallstát eile chun forfheidhmiú an Rialacháin seo a éascú.

3. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na baill bhuana foirne atá freagrach as an gcomhar dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 45.

Airteagal 49

Pionóis

Faoin ... [***an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***], déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar Airteagal 15(1), Airteagal 16, Airteagal ***18(1)***, Airteagal 22(1) agus (2), Airteagail 23 agus 24, Airteagal 25(1) agus (2), Airteagail 26 go 31, agus Airteagail 33, 34, 36, 37 agus 39 den Rialachán seo a leagan síos, agus glacfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 50

Tuairisciú don Choimisiún

1. Ón ... [an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí i bhfoirm chomhiomlánaithe le haghaidh gach bliana féilire agus san fhormáid arna bunú ag an gCoimisiún de bhun mhír 5, na sonraí seo a leanas, a bheidh bunaithe ar an bhfaisnéis agus ar na sonraí a fhaightear ó tháirgeoirí, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí agus oibreoirí bainistithe dramhaíola:

(a) an líon feithiclí cláraithe sa Bhallstát;

(b) an líon feithiclí a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch an Bhallstáit;

(c) líon agus meáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a bailíodh agus a díthruaillíodh sa Bhallstát;

(d) líon agus meáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a athchúrsáladh laistigh de chríoch an Bhallstáit;

(e) líon agus meáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a onnmhairíodh nó a seoladh le haghaidh tuilleadh cóireála chuig Ballstát eile nó tríú tír;

***(f)*** ***líon agus meáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a allmhairíodh nó a seoladh le haghaidh cóireáil bhreise ó thríú tír;***

***(g)*** ***líon na bhfeithiclí athláimhe a scaoileadh lena n-onnmhairiú agus líon na bhfeithiclí athláimhe a allmhairíodh;***

(h) an líon deimhnithe scriosta a eisíodh;

(i) meáchan foriomlán ***agus, i gcás inarb ábhartha, méid*** na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar a bhaintear as feithiclí a bhfuil a ré caite chun críche:

(i) athúsáide;

(ii) athmhonaraithe nó athriochtaithe;

(iii) athchúrsála;

(iv) aisghabhála, lena n-áirítear athghabháil fuinnimh;

(v) diúscartha;

(j) méid agus meáchan feithiclí a bhfuil a ré caite a cóireáladh ar bhealach difriúil ná mar a léirítear i bpointe (d);

(k) méid agus meáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a úsáideadh le haghaidh aislíonta;

(l) rátaí na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 33 a bhain na hoibreoirí bainistithe dramhaíola uile atá gníomhach sa Bhallstát amach;

(m) úsáid na díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 29(2), agus an chaoi a ndearna an Ballstát tuairiscithe faireachán air;

(n) sonraí maidir le heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine dlítheanacha dá ndéanann siad ionadaíocht;

(o) sonraí maidir le cur chun feidhme Airteagal 21;

***(p) cainníochtaí na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna ina bhfuil méideanna ábhartha amhábhar criticiúil a bhaintear as feithiclí a bhfuil a ré caite agus cainníochtaí na n-amhábhar criticiúil a aisghabháiltear as na páirteanna agus comhpháirteanna sin.***

Cuirfidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil go poiblí laistigh de 18 mí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe dá mbailítear iad. Beidh na sonraí inléite, insórtáilte agus inchuardaithe ag meaisín, agus urramófar leo caighdeáin oscailte d'úsáid ag tríú páirtithe. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún nuair a chuirfear na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fáil.

Is é a bheidh sa chéad tréimhse tuairiscithe an chéad bhliain féilire tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5.

2. Beidh tuarascáil seiceála cáilíochta ag gabháil leis na sonraí a chuirfidh na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le mír 1. Déanfar an fhaisnéis sin a chur i láthair san fhormáid arna bunú ag an gCoimisiún de bhun mhír 5.

3. Gach cúig bliana, déanfaidh na Ballstáit tuarascáil a tharraingt suas ina ndéanfar achoimre ar an méid seo a leanas:

(a) dreasachtaí a tugadh isteach chun athúsáid, athmhonarú agus athriochtú páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 32 ***agus a dtionchar measta***;

(b) cur i bhfeidhm pionós agus smachtbhannaí eile a bheartaítear ina ndlí náisiúnta as sáruithe ar an Rialachán seo arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 49, lena n-áirítear liosta de chineál sáruithe ar tugadh fógra fúthu agus cineálacha na mbeart a glacadh;

(c) torthaí na gcigireachtaí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 47;

(d) an bealach a cuireadh i bhfeidhm na sainmhínithe ar ‘feithicil a bhfuil a ré caite’ agus ‘feithicil athláimhe’, lena n-áirítear deacrachtaí praiticiúla ar thángthas orthu sa chomhthéacs sin.

Cuirfidh na Ballstáit an tuarascáil sin faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 6 mhí ó dheireadh na tréimhse 5 bliana a chumhdaítear léi. Soláthrófar an chéad tuarascáil don Choimisiúin faoin ... [an chéad lá den mhí i ndiaidh 6 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na tuarascálacha arna dtíolacadh ag na Ballstáit agus ▌ tarraingeoidh sé suas ***agus foilseoidh sé*** tuarascálacha ar an bhfaisnéis a fuarthas ***chun tacú leis an meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin seo sna Ballstáit agus*** chun malartú faisnéise a éascú maidir leis na dea-chleachtais a chuirtear i bhfeidhm sna Ballstáit.

4. Chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, baileoidh agus athbhreithneoidh an Coimisiún an fhaisnéis a chuirfear ar fáil i gcomhréir leis an Airteagal seo.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na nithe a leanas:

(a) an mhodheolaíocht agus na rialacha maidir le sonraí a ríomh, a fhíorú agus a thuairisciú i gcomhréir le mír 1, lena n-áirítear:

(i) an mhodheolaíocht chun méid agus meáchan na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar a bhaintear chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, pointí (i), (j)***, (k) agus (p)*** a chinneadh;

(ii) an mhodheolaíocht chun meáchan na dramhaíola athchúrsáilte a chinneadh, lena n-áirítear cinneadh na bpointí ríofa agus na bpointí tomhais, agus, más gá, féidearthachtaí a bhaineann le meánrátaí caillteanais a chur i bhfeidhm;

(iii) an mhodheolaíocht chun baint amach na spriocanna athúsáide, athchúrsála agus aisghabhála dá dtagraítear in Airteagal 33 a ríomh agus a fhíorú***, lena n-áirítear i gcás mionghearradh comhcheangailte feithiclí a bhfuil a ré caite le dramhaíl eile dá dtagraítear in Airteagal 27 agus i gCuid G, pointe 3, d'Iarscríbhinn VIII***;

(b) an fhormáid le haghaidh an tuairiscithe don Choimisiún dá dtagraítear i mír 1, chomh maith leis an bhformáid le haghaidh na tuarascála seiceála cáilíochta.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin ***faoin ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 30 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

6. ***Soláthróidh*** táirgeoirí, eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, oibreoirí bainistithe dramhaíola agus oibreoirí eacnamaíocha ábhartha eile sonraí cruinne agus iontaofa do na húdaráis inniúla lenar féidir leis na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin Airteagal seo a chomhlíonadh.

Caibidil VIII

Cumhachtaí tarmligthe agus nós imeachta coiste

Airteagal 51

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagail 5(3)***, 5(6), 6(6)*** go (9), 7(3), 11(4), 12(2), 21(2), 22(6), 26(3), 37(3) agus 41(3) a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón ... [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 5(3)***, 5(6), 6(6) go (9),*** 7(3), 11(4), 12(2), 21(2), 22(6), 26(3), 37(3) agus 41(3) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(3)***, 5(6), 6(6) go (9)***7(3),  11(4), 12(2), 21(2), 22(6), 26(3), 37(3) agus 41(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 52

Nós imeachta coiste

1. Déanfaidh an coiste a bunaíodh le hAirteagal 39 de Threoir 2008/98/CE cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

## Caibidil IX
## Leasuithe

### ***Airteagal 53***
### ***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542***

***Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 i gcomhréir le hIarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.***

### Airteagal 54
### Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1020

I Rialachán (AE) 2019/1020, Iarscríbhinn II, scriostar pointí 10 agus 11.

### Airteagal 55
### Leasuithe ar Rialacháin (AE) 2018/858 ***agus (AE) Uimh. 168/2013***

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 ***agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE)*** Uimh. ***168/2013*** i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

Caibidil X

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 56

Athbhreithniú

1. Faoin ... [an lá deireanach den bhliain i ndiaidh 95 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a thionchar ar an gcomhshaol, ar shláinte an duine agus ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. ***I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú ag gabháil leis an tuarascáil.***

2. Agus an dul chun cinn teicniúil agus an taithí phraiticiúil a fuarthas sna Ballstáit chomh maith le haon athbhreithniú a dhéanfar ar Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 á gcur san áireamh, áireoidh an Coimisiún, ina thuarascáil, meastóireacht ar an méid seo a leanas:

   (a) an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú, go háirithe forálacha Chaibidlí II agus III, chomh maith le Caibidil IV Roinn II, chuig feithiclí de chatagóir ***L*** mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2) ▌ de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 agus chuig feithiclí de chatagóirí $M_2$, $M_3$, $N_2$, $N_3$ agus O mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2018/858;

*(b)* ***an gá atá le raon feidhme na bhforálacha is infheidhme a leathnú chuig feithiclí atá cineálcheadaithe i gcineálcheadú ilchéimneach agus chuig carbháin mhótair agus chun carbháin leantóra a áireamh i raon feidhme an Rialacháin seo;***

*(c)* ***an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo, go háirithe Caibidil VI a leathnú chuig feithiclí de chatagóir L, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;***

(d) na bearta a bhaineann le soláthar faisnéise faoi shubstaintí ar ábhar imní iad a bheith i bhfeithiclí agus an gá atá le forálacha breise a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar shubstaintí ar ábhar imní iad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'athchúrsáil ardcháilíochta feithiclí a bhfuil a ré caite;

(e) na bearta maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite a leagtar síos i gCaibidil IV, lena n-áirítear na leibhéil spriocanna a leagtar síos in Airteagal 33 agus a riachtanaí atá sé iad a athbhreithniú;

*(f)* ***an gá atá le raon feidhme an Rialacháin seo a leathnú i ndáil le spriocleibhéil athchúrsála, mar a leagtar síos in Airteagal 33, chuig na catagóirí feithiclí nach bhfuil feidhm ag Airteagal 33 maidir leo faoin Rialachán seo;***

(g) sáruithe agus éifeachtacht, comhréireacht agus athchomhairleacht na bpionós a leagtar amach in Airteagal 49;

(h) an gá le hAirteagal 5 a leasú;

***(i) a mhéid a réitíodh an tsaincheist maidir le feithiclí atá ar iarraidh, lena n-áirítear meastacháin maidir le líon na bhfeithiclí atá ar iarraidh agus tionchar na mbeart i ndáil le honnmhairiú feithiclí athláimhe, agus an gá atá le bearta breise a áireamh lena dtugtar aghaidh ar shaincheist na hinrianaitheachta feithiclí;***

▌

***(j) na ceanglais maidir le cion plaistigh athchúrsáilte, lena n-áirítear spriocanna agus oibleagáidí le haghaidh suiteálacha athchúrsála laistigh agus lasmuigh den Aontas mar a leagtar síos in Airteagal 6(1) go (4) den Rialachán seo, agus an gá atá le hathbhreithniú ar an mbonn sin, lena n-áirítear meastóireacht ar fhorbairtí maidir le cruach agus alúmanam a bhaineann le hAirteagal 6(7) agus (8) den Rialachán seo agus faoi reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais, amhail Rialachán (AE) 2025/40 nó Rialachán (AE) 2024/1781, chun comhleanúnachas agus ailíniú a áirithiú;***

***(k) an sásra um leithdháileadh costas le haghaidh feithiclí atá ar tí a bheith ina bhfeithiclí a bhfuil a ré caite i mBallstát eile a leagtar síos in Airteagal 22 agus an gá atá le hathbhreithniú air;***

***(l) forálacha maidir le próisis a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'athchúrsáil ardcháilíochta ar fheithiclí a bhfuil a ré caite;***

***(m) tionchar na ndifríochtaí sna critéir náisiúnta ródacmhainneachta ar onnmhairí feithiclí athláimhe.***

*(n) éifeachtacht, idir-inoibritheacht agus iontaofacht na gcóras náisiúnta clárúcháin feithiclí agus a malartú trasteorann faisnéise chun sainaithint, stádas agus inrianaitheacht chruinn feithiclí ar feadh a saolré a áirithiú, agus aird ar leith ar an méid seo a leanas:*

*(i) an tionchar a bhíonn ag díchlárú sealadach ar chruinneas, inrochtaineacht agus inrianaitheacht taifead feithiclí, lena n-áirítear an ról atá aige maidir le feithiclí atá ar iarraidh a shainaithint;*

*(ii) an gá atá le híoscheanglais maidir le díchlárú feithiclí ar fud an Aontais, amhail uasfhad agus coinníollacha diana athnuachana a bhunú, inrianaitheacht feithiclí a neartú agus a gcóireáil neamhdhleathach a chosc.*

*3. Faoin ... [an lá deireanach den bhliain i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar staid na forbartha teicneolaíche, na feidhmíochta comhshaoil agus eacnamaíche agus infhaighteacht an chion phlaistigh bhithbhunaithe agus leaistiméirí a dhíorthaítear ó athphróiseáil bonn i bhfeithiclí nua, agus na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 agus aon chritéar inbhuanaitheachta atá le leagan síos le haghaidh bonn faoi Rialachán (AE) 2024/1781 á gcur san áireamh.*

***4. I gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar an athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur i láthair chun an méid a leanas a dhéanamh:***

***(a) ceanglais inbhuanaitheachta a leagan síos maidir le bunábhar bithbhunaithe i bplaisteach a úsáidtear i bhfeithiclí;***

***(b) spriocanna a leagan síos maidir le húsáid bunábhair bhithbhunaithe i bplaisteach a úsáidtear i bhfeithiclí a mhéadú;***

***(c) spriocanna a leagan síos chun úsáid leaistiméirí a dhíorthaítear ó athphróiseáil bonn ó fheithiclí a áireamh;***

***(d) measúnú a dhéanamh ar a mhéid a fhéadfar na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (b) a chomhcheangal leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 6(1) nó a chur leo;***

***(e) measúnú a dhéanamh ar a mhéid a fhéadfar na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (c) a chomhcheangal leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 6(1);***

***(f) modhnú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar an sainmhíniú ar phlaisteach bithbhunaithe a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe (53), de Rialachán (AE) 2025/40, ar an sainmhíniú ar phlaisteach in Airteagal 3(1), pointe (9), den Rialachán seo agus ar raon feidhme na spriocanna maidir le plaisteach athchúrsáilte mar a shonraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo;***

*(g) modhnú a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, ar an modheolaíocht ríofa agus fíorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 6(2) agus ar na ceanglais maidir le suiteálacha a phróiseálann leaistiméirí ó bhoinn atá bunaithe san Aontas agus i dtríú tíortha.*

*5. I gcás inarb iomchuí chun inrianaitheacht éifeachtach agus aonfhoirmeach feithiclí a bhfuil a ré caite a áirithiú, agus bunaithe ar an athbhreithniú dá dtagraítear i mír 2, pointe (n), féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur i láthair maidir le rialacha i ndáil le feithiclí a dhíchlárú ar fud an Aontais.*

*6. Faoin ... [60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chun a mheas, bunaithe ar na dearbhuithe arna ndéanamh faoi Airteagal 10, an bhfuil monaróirí ar an mbóthar ceart chun na spriocanna maidir le plaisteach athchúrsáilte a leagtar síos in Airteagal 6(1) a chomhlíonadh. Measfar, go háirithe, an méid seo a leanas sa mheastóireacht:*

*(a) infhaighteacht teicneolaíochtaí iomchuí chun plaisteach a athchúrsáil;*

*(b) infhaighteacht leordhóthanach ar phlaisteach athchúrsáilte;*

*(c) leibhéal cáilíochta an phlaistigh athchúrsáilte i gcomparáid leis an leibhéal sábháilteachta is gá; agus*

*(d) deacrachtaí teicniúla agus eacnamaíocha chun na spriocanna maidir le plaisteach athchúrsáilte a bhaint amach.*

***Ar bhonn an mheasúnaithe sin, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 6(1) a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal na gcéatadán íosta a leagtar amach ann.***

Airteagal 57

Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha

1. Déantar Treoir 2000/53/CE a aisghairm le héifeacht ón ... [an chéad lá den mhí i ndiaidh ***24*** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Mar sin féin, leanfar d'fheidhm a bheith ag na forálacha seo a leanas de Threoir 2000/53/CE:

(a) Airteagal 4(2) agus Iarscríbhinn II, go dtí an ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 71 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]; mar sin féin, ***scoirfidh iontrálacha 5(a), 5(b)(i), 5(b)(ii) agus 16 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2000/53/CE d'fheidhm a bheith acu*** ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

(b) Airteagal 5(4), an dara fomhír, Airteagal 6(3), an dara fomhír, Airteagal 7(1), Airteagal 8(3) agus (4), go dtí an ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

***(c) Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, agus Iarscríbhinn I go dtí an ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin];***

(d) Airteagal 7(2), pointe (b), go dtí an ... [an lá deireanach den bhliain i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

(e) Airteagal 9(1a), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír, Airteagal 9(1b) agus Airteagal 9(1d), go dtí an ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

(f) Airteagal 9(1a), an dara fomhír, go dtí an ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 59 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin];

2. Déantar Treoir 2005/64/CE a aisghairm le héifeacht ón ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 71 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Mar sin féin, déantar Airteagal 6(3) di a aisghairm le héifeacht ón ... [an lá deireanach den mhí i ndiaidh 35 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil atá in Iarscríbhinn XV.

***4. De mhaolú ar Airteagal 8(2) den Rialachán seo, go dtí ... [72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás ina dtagraítear san Airteagal sin d'Airteagal 4 den Rialachán seo, déanfar an tagairt sin a fhorléiriú mar thagairt d'Airteagal 5 de Threoir 2005/64/CE.***

*De mhaolú ar Airteagal 8(2) den Rialachán seo, go dtí ... [72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], i gcás ina dtagraítear san Airteagal sin d'Airteagal 5 den Rialachán seo, déanfar an tagairt sin a fhorléiriú mar thagairt d'Airteagal 6(2) de Threoir 2005/64/CE.*

***Airteagal 58***

***Infheidhmeacht maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann***

***1.*** ***Ní bheidh feidhm ag Airteagal 14 ach amháin i ndáil le hAirteagal 30, Airteagal 31 agus Airteagal 35(1) maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.***

***2.*** ***Ní bheidh feidhm ag Airteagail 15 go 29, Airteagail 32 go 34 agus Airteagal 35(2) maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.***

***3.*** ***Ní bheidh feidhm ag Airteagail 47(2), pointe (a), agus Airteagal 47(3) maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.***

***4.*** ***Ní bheidh feidhm ag Airteagal 48(1) agus (2) a mhéid a bhaineann le cosc a chur ar chóireáil neamhdhleathach feithiclí a bhfuil a ré caite maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.***

***5.*** ***Ní bheidh feidhm ag Airteagal 48(2) a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise ábhartha i ndáil le saoráidí cóireála údaraithe maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.***

***6.*** ***Ní bheidh feidhm ag Airteagal 49 maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann a mhéid a bhaineann le hAirteagal 15(1), Airteagal 16, Airteagal 19(1), Airteagal 22(1) agus (2), Airteagal 23, Airteagal 24, Airteagal 25(1) agus (2), Airteagail 27 go 29, Airteagal 33 agus Airteagal 34.***

7. ***Ní bheidh feidhm ag Airteagail 50(1), pointí (c), (d), (h), (i)(iii), (i)(iv), (i)(v), (j), (k), (l), (m), (n) agus (o) ná Airteagal 50(3), pointe (a), maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.***

Airteagal 59

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Beidh feidhm aige ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh ***24*** mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

   Mar sin féin, **beidh feidhm ag Airteagail 4(3), 5(2), 5(3) go (9), 6(4) go (9), 6(11), 7(3), 7(4), 9(7), 11(4), 12(2), 13(6), 14(4), 15(6), 21(2), 22(6), 26(3), 37(3), 41(3), 46(5) agus 50(5) ón ... [1 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin], beidh feidhm ag Airteagal 53 ón … [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus** beidh feidhm ag Airteagal 55 ón ... [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit.

Arna dhéanamh i/in/sa/san ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

IARSCRÍBHINN I

CRITÉIR CHUN A CHINNEADH AN FEITHICIL A BHFUIL A RÉ CAITE Í AN FHEITHICIL ▌

***Leagtar síos san Iarscríbhinn seo na critéir chun a chinneadh an feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil, agus cuirfear i bhfeidhm í mar a leanas:***

***Leagtar síos i gCuid A na critéir chun measúnú a dhéanamh ar dho-dheisitheacht feithicle. Má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir sin, measfar gur feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil.***

***Mura gcomhlíontar aon chritéar ó Chuid A, déanfar measúnú ar an bhfeithicil i gcomhréir leis na critéir dá bhforáiltear i gCuid B. Má chomhlíontar ceann amháin nó níos mó de na critéir i gCuid B, cinnfear trí mheasúnú teicniúil cé na deisiúcháin is gá chun deimhniú ródacmhainneachta a fháil i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE sa Bhallstát inar cláraíodh an fheithicil roimh an deisiú. Bunaithe ar an measúnú teicniúil sin, cinnfidh úinéir na feithicle an mian leis nó léi an fheithicil a dhiúscairt.***

***Más rud é, laistigh de 5 bliana tar éis an mheasúnaithe theicniúil sin, nach bhfaigheann úinéir na feithicle deimhniú ródacmhainneachta i gcomhréir le Treoir 2014/45/AE, measfar gur feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil. Ar feadh na tréimhse 5 bliana sin, is ionann an measúnú teicniúil sin agus doiciméadacht nach feithicil a bhfuil a ré caite í an fheithicil.***

***Is saineolaí neamhspleách ar mhótarfheithiclí a dhéanfaidh an measúnú dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo. Féadfaidh na Ballstáit liosta uileghabhálach de shaineolaithe neamhspleácha mótarfheithiclí a bhunú chun na measúnuithe sin a dhéanamh.***

***Tar éis iarraidh a fháil ó úinéir feithicle, féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit inar cláraíodh an fheithicil, nó ceann dá chomhlachtaí údarúcháin ceaptha, feithicil a mheastar a bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo a dhíolmhú ó bheith ina feithicil a bhfuil a ré caite, i gcás go bhfuil an fheithicil lena mbaineann faoi réir deisiúcháin.***

CUID A

NA CRITÉIR LE hAGHAIDH MEASÚNÚ AR ***FHEITHICILÍ A BHFUIL A RÉ CAITE***

Is feithicil ***a bhfuil a ré caite í feithicil nuair a*** chomhlíonann sí ceann amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas:

(a) rinneadh í a ghearradh ina píosaí nó ***a dhíchóimeáil chun a páirteanna a athúsáid***;

▌

(b) dódh í ▌ go dtí an pointe ina bhfuil urrann an innill nó urrann an phaisinéara scriosta ***go hiomlán***;

(c) rinneadh í a thumadh ▌ in uisce go leibhéal os cionn na deaise;

(d) ***ní féidir*** ceann amháin nó níos mó de na comhpháirteanna seo a leanas den fheithicil***, ó thaobh na teicneolaíochta de,*** a dheisiú ***ná*** a athsholáthar:

(i) comhpháirteanna cúplála talún (mar shampla boinn agus rothaí), crochadh, stiúradh, coscánú, agus na comhpháirteanna rialaithe díobh;

(ii) daingnitheoirí agus ailt suíochán;

(iii) málaí aeir, réamhtheannasóirí, criosanna sábhála, agus na comhpháirteanna oibriúcháin forimeallacha díobh;

(iv) cabhail agus fonnadh ***nó sceall*** na feithicle;

(e) tá lochtanna teicniúla ar a chomhpháirteanna struchtúracha agus sábháilteachta atá dochúlaithe agus a fhágann nach féidir iad a athsholáthar***;***

***(f) tugadh ar láimh do phointe bailiúcháin nó do shaoráid chóireála údaraithe í lena cóireáil;***

***(g) dhearbhaigh cuideachta árachais gur chaillteanas teicniúil iomlán í, bunaithe ar an measúnú teicniúil a rinne saineolaí mótarfheithiclí uirthi.***

CUID B

***LIOSTA*** CRITÉAR TÁSCACH ▌ MAIDIR LE FEITHICLÍ ▌ A BHFUIL A RÉ CAITE

***Mura bhfuil feidhm ag aon chritéar ó Chuid A, déanfar measúnú ar an bhfeithicil i gcomhréir leis*** na critéir seo a leanas ▌ :

(a) tá sí tréigthe nó tá na modhanna lenar féidir ***í a shainaithint in easnamh***, go háirithe an VIN;

▌

(b) ní thugtar cosaint leormhaith ar dhamáiste di le linn stórála, iompair, luchtaithe agus díluchtaithe; ▌

▌

***(c) na costais is gá chun an fheithicil a dheisiú chun riocht teicniúil a chur uirthi a bheadh leordhóthanach chun deimhniú ródacmhainneachta a fháil arna gcur lena luach reatha, is mó iad ná a margadhluach measta tar éis a deisithe;***

***(d) tumadh in uisce í go leibhéal faoi bhun na deaise, agus rinneadh damáiste don inneall nó don chóras leictreach;***

***(e) scaoileadh a breosla nó a gala breosla scaoilte rud a fhágann go bhfuil baol dóiteáin nó pléasctha ann dá dheasca;***

***(f) tá gás sceite óna córas gáis leachtaigh agus tá baol dóiteáin nó pléasctha ann dá dheasca;***

***(g) scaoileadh a leachtanna oibriúcháin (breosla, leacht coscán, leacht frithreo, aigéad ceallra, tuaslagán leictrilíte, leacht fuaraithe) agus tá an baol ann go dtruailleofar uisce dá dheasca;***

***(h) rinneadh í a dhíchóimeáil; nó***

***(i) tá pointe iontrála amháin nó níos mó aici a táthaíodh nó a dúnadh le cúrinsliú;***

▌

## *IARSCRÍBHINN II*

## *CRITÉIR LE hAGHAIDH STÁDAS FEITHICLÍ MÓRSPÉISE CULTÚRTHA A AITHINT*

*1. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina gcláraítear feithicil, nó ceann dá chomhlachtaí údaraithe atá ceaptha, aitheantas a thabhairt d'fheithicil mar fheithicil mórspéise cultúrtha má chomhlíonann sí na critéir uile seo a leanas:*

*(a) tá a luach nó a stádas stairiúil nó cultúrtha uathúil doiciméadaithe ag úinéir na feithicle nó ag údaráis inniúla an Bhallstáit inar cláraíodh an fheithicil nó is feithicil aonair mhodhnaithe nó saincheaptha í a formheasadh ina haonar i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/858 nó leis an dlí náisiúnta;*

*(b) is eol cé hé nó hí úinéir na feithicle agus is féidir é nó í a shainaithint;*

*(c) is féidir páirteanna na feithicle a shainaithint le sraithuimhir, nó le sainaitheantas eile arna soláthar ag an monaróir nó arna sannadh ag an údarás inniúil;*

*(d) is féidir an fheithicil a shainaithint trí VIN, nó trí shraithuimhir, nó trí shainaitheantas eile arna sholáthar ag an monaróir nó arna shannadh ag údarás inniúil.*

*Ar iarratas ó úinéir na feithicle, eiseoidh údaráis inniúla an Bhallstáit inar cláraíodh an fheithicil deimhniú lena n-aithnítear an fheithicil mar fheithicil mórspéise cultúrtha i gcás ina gcomhlíontar na critéir atá leagtha amach sa chéad fhomhír den phointe seo.*

***Ar iarratas ó úinéir na feithicle, cúlghairfidh údaráis inniúla an Bhallstáit inar cláraíodh an fheithicil an deimhniú dá dtagraítear sa dara fomhír den phointe seo.***

***2. Déanfaidh úinéir na feithicle mórspéise cultúrtha an méid seo a leanas a áirithiú:***

***(a) go ndéanfar an fheithicil a stóráil, a iompar nó a úsáid ar dhóigh atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta;***

***(b) go ndéanfar an deimhniú dá dtagraítear sa dara fomhír de phointe 1 a sholáthar do na húdaráis, nó a chur ar fáil dóibh, arna iarraidh sin dóibh.***

***3. Déanfar comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach i bpointí 1 agus 2 ag an bhfeithicil a fhíorú gach 5 bliana ar a laghad, nó i gcás ina n-athrófar úinéireacht na feithicle.***

IARSCRÍBHINN III

NA RÁTAÍ IN-ATHÚSÁIDTEACHTA, IN-ATHCHÚRSÁILTEACHTA AGUS IN-AISGHABHÁLACHTA A RÍOMH

Chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn ‘feithicil thagartha’ an leagan laistigh de chineál feithicle, a shainaithníonn an t-údarás cineálcheadúcháin, i gcomhairle leis an monaróir agus i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i gCuid A, mar an leagan is achrannaí i dtéarmaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta.

CUID A

1. Na hábhair atá i láthair san fheithicil agus na sciartha díobh agus na háiteanna a bhfuil siad faoi seach, sonrófar iad sin in éineacht le haon fhaisnéis is gá chun na rátaí in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta a ríomh i gceart.

2. Sloinnfear maiseanna in kg go hionad deachúil amháin. Ríomhfar na rátaí mar chéatadán go hionad deachúil amháin, agus slánófar ansin iad mar seo a leanas:

   (a) má tá an figiúr i ndiaidh an phointe dheachúil idir 0 agus 4, slánófar an t-iomlán síos;

   (b) má tá an figiúr i ndiaidh an phointe dheachúil idir 5 agus 9, slánófar an t-iomlán suas.

3. Chun na feithiclí tagartha a roghnú, cuirfear na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) an cineál cabhalra;

(b) na leibhéil chóirithe atá le fáil;

(c) an trealamh roghnach atá le fáil is féidir a fheistiú faoi fhreagracht an mhonaróra.

4. Má theipeann ar an údarás cineálcheadúcháin agus ar an monaróir go comhpháirteach an leagan is achrannaí a shainaithint i gcineál feithicle, ó thaobh in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta de, roghnófar feithicil tagartha amháin le haghaidh:

(a) gach ‘cineál cabhalra’, mar a shainmhínítear i gCuid C, pointe 2, d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 i gcás fheithiclí $M_1$;

(b) gach ‘cineál cabhalra’, i.e. veain, cábán fonnaidh, trucailín, etc., i gcás fheithiclí $N_1$.

5. Chun críocha na seiceálacha ar ábhair agus ar mhaiseanna comhpháirteanna, cuirfidh an monaróir feithiclí agus comhpháirteanna ar fáil de réir mar a mheasann an t-údarás cineálcheadúcháin gá a bheith leo.

CUID B

*1*. Chun gur féidir iad a mheas mar chomhpháirteanna nó páirteanna in-athúsáidte, beifear in ann na comhpháirteanna nó na páirteanna a bhaint go héasca agus ar bhealach neamhscriosach.

*2*. Measfar mais iomlán na bpáirteanna, na gcomhpháirteanna agus na n-ábhar in-athúsáidte a bheith 100 % in-athúsáidte, in-athchúrsáilte agus in-aisghabhála.

*3*. Páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a liostaítear i gCuid B, pointí 1, 2 agus 3, d'Iarscríbhinn VIII, measfar iad a bheith 0 % in-athúsáidte agus 100 % in-athchúrsáilte agus in-aisghabhála. Páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid E d'Iarscríbhinn VII, measfar iad a bheith 0 % in-athúsáidte agus 100 % in-athchúrsáilte agus in-aisghabhála. Áiritheofar leis an modheolaíocht sin, i gcás leasú ar Iarscríbhinn VII a mbeidh leathnú an liosta páirteanna agus comhpháirteanna a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn sin mar thoradh air, go measfar na páirteanna agus na comhpháirteanna nua a bheith 0 % in-athúsáidte agus 100 % in-athchúrsáilte agus in-aisghabhála.

*4*. Beidh ríomh na rátaí in-athúsáidteachta, in-athchúrsáilteachta agus in-aisghabhálachta comhleanúnach leis an straitéis chiorclaíochta, lena léireofar dul chun cinn teicneolaíoch i dteicneolaíochtaí cóireála deireadh ré.

IARSCRÍBHINN IV

COINNÍOLLACHA AGUS UASLUACHANNA TIÚCHANA MAIDIR LE LUAIDHE, MEARCAIR, CAIDMIAM AGUS CRÓIMIAM HEICSIFHIÚSACH A BHEITH IN ÁBHAIR, I bPÁIRTEANNA AGUS I gCOMHPHÁIRTEANNA

Glacfar le huasluach tiúchana substaintí suas le 0,1 % de réir meáchain in ábhar aonchineálach i gcomhair luaidhe, cróimiam heicsifhiúsach agus mearcair agus suas le 0,01 % de réir meáchain in ábhar aonchineálach le haghaidh caidmiam.

Maidir le páirteanna spártha a chuirtear ar an margadh tar éis an 1 Iúil 2003 agus a úsáidtear le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2003, cé is moite d'eirí cothromaíochta le haghaidh rothaí, scuaba carbóin do mhótair leictreacha agus líneálacha coscáin, díolmhófar iad ó Airteagal 5(4).

| Ábhair, páirteanna agus comhpháirteanna aonchineálacha | Raon feidhme agus dáta éaga na díolúine | Le lipéadú nó a bheith in-sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (d) |
|---|---|---|
| *Luaidhe mar eilimint chóimhiotalaithe* | | |
| 1(a). Cruach chun críoch meaisínithe agus baisc comhpháirteanna cruach galbhánaithe teothumtha ina bhfuil suas le 0.35 % luaidhe de réir meáchain | | |
| 1(b). Leathán cruach galbhánaithe go leanúnach ina bhfuil suas le 0,35 % luaidhe de réir meáchain | Feithiclí a cineálcheadaíodh roimh an 1 Eanáir 2016 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |

| Ábhair, páirteanna agus comhpháirteanna aonchineálacha | Raon feidhme agus dáta éaga na díolúine | Le lipéadú nó a bheith in-sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (d) |
|---|---|---|
| 2(a). Alúmanam chun críoch meaisínithe ina bhfuil cion luaidhe suas le 2 % de réir meáchain | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2005 | |

| Ábhair, páirteanna agus comhpháirteanna aonchineálacha | Raon feidhme agus dáta éaga na díolúine | Le lipéadú nó a bheith in-sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (d) |
|---|---|---|
| 2(b). Alúmanam ina bhfuil cion luaidhe suas le 1,5 % de réir meáchain | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2008 | |
| 2(c)(i). Cóimhiotail alúmanaim chun críoch meaisínithe ina bhfuil cion luaidhe suas le 0,4 % de réir meáchain | Feithiclí a cineálcheadaíodh roimh an 1 Eanáir 2028 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |
| 2(c)(ii). Cóimhiotail alúmanaim nach n-áirítear in iontráil 2(c)(i) ina bhfuil cion luaidhe suas le 0,4 % de réir meáchain[(2)] | ***Feithiclí a cineálcheadaíodh roimh an 1 Eanáir 2027 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin*** | |
| ***2(c)(iii). Cóimhiotail theilgin alúmanaim ina bhfuil suas le 0,3 % luaidhe de réir meáchain ar choinníoll go dtagann an luaidhe as athchúrsáil dramh-alúmanaim a bhfuil luaidhe ann*** | ***Feithiclí a cineálcheadaíodh tar éis an 31 Nollaig 2026 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin.*** *[(1)]* | |
| 3. Cóimhiotail chopair ina bhfuil suas le 4 % luaidhe de réir meáchain | [(*1*)] | |

| Ábhair, páirteanna agus comhpháirteanna aonchineálacha | Raon feidhme agus dáta éaga na díolúine | Le lipéadú nó a bheith in-sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (d) |
|---|---|---|
| 4(a). Scealla imthaca agus boisc | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2008 | |
| 4(b). Scealla imthaca agus boisc in innill, tras-seoltaí agus comhbhrúiteoirí aerchóirithe | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2011 | |
| *Luaidhe agus comhdhúile luaidhe i gcomhpháirteanna* | | |
| 5. (scriosta) | | |
| 6. Maolairí creathaidh | Feithiclí a cineálcheadaíodh roimh an 1 Eanáir 2016 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X |

| Ábhair, páirteanna agus comhpháirteanna aonchineálacha | Raon feidhme agus dáta éaga na díolúine | Le lipéadú nó a bheith in-sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (d) |
|---|---|---|
| 7(a). Oibreáin agus cobhsaitheoirí bolcáin le haghaidh leaistiméirí i bpíobáin choscáin, píobáin bhreosla, píobáin aerála aeir, leaistiméir/páirteanna miotail sna feidhmeanna fonnaidh, agus gléasadh innill | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2005 | |
| 7(b). Oibreáin bholcánaithe agus cobhsaitheoirí le haghaidh leaistiméirí i bpíobáin choscáin, píobáin bhreosla, píobáin aerála aeir, leaistiméir/páirteanna miotail sna feidhmeanna fonnaidh, agus gléasadh innill ina bhfuil suas le 0,5 % luaidhe de réir meáchain | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2006 | |
| 7(c). Oibreáin nasctha le haghaidh leaistiméirí i bhfeidhmeanna gléasra cumhachta ina bhfuil suas le 0.5 % luaidhe de réir meáchain | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí a cuireadh ar an margadh roimh an 1 Iúil 2009 | |
| ***Luaidhe i sádair nó ar bhratú feidhmeanna leictreacha agus leictreonacha a shonraítear sna fo-iontrálacha seo a leanas*** | | |
| 8(a). Luaidhe i sádair chun comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha a cheangal de chláir chiorcad leictreonacha agus luaidhe i mbailchríocha ar fhoircinn comhpháirteanna seachas | Feithiclí a cineálcheadaíodh roimh an 1 Eanáir 2016 agus páirteanna spártha le | X[(3)] |

| Ábhair, páirteanna agus comhpháirteanna aonchineálacha | Raon feidhme agus dáta éaga na díolúine | Le lipéadú nó a bheith in-sainaitheanta i gcomhréir le hAirteagal 5(6), pointe (d) |
|---|---|---|
| toilleoirí alúmanaim leictrilíte, ar phionnaí comhpháirte agus ar chláir chiorcad leictreonacha | haghaidh na bhfeithiclí sin | |

| | | |
|---|---|---|
| 8(b). Luaidhe i sádair i bhfeidhmeanna leictreacha seachas sádráil ar chláir ciorcad leictreonacha nó ar ghloine | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2011 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X(3) |
| 8(c). Luaidhe i mbailchríocha ar theirminéil toilleoirí alúmanaim leictrilíte | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2013 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X(3) |
| 8(d). Luaidhe arna húsáid i sádráil ar ghloine i mbraiteoirí mór-aersreafa | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2015 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X(3) |
| 8(e). Luaidhe i sádair de chineál ardteochta leáite (i.e. cóimhiotail luaidhe-bhunaithe ina bhfuil 85 % luaidhe nó níos mó de réir meáchain) | (1) | X(3) |
| 8(f)(i). Luaidhe i nasc-chórais pionnaí chomhlíontacha | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2017 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X(3) |
| 8(f)(ii). Luaidhe i nasc-chórais pionnaí chomhlíontacha seachas limistéar cúplála nascóirí úma feithicle | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2024 agus | X(3) |

| | | |
|---|---|---|
| | páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |

| | | |
|---|---|---|
| 8(g)(i). Luaidhe i sádair le haghaidh nasc leictreach inmharthana a chomhlánú idir dísle leathsheoltóra agus iompróir laistigh de phacáistí sliseanna flip ciorcaid comhtháite | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Deireadh Fómhair 2022 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X[(3)] |
| 8(g)(ii). Luaidhe i sádair le haghaidh nasc leictreach inmharthana a chomhlánú idir an dísle leathsheoltóra agus an t-iompróir laistigh de phacáistí sliseanna flip ciorcaid comhtháite, i gcás inarb é atá sa nasc leictreach sin aon cheann díobh seo a leanas:<br>(1) nód teicneolaíochta leathsheoltóra 90 nm nó níos mó;<br>(2) dísle aonair 300 $mm^2$ nó níos mó in aon nód teicneolaíochta leathsheoltóra;<br>(3) pacáistí díslí cruachta ina bhfuil díslí aonair 300 $mm^2$ nó níos mó, nó idirshuiteoirí sileacain 300 $mm^2$ nó níos mó. | (1) Feithiclí arna gcineálcheadú ***roimh an 1 Eanáir 2030*** agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X[(3)] |
| 8(h). Luaidhe i sádair chun leatóirí teasa a cheangal den tslogaide teasa i gcóimeálacha leathsheoltóra cumhachta ag a bhfuil slismhéid ar a bhfuil achar teilgin 1 $cm^2$ ar a laghad agus dlús ainmniúil srutha 1 $A/mm^2$ ar a laghad d'achar slise sileacain | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2016 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X[(3)] |

| | | |
|---|---|---|
| 8(i). Luaidhe i sádair i bhfeidhmeanna gloinithe leictreacha ar ghloine seachas le haghaidh sádrála i ngloiniú lannaithe | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2016 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X[(3)] |

| | | |
|---|---|---|
| 8(j). Luaidhe i sádair le haghaidh gloiniú lannaithe a shádráil | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2020 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X[(3)] |
| 8(k). Feidhmeanna téimh a shádráil a bhfuil sruth teasa 0.5 A nó níos mó acu in aghaidh an tsiúnta sádrála ghaolmhair le pánaí aonghloinithe lannaithe nach mó ná 2.1 mm a dtiús balla. Ní chumhdaítear leis an díolúine sin sádráil theagmhálach atá leabaithe sa pholaiméir idirmheánach. | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2024 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X[(3)] |
| 9. Suíonna comhla | Mar pháirteanna spártha i gcomhair na gcineálacha innill a forbraíodh roimh 1 Iúil 2003 | |
| 10(a). Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha, a bhfuil luaidhe iontu i ngloine nó i gceirmeach, i gcomhdhúil mhaitríse gloine nó cheirmeach, in ábhar gloine-cheirmeach, nó i gcomhdhúil mhaitríse gloine-cheirmeach. Ní chumhdaítear leis an díolúine seo úsáid luaidhe sna nithe seo a leanas:<br>(i) gloine i mbolgáin agus i nglónra spréachphlocóidí,<br>(ii) ábhair cheirmeacha thréleictreacha comhpháirteanna a liostaítear faoi 10(b), 10(c) agus 10(d). | | X[(4)] (le haghaidh comhpháirteanna seachas písea-chomhpháirteanna in innill) |

| | | |
|---|---|---|
| 10(b). Luaidhe in ábhair cheirmeacha thréleictreacha bunaithe ar PZT as toilleoirí ar cuid iad de chiorcaid chomhtháite nó de leathsheoltóirí scoite | | |
| 10(c). Luaidhe in ábhair cheirmeacha thréleictreacha toilleoirí ag a bhfuil voltas rátaithe ar lú é ná 125 V AC nó 250 V DC | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2016 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |
| 10(d). Luaidhe in ábhair cheirmeacha thréleictreacha toilleoirí a chúitíonn dialltaí braiteoirí a bhaineann le teocht i gcórais sonóra ultrasonacha | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2017 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |
| 11. Tionscnóirí piriteicniúla | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Iúil 2006 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |
| 12. Ábhair theirmileictreacha a bhfuil luaidhe iontu i bhfeidhmeanna leictreacha mótarfheithiclí le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ a laghdú trí theas sceite a aisghabháil | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2019 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X |

| Cróimiam heicsifhiúsach | | |
|---|---|---|
| 13(a). Bratuithe coiscthe creimthe | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí arna gcur ar an margadh roimh an 1 Iúil 2007 | |
| 13(b). Bratuithe coiscthe creimthe a bhaineann le cóimeálacha boltaí agus cnónna le haghaidh feidhmeanna fonnaidh | Mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí arna gcur ar an margadh roimh an 1 Iúil 2008 | |
| 14. Cróimiam heicsifhiúsach mar oibreán frithchreimthe sa chóras fuaraithe cruach carbóin i gcuisneoirí ionsúcháin suas le 0.75 % de réir meáchain sa tuaslagán fuaraithe: | | X |
| (a) atá deartha chun oibriú go hiomlán nó go páirteach le téitheoir leictreach, ag a bhfuil meán-ionchur cumhachta leictrí a úsáidtear < 75W faoi dhálaí reatha tairiseacha; | I gcás (a): Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2020 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |
| (b) atá deartha chun oibriú go hiomlán nó go páirteach le téitheoir leictreach, ag a bhfuil meán-ionchur cumhachta leictrí a úsáidtear ≥ 75 W faoi dhálaí reatha tairiseacha;<br>(c) atá deartha chun oibriú go hiomlán le téitheoir neamhleictreach. | I gcás (b): Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2026 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | |

| | | |
|---|---|---|
| *Mearcair* | | |
| 15(a). Lampaí scaoilte le haghaidh feidhmeanna ceannsolais | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Iúil 2012 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X |
| 15(b). Feadáin fhluaraiseacha arna n-úsáid i dtaispeáintí painéil uirlisí | Feithiclí arna gcineálcheadú roimh an 1 Iúil 2012 agus páirteanna spártha le haghaidh na bhfeithiclí sin | X |

Nótaí a ghabhann leis an tábla:

1. Déanfar athbhreithniú ar an díolúine sin in ***2030 i gcomhréir le hAirteagal 5(6)***.

2. Tá feidhm aige maidir le cóimhiotail alúmanaim nach dtugtar luaidhe isteach iontu d’aon ghnó, ach atá i láthair mar gheall ar úsáid alúmanaim athchúrsáilte.

3. Díchóimeáil más rud é, i gcomhghaol le hiontráil 10(a), go sáraítear meántairseach 60 gram in aghaidh na feithicle. Chun críocha an nóta seo, ní chuirfear san áireamh feistí leictreonacha nach bhfuil suiteáilte ag an monaróir ar an líne tháirgthe.

4. Díchóimeáil más rud é, i gcomhghaol le hiontrálacha 8(a) go 8(k), go sáraítear meántairseach 60 gram in aghaidh na feithicle. Chun críocha an nóta seo, ní chuirfear san áireamh feistí leictreonacha nach bhfuil suiteáilte ag an monaróir ar an líne tháirgthe.

IARSCRÍBHINN V

AN STRAITÉIS CHIORCLAÍOCHTA

CUID A

EILIMINTÍ NA STRAITÉISE CIORCLAÍOCHTA

1. Tuairisc neamhtheicniúil ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun a áirithiú ▌ go gcomhlíonfaidh na feithiclí ceanglais ▌ Airteagail 4 go 7 ar feadh a dtáirgthe.

2. Tuairisc neamhtheicniúil ar nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an monaróir chun:

   (a) ▌ na sonraí a bhailiú tríd an slabhra soláthair iomlán ***is ábhartha chun*** ceanglais ***Airteagail 4 go 7 a chomhlíonadh***;

   (b) an fhaisnéis a fhaightear ó na soláthróirí a sheiceáil agus a fhíorú;

   (c) freagairt leormhaith a thabhairt i gcás ina léireoidh na sonraí a fhaightear ó na soláthróirí go bhfuil baol ann nach gcomhlíonfar ceanglais Airteagail 4, 5 ná 6.

3. Faisnéis ▌ maidir leis na teicneolaíochtaí cóireála deireadh ré atá i bhfeidhm, maidir leis an dul chun cinn teicneolaíoch ***a bhfuiltear ag dréim leis*** i ndáil le teicneolaíochtaí cóireála deireadh ré agus maidir leis an infheistíocht i gcumas i dteicneolaíochtaí ▌ den sórt sin, arna n-úsáid ag an monaróir d'fhonn an in-athúsáidteacht, an in-athchúrsáilteacht agus an in-aisghabhálacht a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4 i ndáil ***lena gcineálacha*** feithicle.

4. Faisnéis maidir leis an sciar den chion athchúrsáilte i bhfeithiclí dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 10.

5. Liosta gníomhaíochtaí a gheallann an monaróir a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar an chóireáil ar fheithiclí a bhfuil a ré caite ▌ i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus aird á tabhairt go háirithe ar na nithe seo a leanas:

   (a) bearta atá ceaptha baint páirteanna a léirítear i gCuid C d’Iarscríbhinn VIII a éascú;

   ▌

   (b) bearta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le húsáid ábhar agus teicnící a chuireann bac ar dhíchóimeáil éasca nó a fhágann go bhfuil athchúrsáil an-dúshlánach ▌ ;

   (c) bearta chun athúsáid páirteanna agus comhpháirteanna a chur chun cinn.

   ***(d) gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, infheistíochtaí i bhforbairt teicneolaíochtaí nó bonneagair athchúrsála, chomh maith le comhar le hoibreoirí bainistithe dramhaíola, arna ndéanamh chun na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) go (c) a chur chun feidhme.***

▌

CUID B

BEARTA LEANTACHA AGUS NUASHONRÚ AR AN STRAITÉIS CHIORCLAÍOCHTA

***1***. Tabharfaidh na monaróirí an straitéis chiorclaíochta cothrom le dáta gach 5 bliana ar a laghad.

***2***. Áireofar sa straitéis chiorclaíochta nuashonraithe ***na hathruithe ábhartha nua agus go háirithe an*** méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe ***5*** de Chuid A i gcrích***, mar aon le measúnú ar a n-éifeachtacht agus, i gcás*** nár cuireadh gníomh amháin nó níos mó i gcrích a léirítear sa straitéis, míniú ar na cúiseanna atá leis sin;

***(b) faisnéis faoi na hathruithe suntasacha ar dhearadh agus ar tháirgeadh arna ndéanamh ag an monaróir chun ciorclaíocht feithiclí a fheabhsú.***

IARSCRÍBHINN VI

CEANGLAIS FAISNÉISE MAIDIR LE BAINT AGUS IONADÚ

1. Ceallraí feithiclí leictreacha agus ***ceallraí do chóracha iompair éadroma*** atá ionchorpraithe san fheithicil:

(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

(b) ionad;

(c) meáchan;

(d) an cineál ceimice atá ag an gceallra;

(e) treoracha maidir le díluchtú sábháilte an cheallra;

(f) treoracha teicniúla maidir le baint agus ionadú, lena n-áirítear seicheamh na gcéimeanna uile agus na cineálacha teicnící ceangail, greamúcháin agus séalúcháin;

(g) uirlisí nó teicneolaíochtaí is gá chun na ceallraí feithicle leictrí agus na ceallraí do chóracha iompair éadroma a rochtain, a bhaint agus a ionadú.

2. Mótair ríomhthiomána atá ionchorpraithe san fheithicil:

(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

(b) ionad;

(c) meáchan;

(d) ***na*** cineálacha buanmhaighnéad atá i mótair ríomhthiomána ***mar a liostaítear in Airteagal 28(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1252***;

▌

(e) treoracha teicniúla maidir le baint agus ionadú, lena n-áirítear seicheamh na gcéimeanna uile agus na cineálacha teicnící ceangail, greamúcháin agus séalúcháin;

(f) uirlisí nó teicneolaíochtaí is gá chun na mótair ríomhthiomána a rochtain, a bhaint agus a ionadú.

3. Comhpháirteanna, páirteanna agus ábhair a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn VIII:

(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

(b) ionad;

(c) meáchan;

(d) na substaintí a liostaítear in Airteagal 5(4) a bheith ann, nach mór a lipéadú i bhfeithicil ar an mbealach dá dtagraítear in Iarscríbhinn IV;

(e) treoracha teicniúla maidir le baint, lena n-áirítear seicheamh na gcéimeanna uile;

(f) infhaighteacht na dteicnící cóireála is fearr.

4. Comhpháirteanna, páirteanna agus ábhair a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn VIII:

(a) uimhir ***an bhuntrealaimh***;

(b) ionad;

(c) treoracha teicniúla maidir le baint agus ionadú, lena n-áirítear seicheamh na gcéimeanna uile;

***(d) faisnéis, sonraíochtaí, uirlisí agus próisis, lena n-áirítear nuashonruithe bogearraí, is gá lena n-athmhonarú agus lena n-athchóiriú.***

5. Comhpháirteanna agus páirteanna i bhfeithicil arna gcódú go digiteach:

(a) uimhir;

(b) ionad;

(c) treoracha teicniúla maidir le rochtain ***ar chomhpháirteanna***, agus maidir lena mbaint agus lena n-athsholáthar, lena n-áirítear an códú ▌ agus na bogearraí is gá d'fhonn páirteanna spártha agus comhpháirteanna a ghníomhachtú le haghaidh feidhmiú i bhfeithicil eile, ***agus faisnéis faoi phróisis maidir lena ndí-chlárú agus lena ndí-chúpláil ó uimhir aitheantais (VIN), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, treoir maidir le húsáid uirlise diagnóiseacha d'fhonn iad a athúsáid amach anseo;***

(d) tuairisc ar fheidhmiúlacht, idir-inathraitheacht agus comhoiriúnacht le páirteanna agus comhpháirteanna sonracha feithiclí de dhéanamh agus de chineálacha feithicle eile;

(e) pointe teagmhála an mhonaróra le haghaidh cúnamh teicniúil.

***6. Chun críocha phointe 5(c), i gcás ina mbeidh gá le díchlárú agus díchúpláil, ó VIN i ndáil le comhpháirteanna, trealamh agus páirteanna arna gcódú go digiteach dá dtagraítear in Airteagal 11 den Rialachán seo, cuirfidh an monaróir próisis i bhfeidhm chun go mbeidh oibreoirí bainistithe dramhaíola agus oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála in ann díchlárú agus díchúpláil den sórt sin a dhéanamh. Sa phróiseas sin, féadfaidh an monaróir deimhniú scriosta a éileamh, chomh maith le fíordheimhniú an oibreora lena mbaineann. Chun na críche sin, gheobhaidh oibreoirí bainistithe dramhaíola agus oibreoirí deisiúchán agus cothabhála an fhaisnéis fíordheimhnithe is gá le haghaidh shuíomh gréasáin RMI an mhonaróra dá dtagraítear i bpointe 2.1. d'Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858, agus úsáidfidh siad an fhaisnéis sin. I gcás ina mbeidh gá le rochtain ar fhaisnéis faoi dhiagnóisic ar bord feithicle ag oibreoirí bainistithe dramhaíola agus ag oibreoirí deisiúcháin agus cothabhála le haghaidh na bpróiseas sin um dhíchlárú agus um dhíchúpláil, féadfaidh an monaróir an méid seo a leanas a dhéanamh, mar choinníoll chun aon dintiúir rochtana a eisiúint:***

***(a) a cheangal go mbeidh nasc leanúnach ar líne ann, an tráth a mbeidh an t-aistriú á dhéanamh, ón uirlis dhiagnóiseach chuig freastalaí mhonaróir na huirlise diagnóisí mar aon le nasc ó fhreastalaí mhonaróir na huirlise diagnóisí chuig freastalaí an mhonaróra; agus***

***(b)*** ***a cheangal ar mhonaróir na huirlise a úsáidtear chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis faoi dhiagnóisic ar bord feithicle céannacht na huirlise diagnóiseacha agus céannacht an oibreora faoi ainm bréige a fhianú don mhonaróir, agus VIN, aitheantóir uathúil na páirte, nuair a bheidh sé ar fáil agus nuair a thacóidh próiseas an mhonaróra feithicle leis, stampa ama agus dáta UTC le haghaidh na gníomhaíochta ábhartha agus aitheantóir uathúil na huirlise diagnóisí a bhailiú agus a stóráil; gheobhaidh an monaróir, arna iarraidh sin dó, rochtain ó mhonaróir na huirlise diagnóisí ar an bhfaisnéis dá dtagraítear sa phointe seo, i gcás inar gá sin d'fhonn freagairt d'amhras réasúnach i ndáil le goid nó le mí-úsáid páirteanna.***

IARSCRÍBHINN VII

CEANGLAIS MAIDIR LE LIPÉADÚ

1. Páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair phlaisteacha feithicle ar mó a meáchan ná 100 gram:

   (a) caighdeán idirnáisiúnta ISO 1043-1 Plaistigh - siombailí agus téarmaí giorraithe. Cuid 1: Bunpholaiméirí agus a saintréithe speisialta;

   (b) caighdeán idirnáisiúnta ISO 1043-2 Plaistigh - siombailí agus téarmaí giorraithe. Cuid 2: Líontóirí agus ábhair threisiúcháin;

   (c) caighdeán idirnáisiúnta ISO 11469 Plaistigh - Sainaitheantas cineálach agus marcáil táirgí plaisteacha.

2. Páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair leaistiméire feithicle ar mó a meáchan ná 200 gram, seachas boinn: caighdeán idirnáisiúnta ISO 1629 Rubair agus laitísí – Ainmníocht.

3. Is féidir lúibíní a chur in ionad na siombailí '[' nó ']' a úsáidtear i gcaighdeáin ISO.

IARSCRÍBHINN VIII

CEANGLAIS CHÓIREÁLA

CUID A

ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE LÁITHREÁIN STÓRÁLA AGUS LÁITHREÁIN CHÓIREÁLA

1. Láithreáin stórála, lena n-áirítear láithreáin stórála ag na pointí bailiúcháin, le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite a stóráil, sula ndéanfar iad a chóireáil, agus lena gcomhpháirteanna, a bpáirteanna agus a gcuid ábhar a stóráil, beidh na nithe seo a leanas amhlaidh ina leith:

(a) beidh dromchlaí neamhscagacha agus saoráidí bailithe doirte, scinceálaithe agus glantóirí is díbhealaitheoirí acu;

(b) beidh siad feistithe le trealamh chun uisce a chóireáil, lena n-áirítear uisce báistí, i gcomhréir le ceanglais sláinte agus chomhshaoil.

***(c) beidh stóráil iomchuí acu le haghaidh feithiclí a bhfuil a ré caite agus ní chruachfaidh siad ach feithiclí díthruaillithe a bhfuil a ré caite, mura n-úsáidtear racaí cruachta, ar airde iomchuí;***

***(d) beidh siad feistithe ionas gur féidir sreabháin agus leachtanna a bhaint láithreach as feithiclí a bhfuil a ré caite atá ag sceitheadh agus aon sreabháin agus leachtanna sceite a bhailiú agus úsáid á baint as ábhar ionsúiteach.***

***Déanfaidh oibreoirí na láithreán dá dtagraítear sa chéad fhomhír na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (d) den fhomhír sin a chur i gcrích gan mhoill.***

2. Beidh an stóráil eagraithe ar bhealach a seachnófar damáiste do na nithe seo a leanas:

(a) comhpháirteanna agus páirteanna ina bhfuil na leachtanna agus na sreabháin a liostaítear i bpointí 1 agus 3 de Chuid B den Iarscríbhinn seo;

(b) comhpháirteanna, páirteanna agus ábhair a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn seo.

3. Beidh na nithe seo a leanas ag na láithreáin ar a ndéantar feithiclí a bhfuil a ré caite agus a gcomhpháirteanna, a bpáirteanna agus a gcuid ábhar a chóireáil:

(a) dromchlaí neamhscagacha le haghaidh limistéir iomchuí agus soláthar saoráidí bailithe doirte, scinceálaithe agus glantóirí is díbhealaitheoirí;

(b) stóráil iomchuí le haghaidh páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a baineadh den fheithicil a bhfuil a ré caite, lena n-áirítear stóráil neamhscagach le haghaidh páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair atá éillithe le hola;

(c) coimeádáin iomchuí chun ceallraí a stóráil (ag a bhfuil neodrú leictrilíte ar an láthair nó áit éigin eile), scagairí agus toilleoirí ina bhfuil PCB/PCT;

(d) umair stórála iomchuí ar leithligh le haghaidh stóráil dheighilte sreabhán as feithicil a bhfuil a ré caite: ***breoslaí, olaí*** (ola mhótair, ***ola*** ghiarbhosca***, ola chumhachtstiúrtha***, ola tras-seolta, ola hiodrálach), ***scagairí ola,*** leachtanna fuaraithe, oibreán frithreo, leachtanna coscáin, ***cuisneáin, sreabhán sceite díosail*** agus aon ***sreabhán nó gás*** eile atá san fheithicil a bhfuil a ré caite***;***

(e) trealamh chun uisce a chóireáil, lena n-áirítear uisce báistí, i gcomhréir le ceanglais sláinte agus chomhshaoil;

(f) stóráil iomchuí le haghaidh boinn athláimhe, á chur san áireamh gur gá guaiseacha dóiteáin agus stoc-charnadh iomarcach a chosc.

4. Saoráidí cóireála údaraithe ag a bhfuil cead feithiclí leictreacha a chóireáil, comhlíonfaidh siad na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann le ***Rialachán (AE) 2023/1542***. ***Maidir le saoráidí cóireála údaraithe a ghlacann le feithiclí leictreacha a bhfuil amhras ann go ndearnadh damáiste don cheallra feithicle leictrí, déanfaidh siad*** na ceallraí ***sin a mheasúnú a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná laistigh de 24 uair an chloig tar éis an tseachadta***. ***Déanfar na feithiclí agus na ceallraí sin a stóráil ar leithligh i limistéar coraintín dá dtagraítear i mír 1. Beidh an limistéar coraintín feistithe le suiteálacha iomchuí chun dóiteáin ó cheallraí feithicle leictrí a chosc, a bhrath agus a shrianadh chun nach leathfaidh siad chuig limistéir eile, chuig feithiclí leictreacha eile agus chuig*** ceallraí ***eile***.

CUID B

ÍOSCHEANGLAIS MAIDIR LE DÍTHRUAILLIÚ

1. Déanfar na sreabháin, na leachtanna ***agus na gáis*** seo a leanas a bhaint den fheithicil a bhfuil a ré caite, mura bhfuil gá leo chun na páirteanna lena mbaineann a athúsáid:

(a) breosla;

(b) ola mhótair;

(c) ola thras-seolta;

(d) ola ghiarbhosca;

***(e) ola chumhachtstiúrtha;***

(f) ola hiodrálach;

(g) leachtanna fuaraithe;

(h) oibreán frithreo;

(i) sreabháin coscán;

(j) ***cuisneáin***; ▌

***(k) sreabháin sceite díosail; agus***

(l) aon ***sreabháin nó gáis*** eile atá san fheithicil a bhfuil a ré caite.

***Tar éis na sreabháin agus na leachtanna a bhaint, úsáidfear dalláin draenála chun nach sceithfear an méid atá fágtha.*** Déanfar na coimeádáin bhailiúcháin a lipéadú chun an cineál leachta atá iontu a léiriú agus déanfar iad a stóráil ar leithligh ó chéile i suíomh slán, i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn seo, chun doirteadh nó sceitheadh de thimpiste agus rochtain neamhúdaraithe orthu a chosc.

***2. Déanfar na comhpháirteanna, na páirteanna agus na hábhair seo a leanas a neodrú nó a bhaint:***

***(a) córas e-call;***

***(b) páirteanna piriteicniúla na málaí aeir;***

***(c) páirteanna piriteicniúla na gcriosanna sábhála;***

***(d) aon pháirt phiriteicniúil eile;***

3. Déanfar na comhpháirteanna, na páirteanna agus na hábhair seo a leanas a bhaint d'fheithicil a bhfuil a ré caite:

(a) neodrófar málaí aeir, umair gáis pheitriliam leachtaithe (GPL), umair gáis nádúrtha chomhbhrúite (CNG), umair hidrigine agus aon pháirt agus comhpháirt eile a d'fhéadfadh a bheith pléascach;

***(b) scagairí ola;***

(c) déanfar cuisneáin a chóireáil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. ***2024/573***;

(d) comhpháirteanna a shainaithnítear mar chomhpháirteanna a bhfuil mearcair iontu ▌, déanfar iad a scaradh le linn na cóireála i sruth in-sainaitheanta, a dhíluaileofar agus a dhiúscrófar go sábháilte i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2008/98/CE;

(e) ábhair ina bhfuil substaintí dá dtagraítear in Airteagal 5(4), ar gá iad a lipéadú mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IV, déanfar iad a dheighilt le linn na cóireála ina sruth in-sainaitheanta, a dhíluaileofar agus a dhiúscrófar go sábháilte i gcomhréir le hAirteagal 17 de Threoir 2008/98/CE.

Na páirteanna, na comhpháirteanna agus na hábhair uile arna mbailiú le linn an díthruaillithe, stórálfar i gcoimeádáin ainmnithe iad. Déanfar na coimeádáin bhailiúcháin a lipéadú chun na comhpháirteanna, na páirteanna agus na hábhair atá iontu a léiriú agus stórálfar i suíomh slán iad i gcomhréir le Cuid A, chun doirteadh nó sceitheadh de thimpiste agus rochtain neamhúdaraithe orthu a chosc.

*4*. Déanfar an fhaisnéis seo a leanas maidir le díthruailliú na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite a thaifeadadh:

(a) ***an líon iomlán feithiclí a bhfuil a ré caite a ndearnadh cóireáil orthu***;

(b) ***meánmheáchan na bhfeithiclí a bhfuil a ré caite sula ndéanfar iad*** a dhíthruailliú ***agus a bhaint, agus ina dhiaidh sin***;

(c) cainníocht ***iomlán gach cineál sreabhán, páirteanna, comhpháirteanna nó ábhar*** díthruaillithe;

(d) ainm agus sonraí teagmhála an iompróra dramhaíola, más infheidhme;

(e) ***ainm agus*** faisnéis teagmhála an láithreáin ***cóireála*** deiridh, maidir leis ***na sreabháin agus na gáis, na páirteanna, na comhpháirteanna nó na hábhair*** arna mbailiú le linn an phróisis díthruaillithe.

CUID C

BAINT SHAINORDAITHEACH PÁIRTEANNA AGUS COMHPHÁIRTEANNA D’FHEITHICLÍ A BHFUIL A RÉ CAITE

| | ***Díolmhaithe faoi Airteagal 29(2), má chomhlíontar coinníollacha Chuid G d’Iarscríbhinn VIII***<br><br>X: tá feidhm ag an díolúine |
|---|---|
| ***1. Ceallraí feithiclí leictreacha, lena n-áirítear a gcórais bainistithe ceallraí, luchtairí ar bord, cásálacha nó feireadh más ann dóibh*** | |
| ***2. Ceallraí LMT, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (11), de Rialachán (AE) 2023/1542, lena n-áirítear a gcórais bhainistithe ceallraí, luchtairí ar bord, cásálacha nó feireadh más ann dóibh*** | |
| ***3. Ceallraí DSA mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2023/1542*** | |
| ***4. Ceallraí inaistrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (9), de Rialachán (AE) 2023/1542*** | |
| ***5. mótair ríomhthiomána, lena n-áirítear a gcásálacha agus aon aonad rialaithe, aon sreangú, agus aon pháirt, comhpháirt agus ábhar eile atá bainteach leo*** | |
| ***6. Bloic innill*** | ***X*** |
| ***7. Tiontairí catalaíocha*** | |

| | |
|---|---|
| ***8. Giarbhoscaí*** | ***X*** |

| | |
|---|---|
| ***9. 70 % den ghloine iomlán ar a laghad ó ghaothscáthanna, fuinneoga cúil agus taobhfhuinneoga atá déanta as gloine, lena n-áirítear suiteálacha gloine ar an ndíon*** | |
| ***10. Fonsaí*** | |
| ***11. Boinn*** | |
| ***12. Páirteanna den chóras faisnéise agus siamsaíochta atá inrochtana go díreach*** | |
| ***13. Ceannsoilse agus cúlsoilse, lena n-áirítear a ngníomhróirí*** | |
| ***14. Príomh-úmacha sreinge*** | ***X*** |
| ***15. Tuairteoirí*** | ***X*** |
| ***16. Umair bhreosla*** | ***X*** |
| ***17. Malartóirí teasa*** | ***X*** |
| ***18. Páirteanna de phlaistigh arna dtreisiú le snáithín carbóin*** | |
| ***19. Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha:*** | ***X*** |
| ***(a) inbhéartóirí agus tiontairí DC-DC feithiclí leictreacha ar mó a meáchan ná 2 chileagram*** | ***X*** |
| ***(b) cláir ciorcad phriontáilte mhóra atá inrochtana go héasca*** | ***X*** |
| ***(c) painéil fhótavoltacha ar mó achar a ndromchla ná 0.2 méadar cearnach*** | ***X*** |
| ***(d) modúil rialaithe agus boscaí comhla le haghaidh an traiseolta uathoibríoch*** | ***X*** |

I

CUID D

ATHÚSÁID, ATHMHONARÚ AGUS ATHRIOCHTÚ PÁIRTEANNA AGUS COMHPHÁIRTEANNA

***1***. Meastóireacht theicniúil ar na páirteanna agus na comhpháirteanna arna mbaint:

(a) Le haghaidh athúsáide:

(i) tá an pháirt nó an chomhpháirt feidhmiúil;

(ii) tá sí oiriúnach lena húsáid, ar bhealach éasca, don phríomhchuspóir dar ceapadh í;

(b) Le haghaidh athmhonaraithe nó athriochtaithe:

(i) ***beidh na codanna ábhartha uile sa*** pháirt nó sa chomhpháirt;

(ii) ***tá sí oiriúnach lena hathmhonarú nó lena hathriochtú, agus aon damáiste,*** feidhmiúlacht laghdaithe, feidhmíocht ***laghdaithe***, ***saolré laghdaithe*** agus na deisiúcháin is gá á gcur san áireamh ▌;

(iii) níl aon chreimeadh trom ***le feiceáil a chuireann bac ar fheidhmiúlacht na páirte nó na comhpháirte***.

***2***. Faisnéis íosta atá le soláthar ar lipéadú na bpáirteanna agus na gcomhpháirteanna:

(a) ainm na comhpháirte nó na páirte;

▌

(b) ainm, seoladh poist, lena léirítear pointe teagmhála aonair agus seoladh ríomhphoist, suíomh gréasáin, más infheidhme, lena sainaithnítear an ***tsaoráid chóireála údaraithe*** lenar baineadh an chomhpháirt nó an pháirt.

CUID E

COMPHÁIRTEANNA AGUS PÁIRTEANNA NACH BHFUIL LE hATHÚSÁID

***1***. Gach mála aeir, lena n-áirítear cúisíní, gníomhróirí piriteicniúla, aonaid rialaithe leictreonacha agus braiteoirí.

2. córais iarchóireála astaíochtaí (e.g. tiontairí catalaíocha, scagairí cáithníní) ***mura rud é go gcomhlíonann na páirteanna sin an tástáil ródacmhainneachta ghaolmhar a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2014/45/AE***.

***3***. Cóimeálacha creasa sábhála uathoibríocha nó neamh-uathoibríocha, lena n-áirítear strapaí, búclaí, feistí aistarraingthe, gníomhróirí piriteicniúla.

***4***. Suíocháin i gcásanna ina bhfuil daingnithe creasa sábhála agus/nó málaí aeir ionchorpraithe iontu.

***5***. Cóimeálacha glais stiúrtha ag gníomhú ar an gcolún stiúrtha.

***6***. Baic dúisithe, lena n-áirítear trasfhreagróirí agus aonaid rialaithe leictreonacha.

CUID F

CEANGLAIS SHONRACHA MAIDIR LE CÓIREÁIL NA bPÁIRTEANNA, NA gCOMHPHÁIRTEANNA AGUS NA nÁBHAR ARNA mBAINT

*1*. Déanfar ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte (DSA) a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) ***2023/1542***.

2. Déanfar ceallraí feithicle leictrí a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) ***2023/1542***.

***3. Déanfar ceallraí LMT a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) 2023/1542.***

***4. Déanfar ceallraí inaistrithe a chóireáil i gcomhréir le hAirteagal 70 de Rialachán (AE) 2023/1542.***

*5*. Ábhair bhuanmhaighnéid ina bhfuil neoidimiam, diospróisiam nó praiséidimiam (Neoidimiam-Iarann-Bórón, NdFeB), mar a shainmhínítear in Airteagal 28 de Rialachán ***(AE) 2024/1252***, agus copar as mótair ríomhthiomána leictrí nach bhfuil oiriúnach lena n-athúsáid, lena n-athmhonarú nó lena n-athriochtú, bainfear iad i gcás ina mbeidh an próiseas bainte indéanta ag saoráidí cóireála údaraithe gan costas iomarcach. I gcás ina mbeidh easpa dul chun cinn teicniúil ann maidir le hábhair bhuanmhaighnéid NdFeB a athchúrsáil, déanfar na mótair ríomhthiomána leictrí nó na páirteanna díobh ina bhfuil ábhar buanmhaighnéid a stoc-charnadh agus a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 28(1), pointe (b), de Rialachán ***(AE) 2024/1252***. ***Chun athchúrsáil a dhéanamh amach anseo, ní bheidh feidhm ag na ceanglais a bhaineann le stóráil shealadach atá i dTreoir 1999/31/CE.***

*6*. Comhpháirteanna agus páirteanna leictreonacha a baineadh, nach bhfuil faoi réir a n-athúsáide, a n-athmhonaraithe nó a n-athriochtaithe, agus codáin neamhfheiriúla, lena n-áirítear cláir ciorcad priontáilte mhionghearrtha, déanfaidh oibreoirí cóireála iad a chóireáil mar a shonraítear in Airteagal 8(3) de Threoir 2012/19/AE.

*7*. Is éard a dhéanfar le gloine arna baint den fheithicil a bhfuil a ré caite, ar a laghad, í a athchúrsáil ina gloine le haghaidh coimeádán, ina snáithín gloine nó ina táirge de cháilíocht choibhéiseach.

***8. Déanfar cuisneáin arna mbaint a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/573.***

***9. Déanfar na codáin phlaisteacha agus iarmhair a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/1021, agus le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis.***

***10. Déanfar boinn rubair a phróiseáil i gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola agus leis na ceanglais ghinearálta atá leagtha síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE d'fhonn tosaíocht a thabhairt do roghanna coiscthe as a dtiocfaidh an toradh comhshaoil is fearr ar an iomlán, lena n-áirítear atráchtadh boinn, agus d'fhonn tosaíocht a thabhairt don athchúrsáil, lena n-áirítear modhanna eile seachas an athchúrsáil mheicniúil, thar aisghabháil fuinnimh.***

***11. Ábhair alúmanaim de thionscnamh malartóirí teasa mar a shonraítear i gCuid C, pointe 17, d'Iarscríbhinn VIII, déanfar iad a stóráil agus a athchúrsáil ar leithligh ó na codáin alúmanaim theilgthe agus shaoirsithe a shonraítear i gCuid G, pointe 2(b), d'Iarscríbhinn VIII.***

CUID G

***CRITÉIR LE hAGHAIDH MIONGHEARRADH COMHCHEANGAILTE AGUS CUR I bhFEIDHM TEICNEOLAÍOCHTAÍ IAR-MHIONGHEARRTHÓRA***

***1. Chun Airteagal 27(3) den Rialachán seo a chomhlíonadh, ní fhéadfar feithiclí a bhfuil a ré caite a mhionghearradh in éineacht le dramhaíl eile ach amháin i gcás:***

***(a) go ndearnadh dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a chóireáil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2012/19/AE;***

***(b) gur baineadh gach ceallra i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542;***

***(c) go ndearnadh pacáistíocht phlaisteach a dheighilt ó dhramhaíl ó phacáistíocht agus ó phacáistíocht mhiotail i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/40;***

***(d) nach laghdaíonn an próiseas mionghearrtha comhcheangailte cáilíocht na sruthanna dramhaíola i gcomparáid le cóireáil ar leithligh; agus***

***(e) gur féidir rannchuidithe sonracha gach srutha dramhaíola measctha leis na codáin aschuir a shainaithint mar rannchuidithe a chomhlíonann na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2023/1542, Rialachán (AE) 2025/40, Treoir 2008/98/CE agus Treoir 2012/19/AE.***

2. ***Ceanglais cháilíochta maidir leis na codáin aschuir:***

(a) ***ní bheidh cion copair iomlán an phríomhchodáin cruach níos mó ná 0,25 % ar bhonn meáchain; amhail ón … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 60 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ní bheidh cion iomlán copair an phríomhchodáin cruach níos mó ná 0,15 % de réir meáchain;***

***(b)*** faoin … ***[an chéad lá den mhí i ndiaidh 36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfar alúmanam a shórtáil ina dhá chodán ar a laghad***:

(i) ***alúmanam teilgthe (codáin ina bhfuil cion sileacain níos airde ná 1,5 %);***

(ii) ***alúmanam saoirsithe (codáin ina bhfuil cion sileacain 1,5 % nó níos lú);***

***(c) faoin … [an chéad lá den mhí i ndiaidh 72 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfar alúmanam a shórtáil ina cheithre chodán ar a laghad:***

(i) ***codán alúmanaim a bhfuil cion sileacain níos airde ná 1,5 % ann, cion copair atá cothrom le 0,5 % nó níos ísle ná sin agus cion iarainn atá cothrom le 0,2 % nó níos ísle ná sin;***

*(ii) codán alúmanaim ina bhfuil cion sileacain níos airde ná 1,5 % agus nach gcomhlíonann ceanglais chomhdhéanaimh fhophointe (i) maidir le copar agus iarann;*

*(iii) codán alúmanaim a bhfuil cion sileacain ann atá cothrom le 1,5 % nó níos lú ná sin, maignéisiam atá cothrom le 1,5 % nó níos lú ná sin, cion copair atá cothrom le 0,3 % nó níos lú ná sin agus ábhar since atá cothrom le 0,3 % nó níos lú ná sin;*

*(iv) codán alúmanaim ina bhfuil cion sileacain atá cothrom le 1,5 % nó níos ísle ná sin agus nach gcomhlíonann ceanglais chomhdhéanaimh fhophointe (iii) maidir le maignéisiam, copar agus sinc;*

*(d) An codán atá trom ó thaobh an mhionghearrthóra de a dhíorthaítear tar éis iarann a dheighilt ón aer agus a scaradh, déanfar é a chóireáil tuilleadh d'fhonn miotail fheiriúla, miotail neamhfheiriúla, plaistigh agus ábhair orgánacha eile a scagadh lena n-athchúrsáil nó lena n-aisghabháil. Maidir le hiarmhar na bpróiseas sin, beidh níos lú ná 1 % de mhiotal ann de réir meáchain agus, i gcomhréir le Cinneadh 2003/33/CE ón gComhairle[1], beidh níos lú ná 5 % de charbón orgánach iomlán ann de réir meáchain; ní bheidh feidhm ag teorainn an Charbóin Orgánaigh Iomlán (COI) de < 5 % de réir meáchain má tá codán atá trom ó thaobh an mhionghearrthóra, arna roghnú agus arna athchóiriú i gceart, cobhsaí go bitheolaíoch de réir na reachtaíochta atá ann faoi láthair;*

1 Cinneadh 2003/33/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena mbunaítear critéir agus nósanna imeachta maidir le glacadh le dramhaíl ag líonadh talún de bhun Airteagal 16 de Threoir 1999/31/CE agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir chéanna (IO L 11, 16.1.2003, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2003/33(1)/oj).

(e) ***an codán atá éadrom ó thaobh an mhionghearrthóra de, déanfar é a chóireáil tuilleadh d'fhonn miotail fheiriúla, miotail neamhfheiriúla, plaistigh agus ábhair orgánacha eile a scagadh lena n-athchúrsáil nó lena n-aisghabháil; maidir le hiarmhar na bpróiseas sin, beidh níos lú ná 1 % de mhiotal ann de réir meáchain agus, i gcomhréir le Cinneadh 2003/33/CE, beidh níos lú ná 5 % de charbón orgánach iomlán ann de réir meáchain; ní bheidh feidhm ag teorainn an Charbóin Orgánaigh Iomlán (COI) de < 5 % de réir meáchain má bhíonn codán atá éadrom ó thaobh an mhionghearrthóra de, arna roghnú agus arna athchóiriú i gceart, cobhsaí go bitheolaíoch de réir na reachtaíochta atá ann faoi láthair.***

*3*. ***Doiciméadacht atá le soláthar le haghaidh díolúintí ón oibleagáid maidir le páirteanna, comhpháirteanna agus ábhair a bhaint:***

***(a) i gcás ina bhfuil sí ar fáil,*** cóip den chonradh i scríbhinn idir an tsaoráid chóireála údaraithe agus an tsaoráid a dhéanann na hoibríochtaí mionghearrtha agus ▌ a úsáideann na teicneolaíochtaí iar-mhionghearrtha, lena n-áirítear na sonraíochtaí maidir le cáilíocht na n-ábhar tánaisteach atá ***réidh le haghaidh athchúrsála*** agus an tsonraíocht theicniúil a leanfar le linn codáin chóireála as feithiclí a bhfuil a ré caite a phróiseáil;

***(b) tuarascáil mhaischothromaíochta ar an anailís shamplach ar cháilíocht agus cainníocht na gcodán cóireála (aschur) i ndáil le cumraíocht chóireála ionadaíoch arna soláthar ag comhlacht neamhspleách.***

▌

IARSCRÍBHINN IX

FAISNÉIS LE hAGHAIDH CLÁRÚ I gCLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ

1. Faisnéis atá le cur isteach ag an táirgeoir nó ag a ionadaí ***údaraithe*** le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora:

(a) ainm, agus ainmneacha branda má tá siad ar fáil, faoina n-oibríonn an táirgeoir sa Bhallstát agus seoladh an táirgeora lena n-áirítear cód poist agus áit phoist, sráid agus uimhir, tír, uimhir theileafóin, más ann di, suíomh gréasáin agus seoladh ríomhphoist, lena léirítear pointe teagmhála aonair;

(b) cód céannachta náisiúnta an táirgeora, lena n-áirítear a uimhir ar an gclár trádála nó uimhir chlárúcháin oifigiúil choibhéiseach agus an uimhir Eorpach aitheantais cánach nó an uimhir náisiúnta aitheantais cánach;

(c) catagóirí feithiclí a bhfuil sé beartaithe ag an táirgeoir a chur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit;

(d) faisnéis maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann an táirgeoir a fhreagrachtaí mar a leagtar síos in Airteagal 16, lena n-áirítear faisnéis i bhfoirm scríofa maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) na bearta a chuireann an táirgeoir i bhfeidhm chun na hoibleagáidí freagrachta táirgeora a leagtar síos in Airteagail 16 agus 20 a chomhlíonadh;

(ii) na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun an oibleagáid maidir le bailiúchán a leagtar síos in Airteagal 23 a chomhlíonadh maidir leis an líon feithiclí a chuireann an táirgeoir ar an margadh sa Bhallstát; agus

(iii) an córas chun a áirithiú go mbeidh na sonraí a thuairiscítear do na húdaráis inniúla iontaofa;

(e) ráiteas ón táirgeoir nó, i gcás inarb infheidhme, ó ionadaí ***údaraithe*** an táirgeora le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora nó ón eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí, lena luaitear go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil fíor.

2. An fhaisnéis atá le soláthar, i dteannta na faisnéise a liostaítear i bpointe 1, i gcás ina gceaptar eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí chun na hoibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a dhéanamh:

(a) ainm agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear cód poist agus áit phoist, sráid agus uimhir na sráide, tír, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist agus cód aitheantais náisiúnta na heagraíochta freagrachta táirgeora;

(b) uimhir na heagraíochta freagrachta táirgeora ar an gclár trádála nó uimhir chlárúcháin oifigiúil choibhéiseach agus a huimhir aitheantais chánach Eorpach nó náisiúnta; agus

(c) sainordú an táirgeora dá ndéantar ionadaíocht.

3. An fhaisnéis atá le soláthar, i dteannta na faisnéise atá liostaithe i bpointe 1, ag an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí i gcás inar ceapadh í i gcomhréir le hAirteagal ***17(1)***:

(a) ainmneacha agus sonraí teagmhála, lena n-áirítear cóid phoist agus áiteanna poist, sráideanna agus uimhreacha, tíortha, uimhreacha teileafóin, suíomhanna gréasáin agus seoltaí ríomhphoist na dtáirgeoirí dá ndéantar ionadaíocht;

(b) sainordú gach táirgeora dá ndéantar ionadaíocht, i gcás inarb infheidhme;

(c) i gcás ina ndéanann an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ionadaíocht do níos mó ná táirgeoir amháin, tabharfaidh an eagraíocht le fios ar leithligh conas a chomhlíonann gach ceann de na táirgeoirí dá ndéantar ionadaíocht na freagrachtaí a leagtar amach in Airteagal 16.

4. I gcás ina ndéanfaidh ionadaí údaraithe le haghaidh na freagrachta leathnaithe táirgeora oibleagáidí faoi Airteagal 16 a chomhlíonadh thar ceann táirgeora, ar ionadaí é a dhéanann ionadaíocht do bhreis agus táirgeoir amháin, soláthróidh an t-ionadaí sin, i dteannta na faisnéise a liostaítear i bpointe 1, ainm agus sonraí teagmhála gach ceann de na táirgeoirí dá ndéantar ionadaíocht ar leithligh.

IARSCRÍBHINN X

DEIMHNIÚ SCRIOSTA

| | | |
|---|---|---|
| ***1.*** | ***An bhunaíocht nó an gnóthas a eisíonn an deimhniú sin*** | |
| ***1.1*** | ***Ainm*** | |
| ***1.2*** | ***Seoladh*** | |
| ***1.3*** | ***Uimhir theileafóin*** | |
| ***1.4*** | ***Ríomhphost [má tá fáil air]*** | |
| ***1.5*** | ***Uimhir chlárúcháin nó uimhir aitheantais**** | |
| ***2.*** | ***An t-údarás inniúil a d'eisigh ceadúnas don bhunaíocht nó don ghnóthas dá dtagraítear i bpointe 1*** | |
| ***2.1*** | ***Ballstát*** | |
| ***2.2*** | ***Ainm*** | |
| ***2.3*** | ***Seoladh*** | |
| ***3.*** | ***Deimhniú scriosta*** | |
| ***3.1*** | ***Dáta eisiúna*** | |
| ***3.2*** | ***Uimhir*** | |
| ***4.*** | ***Faisnéis faoin bhfeithicil a n-eisítear an deimhniú scriosta sin lena haghaidh*** | |
| ***4.1*** | ***Marc náisiúntachta*** | |
| ***4.2*** | ***(A) Uimhir chlárúcháin***** | |

| | | |
|---|---|---|
| *4.3* | ***(J) Catagóir***** | |
| *4.4* | ***(D.1) Déanamh***** | |
| *4.5* | ***(D.3) Ainm tráchtála***** | |
| *4.6* | ***(E) Uimhir Aitheantais Feithicle***** | |
| *4.7* | ***Uimhir an deimhnithe clárúcháin*** | |
| *5.* | ***Faisnéis faoi úinéir na feithicle*** | |
| *5.1* | ***(C.2.1) Sloinne nó ainm gnó***** | |
| *5.2* | ***(C.2.2) Ainm nó ainmneacha eile ***** | |
| *5.3* | ***(C.2.3) Seoladh***** | |
| *5.4* | ***Uimhir theileafóin [má tá sí ar fáil agus le toiliú an úinéara]*** | |
| *5.5* | ***Ríomhphost [má tá sé ar fáil agus le toiliú an úinéara]*** | |
| *6* | ***Nótaí*** | |
| | **** Féadfar an ceanglas seo a tharscaoileadh i gcás nach bhforáiltear don uimhir sin sa chóras náisiúnta clárúcháin nó aitheantais.*** | |

| | | |
|---|---|---|
| | ** ***Cóid chomhchuibhithe Chomhphobail mar a thagraítear dóibh i dTreoir 1999/37/CE.*** | |

IARSCRÍBHINN XI

LEASUITHE AR RIALACHÁN (AE) 2018/858 ***AGUS AR RIALACHÁN (AE) Uimh. 168/2013***

1. Is mar a leanas a leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858:

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil G13:

‘

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| G13 | Ciorclaíocht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | | |

’;

(b) leasaítear Foscríbhinn 1 mar a leanas:

(i) i dtábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil G13:

‘

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| G13 | Ciorclaíocht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | | n/b Beidh feidhm, áfach, ag Cuid E d’Iarscríbhinn VIII maidir leis an toirmeasc ar athúsáid na gcomhpháirteanna sonraithe. |

’;

(ii) i dtábla 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil G13:

‘

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| G13 | Ciorclaío cht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | | n/b Beidh feidhm, áfach, ag Cuid E d’Iarscríbhinn VIII maidir leis an toirmeasc ar athúsáid na gcomhpháirteanna sonraithe. |

’;

(c) i bhFoscríbhinn 2, leasaítear pointe 4 mar a leanas:

(i) sa tábla ‘Cuid I: I gcás feithiclí de chatagóir $M_1$’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 59:

‘

| | | |
|---|---|---|
| 59 | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] (Ciorclaíocht) | Ní bheidh feidhm ag ceanglais an Rialacháin sin. |

’:

(ii) sa tábla ‘Cuid II: I gcás feithiclí de chatagóir N1’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 59:

‘

| | | |
|---|---|---|
| 59 | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] (Ciorclaíocht) | Ní bheidh feidhm ag ceanglais an Rialacháin sin. |

’;

(d) leasaítear Cuid III mar a leanas:

(i) i bhFoscríbhinn 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 59:

‘

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 59 | Ciorclaío cht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | Ní bhaine ann le hábhar | Ní bhaine ann le hábhar | | |

’,

(ii) i bhFoscríbhinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 59:

‘

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 59 | Ciorclaío cht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | Ní bhaine ann le hábhar | | | | Ní bhai nean n le hábh ar | | | | | |

’;

(iii) i bhFoscríbhinn 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 59:

‘

| | | | |
|---|---|---|---|
| 59 | Ciorclaío cht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | Ní bhaineann le hábhar |

’;

(iv) i bhFoscríbhinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 59:

‘

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 59 | Ciorclaío cht | Rialachán (AE) …/… [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach uimhir an Rialacháin seo] | Ní bhaineann le hábhar | | | | Ní bhaineann le hábhar | | | | | | |

’;

***2. Is mar a leanas a leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 168/2013:***

***I Roinn C1 den tábla, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 15a:***

‘

| | | | | L1e-A[1] | L1e-B[2] | L2e | L3e | L4e | L5e-B | L6e-A | L7e-A1 | L7e-A2 | L7e-B1 | L7e-B2 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 15a | 18 | Ceanglais chiorclaíochta | [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach Rialachán (AE) 2026/...] | ***x*** | ***x*** | ***x*** | *x* | *x* | *x* | *x* | *x* | *x* | *x* | *x* |

’.

*IARSCRÍBHINN XII*

*LEASUITHE AR RIALACHÁN (AE) 2023/1542*

***Cuirtear an tábla seo a leanas in ionad an tábla in Iarscríbhinn I:***

| ***Colún 1***<br>***Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí*** | ***Colún 2***<br>***Coinníollacha an tsrianta*** |
|---|---|
| ***1. Mearcair Uimh. CAS. 7439-97-6 Uimh. CE 231-106-7 agus a chomhdhúile*** | ***Ní bheidh níos mó ná 0.0005 % de mhearcair (arna shloinneadh mar mhiotal mearcair) de réir meáchain i gceallraí, bídís i láthair nó ionchorpraithe i bhfearais nó ná bíodh, i modhanna éadroma iompair nó i bhfeithiclí eile nó ná bíodh.*** |
| ***2. Caidmiam Uimh. CAS 7440-43-9 Uimh. CE 231-152-8 agus a chomhdhúile*** | ***1. Ní bheidh níos mó ná 0.002 % de chaidmiam (arna shloinneadh mar mhiotal caidmiam) de réir meáchain i gceallraí inaistrithe, bídís i láthair nó ionchorpraithe i bhfearais nó ná bíodh, i modhanna éadroma iompair nó i bhfeithiclí eile nó ná bíodh.***<br>***2. Maidir le ceallraí feithiclí leictreacha agus ceallraí DSA, atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858, ní bheidh níos mó ná 0,01 % de chaidmiam (arna shloinneadh mar mhiotal caidmiam)*** |

| ***Colún 1***<br>***Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí*** | ***Colún 2***<br>***Coinníollacha an tsrianta*** |
|---|---|
| | ***de réir meáchain in ábhar aonchineálach iontu.***<br>***3. Ní bheidh feidhm ag pointe 2 maidir le ceallraí feithiclí leictreacha arna n-úsáid mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí leictreacha, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858 a chuirtear ar an margadh roimh an 31 Nollaig 2008.*** |

| *Colún 1*<br>*Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí* | *Colún 2*<br>*Coinníollacha an tsrianta* |
|---|---|
| ***3. Luaidhe Uimh. CAS 7439-92-1 Uimh. CE 231-100-4 agus a comhdhúile*** | ***1. Ón 18 Lúnasa 2024, ní bheidh níos mó ná 0.01 % de luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal luaidhe) de réir meáchain i gceallraí inaistrithe, bídís i láthair nó ionchorpraithe i bhfearais nó ná bíodh.***<br>***2. Ní bheidh feidhm ag an srian a leagtar amach i bpointe 1 maidir le cnapchealla soghluaiste sinc-aeir go dtí an 18 Lúnasa 2028.***<br>***3. Ní bheidh níos mó ná 0.1 % luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal luaidhe) de réir meáchain in ábhar aonchineálach i gceallraí inaistrithe atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858.***<br>***4. Ní bheidh feidhm ag pointe 3 maidir le Ceallraí Inaistrithe atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, nó arna n-úsáid mar pháirteanna spártha le haghaidh feithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE)*** |

| *Colún 1*<br>*Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí* | *Colún 2*<br>*Coinníollacha an tsrianta* |
|---|---|
| | ***2018/858, arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2024.***<br>***5. Ní bheidh níos mó ná 0.1 % luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal luaidhe) de réir meáchain in ábhar aonchineálach i gceallraí feithiclí leictreacha atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858.*** |

| *Colún 1*<br>*Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí* | *Colún 2*<br>*Coinníollacha an tsrianta* |
|---|---|
| | ***6. Ní bheidh feidhm ag pointe 5 maidir leis an méid a leanas:***<br><br>***(a) Ceallraí feithiclí leictreacha a úsáidtear i gcórais ardvoltais[1] atá ionchorpraithe i bhfeithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$, nó arna n-úsáid mar pháirt spártha dóibh, i bhfeithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858 agus arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2019;***<br><br>***(b) Ceallraí feithiclí leictreacha nach gcumhdaítear le pointe (a) den phointe seo atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ nó arna n-úsáid mar pháirt spártha dóibh, mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858, agus arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2024.***<br><br>***7. Ní bheidh níos mó ná 0,1 % luaidhe (arna shloinneadh mar mhiotal luaidhe) de réir meáchain in ábhar aonchineálach i gceallraí DSA atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha,*** |

| *Colún 1*<br>*Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí* | *Colún 2*<br>*Coinníollacha an tsrianta* |
|---|---|
| | ***de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858.*** |

| *Colún 1*<br>*Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí* | *Colún 2*<br>*Coinníollacha an tsrianta* |
|---|---|
| | ***8.*** ***Ní bheidh feidhm ag pointe 7 maidir leis an méid a leanas:***<br>***(a)*** ***ceallraí DSA arna n-úsáid i bhfeidhmeanna 12 V le haghaidh feithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858.[1]***<br>***(b)*** ***ceallraí DSA arna n-úsáid i bhfeidhmeanna 24 V i bhfeithiclí sainchuspóireacha de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858.[2]***<br>***(c)*** ***ceallraí DSA arna n-úsáid i bhfeidhmeanna eile seachas na feidhmeanna sin a chumhdaítear le pointí (a) agus (b) den phointe seo i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán*** |

***1*** ***Déanfar athbhreithniú ar an díolúine sin in 2030.***
***2*** ***Déanfar athbhreithniú ar an díolúine sin in 2030.***

| ***Colún 1*** <br> ***Ainmniú na substainte nó an ghrúpa substaintí*** | ***Colún 2*** <br> ***Coinníollacha an tsrianta*** |
|---|---|
| | ***(AE) 2018/858 arna gcineálcheadú roimh an 1 Eanáir 2024.*** |
| ***4. Cróimiam heicsifhiúsach CAS Uimh 18540-29-9EC Uimh. 606-053-1 agus a chomhdhúile*** | ***Na ceallraí atá ionchorpraithe i bhfeithiclí, lena n-áirítear feithiclí sainchuspóireacha, de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858, ní bheidh níos mó ná 0,1 % de chróimiam heicsifhiúsach iontu, arna chur in iúl mar mhiotal cróimiam heicsifhiúsach, de réir meáchain in ábhar aonchineálach.*** |

[1] Córais ag a bhfuil voltas > 75 V DC dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Threoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

---

[3] Treoir 2014/35/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh leictreach a chur ar fáil ar an margadh, ar trealamh é a dheartar lena úsáid laistigh de theorainneacha áirithe voltais (IO L 96, 29.3.2014, lch. 357, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/35/oj).

## *IARSCRÍBHINN XIII*

## *CRITÉIR ATÁ LE COMHLÍONADH AG SUITEÁLACHA I dTRÍÚ TÍORTHA LENA nDÉANTAR TÁIRGEADH ÁBHAIR ATHCHÚRSÁILTE*

### *Cuid A CRITÉIR CHUN A DHEARBHÚ GO nDEARNADH ÁBHAR ATHCHÚRSÁILTE A THÁIRGEADH I SUITEÁIL INA BHFUIL CEANGLAIS ÁIRITHE MAIDIR LE SLÁINTE AN DUINE, AN AERÁID AGUS AN COMHSHAOL A CHOSAINT, AR CEANGLAIS IAD ATÁ LEAGTHA AMACH I nDLÍ AN AONTAIS NÓ ATÁ COIBHÉISEACH LEIS NA CEANGLAIS SIN (I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAL 6(4))*

***1. Maidir leis an tsuiteáil atá lonnaithe i dtríú tír agus a bhfuil baint aici le táirgeadh ábhair athchúrsáilte, comhlíonfaidh sí na coinníollacha seo a leanas le linn a cuid oibríochtaí iarbhír:***

***(a) comhlíonann sí na ceanglais maidir le dramhaíl a athchúrsáil agus déanann sí a gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le cosaint an chomhshaoil;***

***(b) deartar, tógtar agus oibrítear í ar bhealach sábháilte atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus go sonrach, tá na próisis, an teicneolaíocht iomchuí bainistithe dramhaíola, an t-eagrúchán agus an bonneagar riachtanach i bhfeidhm aici chun an dramhaíl atá i gceist a athchúrsáil;***

***(c) faigheann sí a cuid dramhaíola plaistigh ó Bhallstát nó ó thír a chomhlíonann dlí an Aontais, nó caighdeáin atá coibhéiseach leo siúd sna Ballstáit i dtaca le cosaint an chomhshaoil agus shábháilteacht na n-oibrithe, agus oibríonn sí i dtír mar sin i gcomhréir leis na critéir a shainmhínítear i mír 3;***

*(d)* *bunaíonn agus oibríonn sí an tsaoráid córais, nósanna imeachta agus teicnící um bainistiú agus faireachán, a bhfuil sé mar aidhm acu na nithe seo a leanas a chosc, a mhaolú, a íoslaghdú agus, a mhéid is féidir, a dhíothú:*

*(i)* *rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe lena mbaineann agus don daonra atá gar don tsaoráid; agus*

*(ii)* *éifeachtaí díobhálacha ar an gcomhshaol mar gheall ar a gníomhaíochtaí (go háirithe trí bhearta leormhaithe a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar thruailliú);*

*(e)* *áirithíonn sí inrianaitheacht na dramhaíola uile a fhaightear agus a chóireáiltear ag an tsaoráid, lena n-áirítear a áirithiú go ndéantar doiciméadú ar an dramhaíl iarmharach ar fad a ghintear óna gníomhaíochtaí agus nach n-aistreofar í ach chuig saoráidí bainistithe dramhaíola a údaraítear chun an dramhaíl iarmharach sin a chóireáil;*

*(f)* *tá bearta déanta aici atá ceaptha chun fuinneamh a shábháil agus chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann lena gníomhaíochtaí a shrianadh;*

*(g)* *coinníonn sí taifid ar a gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola le 5 bliana anuas agus tá sí in ann na taifid sin a chur ar fáil; má tá suiteáil á hoibriú le níos lú ná 5 bliana anuas, coinníonn sí taifid maidir lena gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola le linn di a bheith á hoibriú, agus tá sí in ann na taifid sin a chur ar fáil;*

*(h)* *níor ciontaíodh a hoibreoir ná a lucht bainistíochta as gníomhaíochtaí mídhleathacha a bhaineann le bainistiú dramhaíola a bheith curtha i gcrích acu le cúig bliana anuas.*

2. *Tabharfar aird ar na rialacha seo a leanas, nó ar rialacha coibhéiseacha, mar phointe tagartha agus i gcás inarb iomchuí:*

(a) *ceanglais shonracha maidir le cóireáil dramhaíola áirithe, agus maidir le cainníocht na dramhaíola a chóireáiltear a ríomh, atá éigeantach faoi reachtaíocht an Aontais, agus maidir le cuntas a choinneáil ar chainníochtaí na n-ábhar athchúrsáilte a tháirgtear;*

(b) *na conclúidí maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil arna nglacadh i leith gníomhaíochtaí áirithe faoi Threoir 2010/75/AE.*

3. *Déanfar an dramhaíl phlaisteach a chóireáil ar dhóigh a bheidh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i ndlí an Aontais, nó a bheidh coibhéiseach leis na ceanglais sin, agus beidh sí de thionscnamh Ballstáit nó tíre ag a bhfuil creat cuimsitheach um bhainistiú dramhaíola lena gcumhdaítear a críoch iomlán agus lena léirítear go bhfuil an tír sin in ann agus toilteanach bainistiú fónta dramhaíola ó thaobh an chomhshaoil de a ráthú, agus aird á tabhairt go háirithe ar na critéir seo a leanas:*

(a) *na bearta arna gcur chun feidhme agus atá beartaithe chun a áirithiú go ndéanfar dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá fónta ó thaobh an chomhshaoil de laistigh dá críoch, mar shampla scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó córas coibhéiseach a thabhairt isteach lena gcuirtear chun feidhme an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as;*

(b) *na bearta arna gcur chun feidhme agus atá beartaithe chun sciar an phlaistigh iarthomhaltais arna athchúrsáil ó fheithiclí a mhéadú, agus na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar na bearta sin;*

*(c) na bearta arna gcur chun feidhme agus atá beartaithe chun sciar an phlaistigh athchúrsáilte iarthomhaltais arna ionchorprú i bhfeithiclí a chuirtear ar an margadh náisiúnta a mhéadú, agus na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar na bearta sin.*

*Cuid B CRITÉAR CHUN A LÉIRIÚ GO nDEARNADH ÁBHAR ATHCHÚRSÁILTE ARNA THÁIRGEADH I gCOMHRÉIR LEIS NA CEANGLAS IN AIRTEAGAL 6(1), (2) agus (3)*

*Maidir leis an tsuiteáil atá lonnaithe i dtríú tír agus a bhfuil baint aici le táirgeadh ábhair athchúrsáilte, comhlíonfaidh sí na coinníollacha seo a leanas le linn a cuid oibríochtaí iarbhír:*

*1. Beidh an tsuiteáil in ann fianaise a thabhairt go bhfuil ábhair arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais á dtáirgeadh aici. Má tá ábhair á dtáirgeadh ag an tsuiteáil freisin a dhíorthaítear ó dhramhaíl réamhthomhaltais nó a dhíorthaítear ó amhábhair, beidh sí in ann a léiriú go ndéanann sí idirdhealú soiléir idir na cineálacha éagsúla ábhar. Áiritheoidh an tsuiteáil nach soláthróidh sí ach ábhair arna n-athchúrsáil ó dhramhaíl iarthomhaltais, mar choinníoll chun cuntas a thabhairt ar an ábhar sin mar chuid de na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 6;*

*2. Maidir le suiteáil lena dtáirgtear ábhair athchúrsáilte as dramhaíl iarthomhaltais a fhaightear ó fheithiclí a bhfuil a ré caite nó ó fheithiclí arna ndeisiú, beidh sí in ann a léiriú go ndearnadh an dramhaíl sin a bhailiú go leithleach agus nach ndearnadh í a mheascadh le hábhair de thionscnamh eile ar dhóigh a chuirfeadh cosc ar inrianaitheacht na dramhaíola sin sula dtiocfaidh sí chuig an tsuiteáil agus feadh an phróisis athchúrsála go léir.*

## *IARSCRÍBHINN XIV*

## *CEANGLAIS MAIDIR LE hINIÚCHTAÍ, DEIMHNITHEOIRÍ AGUS INIÚCHÓIRÍ*

### *Cuid A CEANGLAIS MHIONSONRAITHE LE hAGHAIDH TRÍÚ PÁIRTITHE A DHÉANANN INIÚCHTAÍ*

***1. An tríú páirtí a dhéanann iniúchtaí ar an tsuiteáil atá lonnaithe i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 6(5), beidh sé neamhspleách ar an soláthróir, ar an monaróir nó ar an duine a bhfuil baint aige le táirgeadh an ábhair athchúrsáilte, agus ar an tsuiteáil rialaithe. Chun na críche sin, beidh an tríú páirtí sin in ann an méid seo a leanas a dhoiciméadú:***

***(a) nach cuid de na heintitis sin é ná nach bhfuil sé faoina smacht acu;***

***(b) go bhfuil nósanna imeachta bunaithe agus á n-oibriú aige lena ráthaítear a neamhchlaontacht, lena n-áirítear:***

***(i) measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann lena neamhchlaontacht ar bhonn leanúnach;***

***(ii) rioscaí neamhchlaontachta a eascraíonn as brú airgeadais, brú tráchtála agus cineálacha eile brú a shainaithint, a dhíothú agus a mhaolú;***

***(iii) measúnú a dhéanamh ar an riosca neamhchlaontachta a bhaineann leis mar thoradh ar chaidrimh a phearsanra;***

***(c) go ndéantar é a struchtúrú agus a bhainistiú ar bhealach lena n-áirithítear a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht, lena n-áirítear:***

***(i) gur féidir é a shainaithint go soiléir laistigh den eintiteas dlíthiúil, má dhéanann an t-eintiteas dlíthiúil gníomhaíochtaí nach mbaineann le hiniúchtaí freisin;***

***(ii) go bhfuil rialacha tuairiscithe aige maidir leis an ngníomhaíocht iniúchóireachta a dhéantar;***

***(iii)*** ***go bhfuil freagrachtaí atá inaitheanta go soiléir ar a phearsanra maidir le hiniúchtaí a dhéanamh.***

*2. Measfar go mbeidh na cáilíochtaí iomchuí i réimse na n-iniúchtaí agus na cóireála dramhaíola ag tríú páirtí a dhéanann iniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 6(5) má tá líon leordhóthanach pearsanra cáilithe aige, go díreach nó trí fhochonraitheoireacht, a gcuirtear oiliúint air go rialta agus má tá taithí ghairmiúil dhoiciméadaithe sna réimsí seo a leanas uile ag a phearsanra atá bainteach leis na hiniúchtaí sin a dhéanamh:*

*(a) iniúchtaí a dhéanamh ar shaoráidí cóireála dramhaíola;*

*(b) oibríochtaí cóireála dramhaíola;*

*(c) córais bainistithe comhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta ceirde;*

*(d) táirgeadh ábhair athchúrsáilte.*

*3. D'fhonn comhlíonadh na gcritéar dá dtagraítear i bpointí 1 agus 2 den Chuid seo a léiriú, déanfaidh an tríú páirtí a dhéanann iniúchadh nó deimhniú tagairt dá dheimhniú de réir caighdeáin de chuid an Aontais, nó de réir caighdeáin choibhéiseacha arna n-aithint go hidirnáisiúnta, atá ábhartha maidir le hiniúchtaí a dhéanamh, amhail caighdeán idirnáisiúnta ISO 19011:2018 nó ISO/IEC 17020:2012.*

*Cuid B ÁBHAR AN INIÚCHTA*

*1. Leis an iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 6(5), fíorófar go gcomhlíonann an tsuiteáil atá lonnaithe i dtríú tír agus a bhfuil baint aici le táirgeadh an ábhair athchúrsáilte na coinníollacha atá liostaithe in Iarscríbhinn XIII le linn a cuid oibríochtaí iarbhír.*

*2. Déanfar ainmneacha agus sonraí teagmhála na ndaoine a rinne na hiniúchtaí a shonrú go soiléir sna tuarascálacha iniúchta.*

IARSCRÍBHINN XV

TÁBLAÍ COMHGHAOIL

1. Treoir 2000/53/CE

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2, pointe (1) | Airteagal 3, pointe (1) |
| Airteagal 2, pointe (2) | Airteagal 3, pointe (2) |
| Airteagal 2, pointe (3) | Airteagal 3, pointe 23 |
| Airteagal 2, pointe (4) | Airteagal 3, pointe (39) |
| Airteagal 2, pointe (5) | Airteagal 3, pointe (18) |
| Airteagal 2, pointe (6) | Airteagal 3, pointe (4) |
| Airteagal 2, pointe (7) | Airteagal 3, pointe (39) |
| Airteagal 2, pointe (8) | Airteagal 3, pointe (39) |
| Airteagal 2, pointe (9) | Airteagal 3, pointe (39) |
| Airteagal 2, pointe (10) | Airteagal 3, pointe (35) |
| Airteagal 2, pointe (11) | – |
| Airteagal 2, pointe (11), fophointe (a) | – |
| Airteagal 2, pointe (11), fophointe (b) | – |
| Airteagal 2, pointe (11), fophointe (c) | – |
| Airteagal 2, pointe (11), fophointe (d) | – |
| Airteagal 2, pointe (12) | – |
| Airteagal 2, pointe (13) | – |
| Airteagal 3(1) | Airteagal 2(1), pointe (a) |
| Airteagal 3(2) | – |

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 3(3) | – |
| Airteagal 3(4) | |
| Airteagal 3(5) | |

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 4(1), pointe (a) | Airteagal 5(1) |
| Airteagal 4(1), pointe (b) | Airteagal 7(1) |
| Airteagal 4(1), pointe (c) | Airteagal 6 |
| Airteagal 4(2), pointe (a) | Airteagal 5(4) agus (5) |
| Airteagal 4(2), pointe (b)(i) | Airteagal 5(6)(a) |
| Airteagal 4(2), pointe (b)(ii) | Airteagal 5(6)(b) |
| Airteagal 4(2), pointe (b)(iii) | Airteagal 5(6)(c) |
| Airteagal 4(2), pointe (b)(iv) | Airteagal 5(6)(d) |
| Airteagal 4(2), pointe (c) | – |
| Airteagal 5(1), an chéad fhleasc | |
| Airteagal 5(1), an dara fleasc | Airteagal 23(3), pointe (b) |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 24(1) |
| Airteagal 5(3), an chéad fomhír | Airteagal 25(1) |
| Airteagal 5(3), an dara fomhír | Airteagal 25(1) |
| Airteagal 5(3), an tríú fomhír | – |
| Airteagal 5(4), an chéad fhomhír | Airteagal 24(2) |
| Airteagal 5(4), an dara fomhír | Airteagail 16 agus 20(1)(a) |
| Airteagal 5(4), an tríú fomhír | Airteagal 24(2) |
| Airteagal 5(4), an ceathrú fomhír | – |
| Airteagal 5(5), an chéad fhomhír | Airteagal 25(1) agus Iarscríbhinn X |
| Airteagal 5(5), an dara fomhír | |
| Airteagal 6(1) | Airteagal 26(1) agus (2) |
| Airteagal 6(2), an chéad fhomhír | Airteagal 15(1) |
| Airteagal 6(2), an dara fomhír | – |
| Airteagal 6(3), an chéad fomhír | Airteagal 29(1) agus Iarscríbhinn VIII, Cuid C |

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
| --- | --- |
| Airteagal 6(3), an dara fomhír | Airteagal 28(1) |

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 6(4) | Airteagal 15(2) |
| Airteagal 6(5) | Airteagal 26(4) |
| Airteagal 6(6) | Airteagal 26(3) |
| Airteagal 7(1) | Airteagal 30(1) |
| Airteagal 7(2), pointe (a) | – |
| Airteagal 7(2), pointe (b) | Airteagal 33(1), pointí (a) agus (b) |
| Airteagal 7(2), an dara fomhír | – |
| Airteagal 7(2), an tríú fomhír | |
| Airteagal 7(3) | – |
| Airteagal 7(4) | – |
| Airteagal 7(5) | – |
| Airteagal 8(1) | Airteagal 12(1) |
| Airteagal 8(2) | Airteagal 12(2) |
| Airteagal 8(3) | Airteagal 11(1) |
| Airteagal 8(4) | Airteagal 11(1) agus (3) |
| Airteagal 9(1a), an chéad fhomhír | Airteagal 50(1), an chéad fhomhír |
| Airteagal 9(1a), an dara fomhír | Airteagal 50(1) an dara fomhír |
| Airteagal 9(1a), an tríú fomhír | Airteagal 50(1), an tríú fomhír |
| Airteagal 9(1b) | Airteagal 50(2) |
| Airteagal 9(1c) | Airteagal 50(3), an tríú fomhír |
| Airteagal 9(1d) | Airteagal 50(5) |
| Airteagal 9(2) | Airteagal 9 agus Iarscríbhinn V, Cuid A |
| Airteagal 9a(1) | Airteagal 51(1) |
| Airteagal 9a(2) | Airteagal 51(2) |
| Airteagal 9a(3) | Airteagal 51(3) |

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 9a(4) | Airteagal 51(4) |

| Treoir 2000/53/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 9a(5) | Airteagal 51(5) |
| Airteagal 9a(6) | Airteagal 51(6) |
| Airteagal 10(1) | – |
| Airteagal 10(2) | – |
| Airteagal 10(3) | – |
| Airteagal 10a | Airteagal 56 |
| Airteagal 11(1) | Airteagal 52(1) |
| Airteagal 11(2) | Airteagal 52(2) |
| Airteagal 12(1) | Airteagal 59(1) |
| Airteagal 12(2) | Airteagal 59(2) |
| Airteagal 12(3) | – |
| Airteagal 13 | – |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn VIII |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn IV |

2. Treoir 2005/64/CE

| Treoir 2005/64/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1, an chéad fhomhír | Airteagal 1 |
| Airteagal 1, an dara fomhír | – |
| Airteagal 2 | Airteagal 2(1), pointe (a) |
| Airteagal 3 pointe (a) | – |
| Airteagal 3, pointe (b) | – |
| Airteagal 3, pointe (c) | Airteagal 2(2), pointe (a) |
| Airteagal 4, pointe (1) | Airteagal 3, pointe (1) |
| Airteagal 4, pointe (2) | – |
| Airteagal 4, pointe (3) | Airteagal 3, pointe (3) |
| Airteagal 4, pointe (4) | Airteagal 3, pointe (2) |
| Airteagal 4, pointe (5) | Iarscríbhinn II |
| Airteagal 4, pointe (6) | – |
| Airteagal 4, pointe (7) | Airteagal 3, pointe (40) |
| Airteagal 4, pointe (8) | – |
| Airteagal 4, pointe (9) | Airteagal 3, pointe (4) |
| Airteagal 4, pointe (10) | Airteagal 3, pointe (39) |
| Airteagal 4, pointe (11) | – |
| Airteagal 4, pointe (12) | Airteagal 3, pointe (39) |
| Airteagal 4, pointe (13) | Airteagal 3, pointe (5) |
| Airteagal 4, pointe (14) | Airteagal 3, pointe (6) |
| Airteagal 4, pointe (15) | Airteagal 3, pointe (7) |

| Treoir 2005/64/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 4, pointe (16) | – |
| Airteagal 4, pointe (17) | – |
| Airteagal 4, pointe (18) | – |
| Airteagal 4, pointe (19) | – |
| Airteagal 4, pointe (20) | – |
| Airteagal 5(1) | – |
| Airteagal 5(2) | Airteagal 8(2) |
| Airteagal 5(3) | Airteagal 8(3) |
| Airteagal 5(4) | – |
| Airteagal 6(1) | – |
| Airteagal 6(2), an dara fomhír | Airteagail 5(4) agus 5(5) |
| Airteagal 6(3) | Airteagal 9 |
| Airteagal 6(4) | – |
| Airteagal 6(5) | – |
| Airteagal 6(6) | – |
| Airteagal 6(7) | – |
| Airteagal 6(8) | – |
| Airteagal 7, pointe (a) | Iarscríbhinn VIII, Cuid E |
| Airteagal 7, pointe (b) | Iarscríbhinn VIII, Cuid E |
| Airteagal 8 | – |
| Airteagal 9 | – |
| Airteagal 10(1) | – |
| Airteagal 10(2) | – |
| Airteagal 10(3) | – |
| Airteagal 10(3) | – |

| Treoir 2005/64/CE | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 10(4) | – |
| Airteagal 11(1) | – |
| Airteagal 11(2) | – |
| Airteagal 12 | – |
| Airteagal 13 | – |
| Iarscríbhinn I | Airteagal 4(1) |
| Iarscríbhinn II | – |
| Iarscríbhinn III | – |
| Iarscríbhinn VII | – |
| Iarscríbhinn V | Iarscríbhinn VIII, Cuid E |
| Iarscríbhinn VI | – |